2024/2847

20.11.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/2847 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Deireadh Fómhair 2024

maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an chibearshlándáil ar cheann de na príomhdhúshláin don Aontas. Tiocfaidh méadú as cuimse ar líon agus ar éagsúlacht na ngléasanna nasctha sna blianta amach romhainn. Is ábhar leasa phoiblí iad cibirionsaithe toisc go mbíonn tionchar criticiúil acu ní hamháin ar gheilleagar an Aontais, ach ar an daonlathas mar aon le sábháilteacht agus sláinte tomhaltóirí freisin. Is gá, dá bhrí sin, cur chuige an Aontais i ndáil le cibearshlándáil a neartú, aghaidh a thabhairt ar an gcibear-athléimneacht ar leibhéal an Aontais agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach a leagan síos le haghaidh ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha chun táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar mhargadh an Aontais. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar dhá mhórfhadhb a chuireann costais ar úsáideoirí agus ar an tsochaí: leibhéal íseal cibearshlándála táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, arna léiriú ag leochaileachtaí forleathana agus soláthar neamhleor agus neamhréireach nuashonruithe slándála chun aghaidh a thabhairt orthu, mar aon le tuiscint agus rochtain neamhleor ar fhaisnéis ag úsáideoirí, rud a chuireann cosc orthu táirgí a bhfuil airíonna cibearshlándála leormhaithe acu a roghnú nó iad a úsáid ar bhealach slán.

(2) Is é is aidhm don Rialachán seo na coinníollacha teorann a leagan síos maidir le táirgí slána ag a bhfuil eilimintí digiteacha a fhorbairt trína áirithiú go gcuirtear táirgí crua-earraí agus bogearraí ar an margadh ar lú iad na leochaileachtaí a bhíonn ag baint leo agus go dtugann monaróirí go dáiríre faoi chúrsaí slándála ar feadh saolré táirge. Tá sé mar aidhm aige freisin coinníollacha a chruthú a chuirfidh ar chumas úsáideoirí an chibearshlándáil a chur i gcuntas agus táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha á roghnú agus á n-úsáid acu, mar shampla, trí fheabhas a chur ar thrédhearcacht maidir leis an tréimhse thacaíochta do tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar fáil ar an margadh.

(3) Cuimsítear i ndlí ábhartha an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair roinnt tacair rialacha cothrománacha lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe áirithe a ghabhann leis an gcibearshlándáil ó thaobhanna éagsúla, lena n-áirítear bearta chun slándáil an tslabhra soláthair dhigitigh a fheabhsú. Mar sin féin, le dlí an Aontais atá ann cheana a bhaineann leis an gcibearshlándáil, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ní chumhdaítear go díreach ceanglais shainordaitheacha maidir le slándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

([1]) IO C 100, 16.3.2023, lch. 101.
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2024.
([3]) Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).
([4]) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80).

(4) Cé go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais atá ann cheana maidir le táirgí áirithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha, níl aon chreat rialála cothrománach de chuid an Aontais ann lena mbunaítear ceanglais chuimsitheacha chibearshlándála le haghaidh gach táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ní thugann na gníomhartha agus na tionscnaimh éagsúla a rinneadh go dtí seo ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta ach aghaidh i bpáirt ar na fadhbanna agus na rioscaí cibearshlándála a sainaithníodh, rud a chruthaíonn meascán reachtach laistigh den mhargadh inmheánach, a mhéadaíonn éiginnteacht dhlíthiúil do mhonaróirí agus d'úsáideoirí na dtáirgí sin agus a chuireann ualach neamhriachtanach ar ghnóthaí agus eagraíochtaí roinnt ceanglas agus oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le cineálacha comhchosúla táirgí. Tá gné thrasteorann an-láidir ag baint le cibearshlándáil na dtáirgí sin, ós rud é gur minic táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mhonaraítear i mBallstát amháin nó i dtríú tír amháin a bheith in úsáid ag eagraíochtaí agus tomhaltóirí ar fud an mhargaidh inmheánaigh ar fad. Fágann sin gur gá an réimse a rialáil ar leibhéal an Aontais chun creat rialála comhchuibhithe agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'úsáideoirí, d'eagraíochtaí agus do ghnóthaí, lena n-áirítear micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún ([5]). Ba cheart creat rialála an Aontais a chomhchuibhiú trí cheanglais chothrománacha chibearshlándála a thabhairt isteach le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ina theannta sin, ba cheart deimhneacht dhlíthiúil d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'úsáideoirí, chomh maith le comhchuibhiú níos fearr ar an margadh inmheánach agus comhréireacht do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, rud a chruthódh dálaí níos inmharthana d'oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil sé d'aidhm acu dul isteach i margadh an Aontais, a áirithiú ar fud an Aontais.

(5) Maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, nuair a bhíonn catagóir fiontair á cinneadh, ba cheart forálacha na hIarscríbhinne a ghabhann le Moladh 2003/361/CE a chur i bhfeidhm ina n-iomláine. Dá bhrí sin, agus líon na mball foirne agus uasteorainneacha airgeadais á ríomh lena gcinntear na catagóirí fiontair, ba cheart forálacha Airteagal 6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE maidir le sonraí fiontair a bhunú i bhfianaise cineálacha sonracha fiontar, amhail fiontair chomhpháirtíochta nó fiontair nasctha, a chur i bhfeidhm freisin.

(6) Ba cheart don Choimisiún treoraíocht a sholáthar chun cúnamh a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Ba cheart a chumhdach leis an treoraíocht sin, *inter alia*, raon feidhme an Rialacháin seo, go háirithe cianphróiseáil sonraí agus na himpleachtaí a bhaineann léi d'fhorbróirí saor-bhogearraí foinse oscailte, cur i bhfeidhm na gcritéar a úsáidtear chun tréimhsí tacaíochta a chinneadh do tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, an t-idirghníomhú idir an Rialachán seo agus dlí eile de chuid an Aontais agus an coincheap maidir le modhnú substaintiúil.

(7) Ar leibhéal an Aontais, maidir le doiciméid chláir agus pholaitiúla éagsúla, amhail an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 16 Nollaig 2020, dar teideal '*The EU's Cybersecurity Strategy for the Digital Decade*' [Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh le haghaidh na Deacáide Digití], sna Conclúidí ón gComhairle an 2 Nollaig 2020 maidir le cibearshlándáil gléasanna nasctha agus an 23 Bealtaine 2022 maidir le cibirsheasamh an Aontais Eorpaigh a fhorbairt agus sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Meitheamh 2021 maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais le haghaidh na Deacáide Digití ([6]), iarradh ceanglais shonracha chibearshlándála de chuid an Aontais le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó táirgí lena mbaineann, agus rinne roinnt tríú tíortha bearta chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin a thabhairt isteach ar a dtionscnamh féin. Sa tuarascáil deiridh ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, d'iarr na saoránaigh go mbeadh 'ról níos láidre ag an Aontas maidir le bagairtí cibearshlándála a chomhrac'. Chun go mbeidh ról ceannasach idirnáisiúnta ag an Aontas i réimse na cibearshlándála, tá sé tábhachtach creat rialála uaillmhianach a bhunú.

(8) Chun méadú a dhéanamh ar leibhéal foriomlán cibearshlándála na dtáirgí uile ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a chuirtear ar an margadh inmheánach, is gá ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha atá dírithe ar chuspóirí agus atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de a thabhairt isteach le haghaidh na dtáirgí sin, ar ceanglais iad a mbeidh feidhm chothrománach leo.

(9) Faoi dhálaí áirithe, is féidir gach táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá comhtháite i gcóras faisnéise leictreonach níos mó, nó atá nasctha leis, a bheith ina veicteoir ionsaithe do ghníomhaithe mailíseacha. Dá bhrí sin, is féidir fiú le crua-earraí agus bogearraí nach measfaí iad a bheith chomh criticiúil céanna a bheith ina slí éascaithe don sárú tosaigh ar ghléas nó ar líonra trína gcuirfí ar chumas gníomhaithe mailíseacha rochtain faoi phribhléid a fháil ar chóras nó bogadh go cliathánach ar fud na gcóras. Dá bhrí sin, ba cheart do mhonaróirí a áirithiú go ndéanfar gach táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhearadh agus a fhorbairt i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Baineann an oibleagáid sin le táirgí is féidir a nascadh go fisiceach trí chomhéadain crua-earraí agus le táirgí atá nasctha go loighciúil, amhail trí shoicéid líonra, píopaí, comhaid, comhéadain ríomhchláraithe feidhmchláir nó aon chineál eile comhéadain bogearraí. Ós rud é gur féidir cibearbhagairtí a fhorleathadh trí tháirgí éagsúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha sula mbaintear sprioc áirithe amach, mar shampla tríd an iliomad dúshaothar leochaileachta a shlabhrú le chéile, ba cheart do mhonaróirí cibearshlándáil na dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha nach bhfuil nasctha ach go hindíreach le gairis nó líonraí eile a áirithiú freisin.

([5]) Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

([6]) IO C 67, 8.2.2022, lch. 81.

(10) Trí cheanglais chibearshlándála a leagan síos maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh, tá sé beartaithe go gcuirfear feabhas ar chibearshlándáil na dtáirgí sin ar mhaithe le tomhaltóirí agus gnóthaí araon. Áiritheofar leis na ceanglais sin freisin go gcuirfear an chibearshlándáil i gcuntas ar fud na slabhraí soláthair, rud a fhágfaidh go mbeidh táirgí deiridh ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a gcomhpháirteanna níos sláine. Áirítear leis sin freisin ceanglais maidir le táirgí tomhaltais ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá beartaithe do thomhaltóirí leochaileacha, amhail bréagáin agus córais faireacháin leanaí, a chur ar an margadh. Táirgí tomhaltais ag a bhfuil eilimintí digiteacha a aicmítear sa Rialachán seo mar tháirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha, tá riosca cibearshlándála níos airde ag baint leo trí fheidhm a dhéanamh a bhfuil riosca suntasach éifeachtaí díobhálacha ag baint léi ó thaobh a déine agus a cumais damáiste a dhéanamh do shláinte, do shlándáil nó do shábháilteacht úsáideoirí na dtáirgí sin, agus ba cheart nós imeachta um measúnú comhréireachta níos déine a bheith i gceist leo. Tá feidhm aige sin maidir le táirgí amhail táirgí baile cliste ag a bhfuil feidhmiúlachtaí slándála, lena n-áirítear glais chliste dorais, córais faireacháin leanaí agus córais aláraim, bréagáin nasctha agus teicneolaíocht inchaite sláinte pearsanta. Thairis sin, leis na nósanna imeachta níos déine um measúnú comhréireachta lena gceanglaítear ar tháirgí eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha a aicmítear sa Rialachán seo mar tháirgí tábhachtacha nó criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bheith faoina réir, cuirfear cosc ar thionchair dhiúltacha fhéideartha ar thomhaltóirí maidir le teacht i dtír ar leochaileachtaí.

(11) Is é is cuspóir don Rialachán seo ardleibhéal cibearshlándála a áirithiú do tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus dá réitigh cianphróiseála sonraí chomhtháite. Ba cheart na réitigh cianphróiseála sonraí sin a shainiú mar phróiseáil sonraí go cianda ar lena haghaidh a dhéanann an monaróir na bogearraí a dhearadh agus a fhorbairt nó ar lena haghaidh a dhéantar iad a dhearadh agus a fhorbairt thar ceann mhonaróir an táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha, i gcás ina gcuirfeadh easpa na próiseála sonraí sin cosc ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh. Áirithítear leis an gcur chuige sin go mbeidh na táirgí sin daingnithe go leormhaith ina n-iomláine ag a monaróirí, is cuma cé acu a dhéantar sonraí a phróiseáil nó a stóráil go háitiúil ar ghaireas an úsáideora nó go cianda ag an monaróir. An tráth céanna, ní thagann próiseáil nó stóráil go cianda faoi raon feidhme an Rialacháin seo ach amháin a mhéid is gá do tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Áirítear le próiseáil nó stóráil den sórt sin go cianda an cás ina n-éilíonn feidhmchlár móibíleach rochtain ar chomhéadan feidhmchláir nó ar bhunachar sonraí a chuirtear ar fáil trí sheirbhís arna forbairt ag an monaróir. Sa chás sin, tagann an tseirbhís faoi raon feidhme an Rialacháin seo mar réiteach cianphróiseála sonraí. Dá bhrí sin, níl bearta teicniúla, oibríochtúla ná eagraíochtúla i gceist leis na ceanglais maidir leis na réitigh cianphróiseála sonraí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo arb é is aidhm dóibh na rioscaí do shlándáil córas líonraí agus faisnéise monaróra ina n-iomláine a bhainistiú.

(12) Ní réitigh cianphróiseála sonraí iad réitigh néalríomhaireachta de réir bhrí an Rialacháin seo ach amháin má chomhlíonann siad an sainmhíniú a leagtar síos sa Rialachán seo. Mar shampla, tagann feidhmiúlachtaí néalchumasaithe arna soláthar ag monaróir gléasanna baile cliste a chuireann ar chumas úsáideoirí an gléas a rialú i gcéin faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Ar an taobh eile, maidir le suíomhanna gréasáin nach dtacaíonn le feidhmiúlacht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, nó néalseirbhísí a dheartar agus a fhorbraítear lasmuigh de fhreagracht monaróra táirge ag a bhfuil a bhfuil eilimintí digiteacha, ní thagann siad faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Tá feidhm ag Treoir (AE) 2022/2555 maidir le seirbhísí néalríomhaireachta agus samhlacha néalseirbhíse, amhail Bogearraí mar Sheirbhís (SaaS), Ardán mar Sheirbhís (PaaS) nó Bonneagar mar Sheirbhís (IaaS). Maidir leis na heintitis a sholáthraíonn seirbhísí néalríomhaireachta san Aontas agus a cháilíonn mar fhiontair mheánmhéide faoi Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE, nó a sháraíonn na huasteorainneacha d'fhiontair mheánmhéide dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal sin, tagann siad faoi raon feidhme na Treorach sin.

(13) I gcomhréir le cuspóir an Rialacháin seo maidir le deireadh a chur le bacainní ar shaorghluaiseacht táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, níor cheart do na Ballstáit, i gcás na n-ábhar a chumhdaítear leis an Rialachán seo, bac a chur ar tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chomhlíonann an Rialachán seo a chur ar fáil ar an margadh. Dá bhrí sin, maidir le hábhair a chomhchuibhítear leis an Rialachán seo, ní féidir leis na Ballstáit ceanglais bhreise chibearshlándála a fhorchur chun táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar fáil ar an margadh. Is féidir le haon eintiteas, poiblí nó príobháideach, áfach, ceanglais a leagan síos sa bhreis orthu sin a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a sholáthar nó a úsáid chun a chríoch sonrach, agus is féidir leis a roghnú, dá bhrí sin, úsáid a bhaint as táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chomhlíonann ceanglais chibearshlándála níos déine nó níos sonraí ná na cinn is infheidhme maidir le cur ar fáil ar an margadh faoin Rialachán seo. Gan dochar do Threoracha 2014/24/AE ([7]) agus 2014/25/AE ([8]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha á soláthar acu, ar táirgí iad nach mór dóibh na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais sin

([7]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

([8]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

a bhaineann le láimhseáil leochaileachtaí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear na ceanglais sin i gcuntas sa phróiseas soláthair agus go gcuirfear san áireamh freisin cumas na monaróirí bearta cibearshlándála a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus cibearbhagairtí a bhainistiú. Thairis sin, le Treoir (AE) 2022/2555 leagtar amach bearta bainistithe riosca maidir leis an gcibearshlándáil le haghaidh eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha dá dtagraítear in Airteagal 3 den Treoir sin a bhféadfadh bearta slándála sa slabhra soláthair a bheith i gceist leo lena gceanglaítear ar na heintitis sin táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a úsáid lena gcomhlíontar ceanglais chibearshlándála níos déine ná na cinn a leagtar síos sa Rialachán seo. I gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2555 agus i gcomhréir lena prionsabal comhchuibhithe íosta, is féidir leis na Ballstáit, dá bhrí sin, ceanglais bhreise chibearshlándála a fhorchur maidir le húsáid táirgí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) ag eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha de bhun na Treorach sin chun leibhéal níos airde cibearshlándála a áirithiú, ar choinníoll go bhfuil na ceanglais sin comhsheasmhach le hoibleagáidí na mBallstát a leagtar síos i ndlí an Aontais. Féadfar a bheith san áireamh sna hábhair nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo tosca neamhtheicniúla a bhaineann le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus le monaróirí na dtáirgí sin. Dá bhrí sin, is féidir leis na Ballstáit bearta náisiúnta a leagan síos, lena n-áirítear srianta ar tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó ar sholáthróirí na dtáirgí sin a chuireann tosca neamhtheicniúla i gcuntas. Ceanglaítear ar bhearta náisiúnta a bhaineann leis na tosca sin dlí an Aontais a chomhlíonadh.

(14) Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do fhreagracht na mBallstát maidir leis an tslándáil náisiúnta a choimirciú, i gcomhréir le dlí an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a sholáthraítear nó a úsáidtear chun críoch slándála nó cosanta náisiúnta a chur faoi réir bearta breise, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin comhsheasmhach le hoibleagáidí na mBallstát a leagtar síos i ndlí an Aontais.

(15) Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le hoibreoirí eacnamaíocha ach amháin i ndáil le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar fáil ar an margadh, agus a sholáthraítear, dá bhrí sin, lena ndáileadh nó lena n-úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála. D'fhéadfadh soláthar le linn gníomhaíocht tráchtála a bheith ina shaintréith ní hamháin trí phraghas a ghearradh ar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ach freisin trí phraghas a ghearradh ar sheirbhísí tacaíochta teicniúla i gcás nach bhfónann sé sin ach do chostais iarbhír a aisghabháil, trína bheith de rún luach airgid a chur ar fáil, mar shampla trí ardán bogearraí a chur ar fáil trína gcuireann an monaróir luach airgid ar sheirbhísí eile, trína cheangal mar choinníoll úsáide sonraí pearsanta a phróiseáil ar chúiseanna seachas go heisiach chun slándáil, comhoiriúnacht nó idir-inoibritheacht na mbogearraí a fheabhsú, nó trí ghlacadh le síntiúis a sháraíonn na costais a bhaineann le dearadh, forbairt agus soláthar táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Níor cheart glacadh le síntiúis gan é a bheith ar intinn brabús a dhéanamh a mheas mar ghníomhaíocht tráchtála.

(16) Maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha arna soláthar mar chuid de sheachadadh seirbhíse a ngearrtar táille ina leith d'aon toisc chun na costais iarbhír a bhaineann go díreach le hoibriú na seirbhíse sin, amhail i gcás táirgí áirithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha arna soláthar ag eintitis riaracháin phoiblí, a aisghabháil, níor cheart iad a mheas ar na forais sin amháin mar ghníomhaíocht tráchtála chun críocha an Rialacháin seo. Thairis sin, maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a fhorbraíonn nó a mhodhnaíonn eintiteas riaracháin phoiblí go heisiach dá úsáid féin, níor cheart a mheas go bhfuil siad á gcur ar fáil ar an margadh de réir bhrí an Rialacháin seo.

(17) Maidir le bogearraí agus sonraí a chomhroinntear go hoscailte, agus i gcás ina bhfuil siad, nó leaganacha modhnaithe díobh, inrochtana, inúsáidte, inmhodhnaithe agus in-athdháilte gan bhac ag úsáideoirí, is féidir leo rannchuidiú le taighde agus nuálaíocht sa mhargadh. Chun forbairt agus cur in úsáid saor-bhogearraí foinse oscailte a chothú, go háirithe ag micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, daoine aonair, eagraíochtaí seachbhrabúsacha, agus eagraíochtaí taighde acadúla, ba cheart cineál na samhlacha forbartha éagsúla de bhogearraí a dháiltear agus a fhorbraítear faoi cheadúnais saor-bhogearraí foinse oscailte a chur i gcuntas agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte a sholáthraítear lena ndáileadh nó lena n-úsáid le linn gníomhaíocht tráchtála.

(18) Tuigtear saor-bhogearraí foinse oscailte mar bhogearraí a bhfuil a gcód foinseach comhroinnte go hoscailte agus a ndéanann ceadúnú na mbogearraí sin foráil maidir le gach ceart chun iad a dhéanamh inrochtana, inúsáidte, inathraithe agus in-athdháilte. Déantar saor-bhogearraí foinse oscailte a fhorbairt, a chothabháil agus a dháileadh go hoscailte, lena n-áirítear trí ardáin ar líne. Maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, níor cheart ach saor-bhogearraí foinse oscailte a chuirtear ar fáil ar an margadh, agus dá bhrí sin a sholáthraítear lena ndáileadh nó lena n-úsáid le linn gníomhaíocht tráchtála, a theacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Níor cheart, dá bhrí sin, ach na himthosca faoinar forbraíodh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, nó an chaoi ar maoiníodh an fhorbairt, agus iad sin amháin, a chur i gcuntas agus cineál tráchtála nó neamhthráchtála na gníomhaíochta sin á chinneadh. Go sonrach, chun críocha an Rialacháin seo agus i ndáil leis na hoibreoirí eacnamaíocha a thagann faoina raon feidhme, chun a áirithiú go ndéanfar idirdhealú soiléir idir céimeanna na forbartha agus an tsoláthair, níor cheart a mheas gur gníomhaíocht tráchtála é táirgí a sholáthar ag

a bhfuil eilimintí digiteacha a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte nach gcuireann a monaróirí luach airgid orthu. Thairis sin, níor cheart soláthar táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cháilíonn mar chomhpháirteanna saor-bhogearraí foinse oscailte atá beartaithe lena gcomhtháthú ag monaróirí eile ina dtáirgí féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mheas mar chomhpháirt a chuirtear ar fáil ar an margadh ach amháin má chuireann a monaróir bunaidh luach airgid ar an gcomhpháirt. Mar shampla, toisc go bhfaigheann táirge bogearraí foinse oscailte ag a bhfuil eilimintí digiteacha tacaíocht airgeadais ó mhonaróirí nó go rannchuidíonn monaróirí le forbairt an táirge sin, níor cheart a chinneadh ann féin gur de chineál tráchtála í an ghníomhaíocht. Ina theannta sin, agus gan i gceist ach eisiúintí tráthrialta níor cheart leis an méid sin amháin go dtiocfaí ar an tátal go soláthraítear táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha le linn gníomhaíocht tráchtála. Ar deireadh, chun críocha an Rialacháin seo, níor cheart forbairt táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte ag eagraíochtaí seachbhrabúsacha a mheas mar ghníomhaíocht tráchtála ar choinníoll go mbunaítear an eagraíocht ar bhealach lena n-áirithítear go n-úsáidfear an tuilleamh go léir tar éis na gcostas chun cuspóirí seachbhrabúsacha a bhaint amach. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a rannchuidíonn le cód foinseach le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte nach bhfuil faoina gcúram.

(19) Agus an tábhacht a bhaineann le go leor táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte a fhoilsítear ach nach gcuirtear ar fáil ar an margadh de réir bhrí an Rialacháin seo á cur i gcuntas, ba cheart daoine dlítheanacha a thugann tacaíocht ar bhonn leanúnach d'fhorbairt táirgí den sórt sin atá beartaithe le haghaidh gníomhaíochtaí tráchtála, agus a bhfuil príomhról acu maidir le hinmharthanacht na dtáirgí sin a áirithiú (maoir bogearraí foinse oscailte), a bheith faoi réir córas rialála tadhaill éadroim agus saincheaptha. Áirítear ar mhaoir bogearraí foinse oscailte fondúireachtaí áirithe chomh maith le heintitis a fhorbraíonn agus a fhoilsíonn saor-bhogearraí foinse oscailte i gcomhthéacs gnó, lena n-áirítear eintitis neamhbhrabúis. Ba cheart a chur i gcuntas sa chóras rialála a gcineál sonrach agus a gcomhoiriúnacht don chineál oibleagáidí a fhorchuirtear. Níor cheart a chumhdach leis ach táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte atá beartaithe ar deireadh le haghaidh gníomhaíochtaí tráchtála, amhail iad a chomhtháthú i seirbhísí tráchtála nó i dtáirgí a bhfuil luach airgid orthu ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Chun críocha an chórais rialála sin, áirítear le hintinn comhtháthú i dtáirgí a bhfuil luach airgid orthu agus ag a bhfuil eilimintí digiteacha cásanna ina rannchuidíonn monaróirí a chomhtháthaíonn comhpháirt ina dtáirgí féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha le forbairt na comhpháirte sin ar bhealach tráthrialta nó ina soláthraíonn siad cúnamh airgeadais tráthrialta chun leanúnachas táirge bogearraí a áirithiú. Áirítear le tacaíocht mharthanach a sholáthar d'fhorbairt táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ardáin chomhair um fhorbairt bogearraí a óstáil agus a bhainistiú, cód foinseach nó bogearraí a óstáil, rialú nó bainistiú táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte chomh maith le forbairt na dtáirgí sin a stiúradh, ach gan a bheith teoranta dóibh. Ós rud é nach gcuireann an córas rialála tadhaill éadroim agus saincheaptha píobán atá ag gníomhú mar mhaoir bogearraí foinse oscailte faoi réir na n-oibleagáidí céanna leo siúd atá ag gníomhú mar mhonaróirí faoin Rialachán seo, níor cheart a cheadú dóibh an mharcáil CE a ghreamú de na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dtacaíonn siad lena bhforbairt.

(20) Ní hionann an gníomh aonair a bhaineann le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a óstáil ar stórtha oscailte, lena n-áirítear trí bhainisteoirí pacáiste nó ar ardáin chomhair, agus táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar fáil ar an margadh. Níor cheart na soláthraithe seirbhísí sin a mheas mar dháileoirí ach amháin má chuireann siad na bogearraí sin ar fáil ar an margadh agus, dá bhrí sin, má sholáthraíonn siad iad lena ndáileadh nó lena n-úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála.

(21) Chun tacú le dícheall cuí monaróirí a dhéanann comhpháirteanna saor-bhogearraí foinse oscailte nach bhfuil faoi réir na gceanglas cibearshlándála fíor-riachtanach a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhtháthú ina dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus chun an méid sin a éascú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cláir dheonacha fianaithe slándála a bhunú, trí ghníomh tarmligthe lena bhforlíontar an Rialachán seo nó trí scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála a iarraidh de bhun Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2019/881 lena gcuirtear i gcuntas sainiúlachtaí na samhlacha forbartha saor-bhogearraí foinse oscailte. Ba cheart na cláir fianaithe slándála a cheapadh ar bhealach nach amháin gur féidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a fhorbraíonn táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte nó a rannchuidíonn lena fhorbairt fianú slándála a thionscnamh nó a mhaoiniú ach freisin tríú páirtithe, amhail monaróirí a chomhtháthaíonn na táirgí sin ina dtáirgí féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha, úsáideoirí, nó riaracháin phoiblí an Aontais agus náisiúnta.

(22) I bhfianaise chuspóirí cibearshlándála poiblí an Rialacháin seo agus chun feabhas a chur ar fheasacht staide na mBallstát maidir le spleáchas an Aontais ar chomhpháirteanna bogearraí agus go háirithe ar chomhpháirteanna bogearraí a d'fhéadfadh a bheith ina saor-bhogearraí foinse oscailte, ba cheart grúpa tiomnaithe um chomhar riaracháin (ADCO) arna bhunú leis an Rialachán seo a bheith in ann a chinneadh measúnú spleáchais an Aontais a dhéanamh go comhpháirteach. Ba cheart do na húdaráis um fhaireachas margaidh a bheith in ann a iarraidh ar mhonaróirí catagóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha arna mbunú ag ADCO liostaí ábhar bogearraí (SBOManna) atá ginte acu de bhun an Rialacháin seo a thíolacadh. Chun rúndacht SBOManna a chosaint, ba cheart do na húdaráis um fhaireachas margaidh faisnéis ábhartha faoi spleáchais a chur faoi bhráid ADCO ar bhealach anaithnidithe comhiomlánaithe.

(23) Beidh éifeachtacht chur chun feidhme an Rialacháin seo ag brath freisin ar scileanna cibearshlándála leormhaithe a bheith ar fáil. Ar leibhéal an Aontais, aithníodh sna doiciméid chláir agus pholaitiúla éagsúla, lena n-áirítear teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2023 maidir leis an mbearna tallainne cibearshlándála a dhúnadh chun borradh a chur faoi iomaíochas, fás agus athléimneacht an Aontais agus i gConclúidí ón gComhairle an 22 Bealtaine 2023 i ndáil le Beartas Cibearchosanta an Aontais, an bhearna scileanna cibearshlándála san Aontas agus an gá atá le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin mar ábhar tosaíochta, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. D'fhonn cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil acmhainní leormhaithe ar fáil d'fhoireann iomchuí na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta chun a gcúraimí mar a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Leis na bearta sin, ba cheart feabhas a chur ar shoghluaisteacht lucht saothair i réimse na cibearshlándála agus ar a gconairí gairme gaolmhara. Ba cheart dóibh rannchuidiú freisin le lucht saothair na cibearshlándála a dhéanamh níos athléimní agus níos cuimsithí, ó thaobh inscne de. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfaidh gairmithe atá oilte go leormhaith na cúraimí sin, ar gairmithe iad a bhfuil na scileanna cibearshlándála is gá acu. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do mhonaróirí a áirithiú go bhfuil na scileanna is gá ag a bhfoireann chun a n-oibleagáidí mar a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún, i gcomhréir lena sainchumais agus lena n-inniúlachtaí agus leis na cúraimí sonracha a thugtar dóibh leis an Rialachán seo, bearta a dhéanamh chun tacú le monaróirí agus go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, i réimsí amhail forbairt scileanna freisin, ar mhaithe lena n-oibleagáidí mar a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Thairis sin, ós rud é go gceanglaítear le Treoir (AE) 2022/2555 ar na Ballstáit beartais a ghlacadh chun oiliúint maidir leis an gcibearshlándáil agus scileanna cibearshlándála a chur chun cinn agus a fhorbairt mar chuid dá straitéisí náisiúnta cibearshlándála, féadfaidh na Ballstáit a mheas freisin, agus na straitéisí sin á nglacadh acu, aghaidh a thabhairt nó gan aghaidh a thabhairt ar na riachtanais scileanna cibearshlándála a eascraíonn as an Rialachán seo, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hathsciliú agus uas-sciliú.

(24) Tá idirlíon slán fíor-riachtanach d'fheidhmiú na mbonneagar criticiúil agus don tsochaí ina hiomláine. Treoir (AE) 2022/2555, tá sé d'aidhm aige ardleibhéal cibearshlándála a áirithiú maidir le seirbhísí arna soláthar ag eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha dá dtagraítear in Airteagal 3 den Treoir sin, lena n-áirítear soláthraithe bonneagair dhigitigh a thacaíonn le croífheidhmeanna an idirlín oscailte, lena n-áirithítear rochtain ar an idirlíon agus seirbhísí idirlín a sholáthar. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go bhforbraítear na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá riachtanach do sholáthraithe bonneagair dhigitigh chun feidhmiú an idirlín a áirithiú, go bhforbraítear iad ar dhóigh shlán agus go gcomhlíonann siad caighdeáin sheanbhunaithe slándála idirlín. Is é is aidhm don Rialachán seo, a bhfuil feidhm aige maidir le gach táirge crua-earraí agus bogearraí in-nasctha, éascú a dhéanamh ar sholáthraithe bonneagair dhigitigh na ceanglais maidir leis an slabhra soláthair faoi Threoir (AE) 2022/2555 a chomhlíonadh trína áirithiú go ndéantar na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a úsáideann siad chun a seirbhísí a sholáthar, go ndéantar iad a fhorbairt ar bhealach slán agus go mbíonn rochtain acu ar nuashonruithe tráthúla slándála do na táirgí sin.

(25) Le Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), leagtar rialacha síos maidir le feistí leighis, agus le Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), leagtar síos rialacha maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*. Tugtar aghaidh leis na Rialacháin sin ar rioscaí cibearshlándála agus leantar leo cineálacha cur chuige ar leith ar a dtugtar aghaidh freisin sa Rialachán seo. Go sonrach, leagtar síos i Rialacháin (AE) 2017/745 agus (AE) 2017/746 ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le feistí leighis a fheidhmíonn trí chóras leictreonach nó ar bogearraí iad féin. Cumhdaítear bogearraí áirithe neamhleabaithe agus an cur chuige saolré iomláine leis na Rialacháin sin freisin. Leis na ceanglais sin, tugtar sainordú do mhonaróirí a dtáirgí a fhorbairt agus a thógáil trí phrionsabail bainistithe riosca a chur i bhfeidhm agus trí cheanglais a leagan amach maidir le bearta slándála TF, chomh maith le nósanna imeachta comhfhreagracha um measúnú comhréireachta. Thairis sin, tá treoraíocht shonrach maidir leis an gcibearshlándáil le haghaidh feistí leighis i bhfeidhm ó bhí mí na Nollag 2019 ann, agus tugtar treoraíocht léi do mhonaróirí feistí leighis, lena n-áirítear feistí diagnóiseacha *in vitro*, maidir le conas na ceanglais fhíor-riachtanacha ábhartha uile a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacháin sin maidir leis an gcibearshlándáil a chomhlíonadh. Níor cheart, dá bhrí sin, táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, a bhfuil feidhm ag ceachtar de na Rialacháin sin maidir leo, a bheith faoi réir an Rialacháin seo.

(26) Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a fhorbraítear nó a mhodhnaítear go heisiach chun críoch slándála nó cosanta náisiúnta nó táirgí atá ceaptha go sonrach chun faisnéis rúnaicmithe a phróiseáil, ní thagann siad faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Moltar do na Ballstáit an leibhéal céanna cosanta nó leibhéal níos airde cosanta a áirithiú do na táirgí sin agus dóibh siúd a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

([9]) Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

([10]) Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

(27) Le Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), bunaítear ceanglais maidir le cineálcheadú feithiclí, a gcórais agus a gcomhpháirteanna, lena dtugtar isteach ceanglais cibearshlándála áirithe, lena n-áirítear ceanglais maidir le córas bainistithe cibearshlándála deimhnithe a oibriú, le nuashonruithe bogearraí, lena gcumhdaítear beartais agus próisis eagraíochtaí le haghaidh rioscaí cibearshlándála a bhaineann le saolré iomlán feithiclí, trealaimh agus seirbhísí i gcomhréir le rialacháin infheidhme na Náisiún Aontaithe maidir le sonraíochtaí teicniúla agus cibearshlándáil, go háirithe '*UN Regulation No 155 – Uniform provisions concerning the approval of motor vehicles with regards to cybersecurity and cybersecurity management system* ([12]) [Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú mótarfheithiclí i ndáil leis an gcibearshlándáil agus le córas um bainistiú cibearshlándála] agus lena bhforáiltear do nósanna imeachta sonracha um measúnú comhréireachta. I réimse na heitlíochta, is éard is príomhchuspóir do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) ardleibhéal aonfhoirmeach sábháilteachta eitlíochta sibhialta a bhunú agus a choinneáil ar bun san Aontas. Cruthaítear leis creat le haghaidh ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le haeracmhainneacht le haghaidh táirgí, páirteanna agus trealamh aerloingseoireachta, lena n-áirítear bogearraí lena gcuirtear san áireamh oibleagáidí chun cosaint a dhéanamh ar bhagairtí slándála faisnéise. Áirithítear leis an bpróiseas deimhniúcháin faoi Rialachán (AE) 2018/1139 an leibhéal dearbhúcháin is aidhm don Rialachán seo. Dá bhrí sin, táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2019/2144 maidir leo agus na táirgí sin atá deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1139, níor cheart dóibh a bheith faoi réir na gceanglas cibearshlándála fíor-riachtanach agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a leagtar amach sa Rialachán seo.

(28) Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha cothrománacha cibearshlándála nach mbaineann go sonrach le hearnálacha ná le táirgí áirithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Mar sin féin, d'fhéadfaí rialacha earnála nó rialacha táirgeshonracha de chuid an Aontais a thabhairt isteach, lena leagtar síos ceanglais trína dtugtar aghaidh ar na rioscaí uile nó ar chuid de na rioscaí a chumhdaítear leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo. I gcásanna den sórt sin, maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo i leith táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a chumhdaítear faoi rialacha eile de chuid an Aontais lena leagtar síos ceanglais trína dtugtar aghaidh ar na rioscaí uile nó ar chuid de na rioscaí a chumhdaítear leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo, féadfar an cur i bhfeidhm sin a theorannú nó a eisiamh i gcás ina bhfuil teorannú nó eisiamh den sórt sin comhsheasmhach leis an gcreat rialála foriomlán a bhfuil feidhm aige maidir leis na táirgí sin agus i gcás ina mbaineann na rialacha earnála amach an leibhéal céanna cosanta ar a laghad leis an leibhéal dá bhforáiltear leis an Rialachán seo. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na táirgí agus na rialacha sin a shainaithint. Maidir le dlí an Aontais atá ann cheana ar ina leith ba cheart feidhm a bheith ag teorainneacha nó eisiaimh den sórt sin, tá forálacha sonracha sa Rialachán seo chun a ghaol leis an dlí sin de chuid an Aontais a shoiléiriú.

(29) Chun a áirithiú gur féidir táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar fáil ar an margadh a dheisiú go héifeachtach agus fad a chur lena marthanacht, ba cheart díolúine a chur ar fáil maidir le páirteanna spártha. Ba cheart a chumhdach leis an díolúine sin páirteanna spártha a bhfuil sé de chuspóir acu go ndeiseofaí táirgí leagáide a cuireadh ar fáil roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus páirteanna spártha a ndearnadh nós imeachta um measúnú comhréireachta orthu cheana de bhun an Rialacháin seo.

(30) Sonraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/30 ón gCoimisiún ([14]) go bhfuil feidhm maidir le trealamh raidió áirithe ag roinnt ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Airteagal 3(3), pointí (d), (e) agus (f), de Threoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]), a bhaineann le díobháil don líonra agus mí-úsáid acmhainní líonra, sonraí pearsanta agus príobháideachais, agus calaois. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 5637 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2022 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus chuig an gCoiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil, leagtar síos ceanglais chun caighdeáin shonracha a fhorbairt ina sonraítear a thuilleadh an chaoi ar cheart aghaidh a thabhairt ar na ceanglais fhíor-riachtanacha sin. Áirítear ar na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo gnéithe uile na gceanglas fíor-riachtanach dá dtagraítear in Airteagal 3(3), pointí (d), (e) agus (f), de Threoir 2014/53/AE. Thairis sin,

([11]) Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóithre, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).

([12]) IO L 82, 9.3.2021, lch. 30

([13]) Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

([14]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/30 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na mbuncheanglas dá dtagraítear in Airteagal 3(3), pointí (d), (e) agus (f), den Treoir sin (IO L 7, 12.1.2022, lch. 6).

([15]) Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

déantar na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo a ailíniú le cuspóirí na gceanglas maidir le caighdeáin shonracha a áirítear san iarraidh sin ar chaighdeánú. Dá bhrí sin, nuair a dhéanann an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/30 a aisghairm nó a leasú, a fhágann go scoireann sé d'fheidhm a bheith aige maidir le táirgí áirithe atá faoi réir an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún agus do na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú an obair chun críoch caighdeánaithe a rinneadh i gcomhthéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 5637 a chur i gcuntas agus caighdeáin chomhchuibhithe á n-ullmhú agus á bhforbairt acu chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú. Le linn na hidirthréimhse chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún treoraíocht a thabhairt do mhonaróirí atá faoi réir an Rialacháin seo agus atá faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/30 freisin chun comhlíonadh an dá Rialachán a éascú.

(31) Tá Treoir (AE) 2024/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]) comhlántach leis an Rialachán seo. Leagtar amach sa Treoir sin rialacha dliteanais maidir le táirgí lochtacha ionas gur féidir le daoine díobhálaithe cúiteamh a éileamh i gcás ina ndearnadh damáiste de dheasca táirgí lochtacha. Bunaítear leis an bprionsabal go bhfuil monaróir táirge faoi dhliteanas i leith damáistí a eascraíonn as easpa sábháilteachta ina dtáirge gan beann ar locht (diandliteanas). I gcás ina bhfuil easpa nuashonruithe slándála i gceist leis an easpa sábháilteachta sin tar éis an táirge a chur ar an margadh, agus ina ndéanann sé sin damáiste, d'fhéadfaí dliteanas an mhonaróra a ghníomhachtú. Ba cheart oibleagáidí do mhonaróirí a bhaineann le soláthar nuashonruithe slándála den sórt sin a leagan síos sa Rialachán seo.

(32) Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]), agus gan dochar d'fhorálacha a bhaineann le sásraí deimhniúcháin um chosaint sonraí agus séalaí agus marcanna cosanta sonraí a bhunú, chun a léiriú go gcomhlíonann oibríochtaí próiseála a dhéanann rialaitheoirí agus próiseálaithe an Rialachán sin. D'fhéadfaí oibríochtaí den sórt sin a leabú i dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Is príomhghnéithe de Rialachán (AE) 2016/679 iad cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú, agus an chibearshlándáil i gcoitinne. Trí thomhaltóirí agus eagraíochtaí a chosaint ar rioscaí cibearshlándála, rannchuideoidh na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar síos sa Rialachán seo le feabhas a chur ar chosaint sonraí pearsanta agus ar phríobháideachas daoine aonair. Ba cheart sineirgí maidir le caighdeánú agus deimhniú araon le haghaidh gnéithe cibearshlándála a mheas tríd an gcomhar idir an Coimisiún, na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí arna bhunú le Rialachán (AE) 2016/679, agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta um chosaint sonraí. Ba cheart sineirgí idir an Rialachán seo agus dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí a chruthú freisin i réimse an fhaireachais margaidh agus an fhorfheidhmithe. Chuige sin, ba cheart do na húdaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh arna n-ainmniú faoin Rialachán seo oibriú i gcomhar leis na húdaráis a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí. Ba cheart rochtain a bheith ag na húdaráis maoirseachta sin ar fhaisnéis atá ábhartha chun a gcúraimí a chur i gcrích.

(33) A mhéid a thagann a dtáirgí faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart do sholáthraithe Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear in Airteagal 5a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]) na ceanglais fhíor-riachtanacha chibearshlándála chothrómánacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus na ceanglais slándála shonracha a leagtar amach in Airteagal 5a de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 araon a chomhlíonadh. Chun comhlíonadh a éascú, ba cheart do sholáthraithe tiachóige a bheith in ann a léiriú go gcomhlíonann Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, faoi seach, trína dtáirgí a dheimhniú faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála arna bunú faoi Rialachán (AE) 2019/881 agus a bhfuil toimhde comhréireachta leis an Rialachán seo sonraithe ag an gCoimisiún ina leith, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis an deimhniú, nó le codanna de.

(34) Agus comhpháirteanna a fuarthas ó thríú páirtithe á gcomhtháthú i dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha le linn chéim an deartha agus na forbartha, ba cheart do mhonaróirí, chun a áirithiú go ndéantar na táirgí a dhearadh, a fhorbairt agus a tháirgeadh i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo, dícheall cuí a fheidhmiú maidir leis na comhpháirteanna sin, lena n-áirítear comhpháirteanna

([16]) Treoir (AE) 2024/2853 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le dliteanas i leith táirgí lochtacha agus lena n-aisghairtear Treoir 85/374/CEE ón gComhairle (IO L, 2024/2853, 18.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2853/oj).

([17]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([18]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

saor-bhogearraí foinse oscailte nach bhfuil curtha ar fáil ar an margadh. Braitheann leibhéal iomchuí an díchill chuí ar chineál agus leibhéal an riosca cibearshlándála a bhaineann le comhpháirt ar leith, agus ba cheart, chun na críche sin, ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur i gcuntas: a fhíorú, de réir mar is infheidhme, gur léirigh monaróir comhpháirte go bhfuil sé i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n-áirítear trína sheiceáil an bhfuil an mharcáil CE ar an gcomhpháirt cheana; a fhíorú go bhfaighidh comhpháirt nuashonruithe slándála tráthrialta, amhail trína stair nuashonruithe slándála a sheiceáil; a fhíorú go bhfuil comhpháirt saor ó leochaileachtaí atá cláraithe sa bhunachar sonraí Eorpach maidir le leochaileachtaí arna bhunú de bhun Airteagal 12(2) de Threoir (AE) 2022/2555 nó i mbunachair sonraí eile leochaileachta a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu; nó tástálacha slándála breise a dhéanamh. Na hoibleagáidí láimhseála leochaileachtaí a leagtar amach sa Rialachán seo, arb oibleagáidí iad nach mór do mhonaróirí a chomhlíonadh agus iad ag cur táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh agus ar feadh na tréimhse tacaíochta, tá feidhm acu maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina n-iomláine, lena n-áirítear maidir leis na comhpháirteanna comhtháite uile. I gcás ina sainaithníonn monaróir an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus dícheall cuí á fheidhmiú aige, leochaileacht i gcomhpháirt, lena n-áirítear leochaileacht i saor-chomhpháirt foinse oscailte, ba cheart dó an duine nó an t-eintiteas a mhonaraíonn nó a chothabhálann an chomhpháirt a chur ar an eolas faoin gcomhpháirt, aghaidh a thabhairt ar an leochaileacht agus í a leigheas, agus, i gcás inarb infheidhme, an socrú slándála arna chur i bhfeidhm a sholáthar don duine nó don eintiteas.

(35) Díreach tar éis na hidirthréimhse chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé nach mbeadh monaróir táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena gcomhtháthaítear comhpháirt amháin nó roinnt comhpháirteanna a fhaightear ó thríú páirtithe atá faoi réir an Rialacháin seo freisin in ann a fhíorú, mar chuid dá oibleagáid díchill chuí, gur léirigh monaróirí na gcomhpháirteanna sin go bhfuil siad i gcomhréir leis an Rialachán seo trí sheiceáil a dhéanamh, mar shampla, an bhfuil an mharcáil CE ar na comhpháirteanna cheana. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás inar comhtháthaíodh na comhpháirteanna sula dtiocfaidh an Rialachán seo chun bheith infheidhme maidir le monaróirí na gcomhpháirteanna sin. Sa chás sin, ba cheart do mhonaróir a chomhtháthaíonn na comhpháirteanna sin dícheall cuí a fheidhmiú ar bhealaí eile.

(36) Ba cheart an mharcáil CE a bheith ar tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun a shonrú ar dhóigh shofheicthe, sholéite agus dhoscriosta go bhfuil siad i gcomhréir leis an Rialachán seo ionas gur féidir leo gluaiseacht gan bhac laistigh den mhargadh inmheánach. Níor cheart do na Ballstáit constaicí gan údar maith a chruthú maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus a bhfuil an mharcáil CE orthu a chur ar an margadh. Ina theannta sin, ag aontaí trádála, taispeántais agus léirithe nó ag imeachtaí comhchosúla, níor cheart do na Ballstáit cosc a chur ar chur i láthair ná ar úsáid táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nach gcomhlíonann an Rialachán seo, lena n-áirítear a fhréamhshamhlacha, ar choinníoll go gcuirtear an táirge i láthair le comhartha infheicthe a léiríonn go soiléir nach gcomhlíonann an táirge an Rialachán seo agus nach bhfuil sé le cur ar fáil ar an margadh go dtí go ndéanfaidh sé sin.

(37) Chun a áirithiú gur féidir le monaróirí bogearraí a scaoileadh chun críoch tástála sula gcuirfidh siad a gcuid táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi réir measúnú comhréireachta, níor cheart do na Ballstáit cosc a chur ar bhogearraí neamhchríochnaithe a chur ar fáil, amhail leaganacha alfa, béiteleaganacha nó iarrthóirí scaoilte, ar choinníoll nach gcuirfear na bogearraí neamhchríochnaithe ar fáil ach amháin ar feadh na tréimhse is gá chun iad a thástáil agus chun aiseolas a bhailiú. Ba cheart do mhonaróirí a áirithiú nach scaoilfear bogearraí arna gcur ar fáil faoi na coinníollacha sin ach amháin tar éis measúnú riosca a dhéanamh agus go gcomhlíonfaidh siad, a mhéid is féidir, na ceanglais slándála a bhaineann le hairíonna táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Ba cheart do mhonaróirí freisin na ceanglais láimhseála leochaileachtaí a chur chun feidhme a mhéid is féidir. Níor cheart do mhonaróirí iallach a chur ar úsáideoirí uasghrádú a dhéanamh ar leaganacha nach scaoiltear ach amháin chun críoch tástála.

(38) Chun a áirithiú nach gcruthaítear rioscaí cibearshlándála do dhaoine ná d'eagraíochtaí le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, nuair a chuirtear ar an margadh iad, ba cheart ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagan amach do na táirgí sin. Tá feidhm ag na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha sin, lena n-áirítear ceanglais láimhseála i dtaobh bainistiú leochaileachta, maidir le gach táirge aonair ag a bhfuil eilimintí digiteacha nuair a chuirtear ar an margadh é, gan beann ar cibé acu a mhonaraítear nó nach monaraítear an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar aonad aonair nó i sraith. Mar shampla, i gcás cineál táirge, ba cheart na paistí slándála uile nó na nuashonruithe uile atá ar fáil a bheith faighte ag gach táirge aonair ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna slándála ábhartha nuair a chuirtear ar an margadh é. I gcás ina ndéantar táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mhodhnú ina dhiaidh sin, ar mhodh fisiceach nó digiteach, ar bhealach nach mbíonn beartaithe ag an monaróir sa mheasúnú riosca tosaigh agus a d'fhéadfadh a thabhairt le tuiscint nach gcomhlíonann siad na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha ábhartha a thuilleadh, ba cheart a mheas gur modhnú substaintiúil é an modhnú. Mar shampla, d'fhéadfaí deisiúcháin a chomhshamhlú le hoibríochtaí cothabhála ar choinníoll nach modhnaítear leo táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh cheana sa chaoi go bhféadfaí difear a dhéanamh do chomhlíonadh na gceanglas is infheidhme, nó go bhféadfaí an chríoch a beartaíodh a ndearnadh measúnú ar an táirge ina leith a athrú.

(39) Mar is amhlaidh i gcás deisiúcháin nó modhnuithe fisiceacha, ba cheart a mheas go bhfuil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha modhnaithe go substaintiúil le hathrú bogearraí i gcás ina modhnaíonn an nuashonrú bogearraí an chríoch a beartaíodh don táirge sin agus nach raibh na hathruithe sin réamh-mheasta ag an monaróir sa mheasúnú riosca tosaigh, nó i gcás ina bhfuil athrú tagtha ar chineál na guaise nó i gcás ina bhfuil méadú tagtha ar an leibhéal

riosca cibearshlándála mar gheall ar an nuashonrú bogearraí, agus i gcás ina gcuirtear leagan nuashonraithe an táirge ar fáil ar an margadh. I gcás nach modhnaítear le nuashonrú slándála, atá ceaptha chun an leibhéal riosca cibearshlándála a bhaineann le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a laghdú, an chríoch a beartaíodh do tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ní mheastar gur modhnú substaintiúil é. Is iondúil go n-áirítear leis sin cásanna nach bhfuil i gceist le nuashonrú slándála ach mionchoigeartuithe ar an gcód foinseach. Mar shampla, d'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina dtugann nuashonrú slándála aghaidh ar leochaileacht aitheanta, lena n-áirítear trí fheidhmeanna nó feidhmíocht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mhodhnú chun an leibhéal riosca cibearshlándála a laghdú agus chun na críche sin amháin. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart mion-nuashonrú feidhmiúlachta, amhail feabhsú amhairc nó picteagraim nó teangacha nua a chur leis an gcomhéadan úsáideora, a mheas i gcoitinne mar mhodhnú substaintiúil. Os a choinne sin, i gcás ina modhnaíonn nuashonrú gné na feidhmeanna bunaidh a beartaíodh nó cineál nó feidhmíocht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus ina gcomhlíonann sé na critéir thuas, ba cheart a mheas gur modhnú substaintiúil é, ós rud é gur gnách go mbíonn raon ionsaithe níos leithne mar thoradh ar ghnéithe nua a chur isteach, rud a mhéadaíonn an riosca cibearshlándála. Mar shampla, d'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina gcuirtear eilimint ionchuir nua le feidhmchlár, lena gceanglófaí ar an monaróir bailíochtú ionchuir leormhaith a áirithiú. Agus measúnú á dhéanamh an meastar gur modhnú substaintiúil é nuashonrú gné, níl sé ábhartha an soláthraítear é mar nuashonrú ar leithligh nó i gcomhcheangal le nuashonrú slándála. Ba cheart don Choimisiún treoraíocht a eisiúint maidir le conas a chinneadh cad is modhnú substaintiúil ann.

(40) Agus cineál atriallach na forbartha bogearraí á chur i gcuntas, níor cheart do mhonaróirí a bhfuil leaganacha de tháirge bogearraí ina dhiaidh sin curtha ar an margadh acu mar thoradh ar mhodhnú substaintiúil ina dhiaidh sin ar an táirge sin a bheith in ann nuashonruithe slándála a sholáthar le haghaidh na tréimhse tacaíochta ach amháin don leagan den táirge bogearraí is deireanaí a chuir siad ar an margadh. Níor cheart dóibh a bheith in ann é sin a dhéanamh ach amháin más rud é go bhfuil rochtain ag úsáideoirí leaganacha ábhartha an táirge roimhe sin ar leagan an táirge go deireanach a cuireadh ar an margadh saor in aisce agus nach dtabhaíonn siad costais bhreise chun timpeallacht na gcrua-earraí nó na mbogearraí ina n-oibríonn siad an táirge a choigeartú. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás nach mbeidh crua-earraí nua ag teastáil chun uasghrádú a dhéanamh ar chóras oibriúcháin deisce, amhail láraonad próiseála níos tapúla nó níos mó cuimhne. Mar sin féin, ba cheart don mhonaróir leanúint de cheanglais eile maidir le láimhseáil leochaileachtaí a chomhlíonadh, ar feadh na tréimhse tacaíochta, amhail beartas maidir le nochtadh comhordaithe leochaileachtaí a bheith i bhfeidhm nó bearta a bheith i bhfeidhm chun comhroinnt faisnéise faoi leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a éascú i gcás gach leagain den táirge bogearraí atá modhnaithe go substaintiúil ina dhiaidh sin agus a chuirtear ar an margadh. Ba cheart monaróirí a bheith in ann mion-nuashonruithe slándála nó feidhmiúlachta a sholáthar nach modhnú substaintiúil iad don leagan nó don fholeagan is déanaí de tháirge bogearraí nár modhnaíodh go substaintiúil agus dóibh sin amháin. An tráth céanna, i gcás nach bhfuil táirge crua-earraí, amhail fón cliste, comhoiriúnach leis an leagan is déanaí den chóras oibriúcháin lenar seachadadh é ar dtús, ba cheart don mhonaróir leanúint de nuashonruithe slándála a sholáthar don leagan comhoiriúnach is déanaí den chóras oibriúcháin don tréimhse thacaíochta ar a laghad.

(41) I gcomhréir le coincheap comhbhunaithe an mhodhnaithe shubstaintiúil le haghaidh táirgí a rialaítear le reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú, i gcás ina dtarlaíonn modhnú substaintiúil a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíontacht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha leis an Rialachán seo nó i gcás ina n-athraítear an chríoch a beartaíodh don táirge sin, is iomchuí comhlíontacht an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a fhíorú agus, i gcás inarb infheidhme, go ndéantar measúnú comhréireachta nua air. I gcás inarb infheidhme, má dhéanann an monaróir measúnú comhréireachta a bhaineann le tríú páirtí, ba cheart fógra a thabhairt don tríú páirtí faoi athrú a bhféadfadh modhnú substaintiúil teacht as.

(42) I gcás ina bhfuil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi réir 'athchóiriú', 'cothabháil' agus 'deisiú', mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (18), (19) agus (20), de Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]), ní gá go n-eascródh modhnú substaintiúil ar an táirge sin, mar shampla, mura n-athraítear an chríoch a beartaíodh agus na feidhmiúlachtaí agus mura ndéantar difear don leibhéal riosca. Mar sin féin, d'fhéadfadh athruithe ar dhearadh agus ar fhorbairt táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bheith ann mar thoradh ar uasghrádú táirge ag an monaróir agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh don chríoch a beartaíodh agus comhlíontacht leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo.

(43) Ba cheart a mheas go bhfuil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha tábhachtach más féidir leis an tionchar diúltach a bheadh ag dúshaothrú na leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith sa táirge a bheith dian mar gheall, *inter alia*, ar an bhfeidhmiúlacht a bhaineann leis an gcibearshlándáil nó ar fheidhm lena mbaineann riosca suntasach go mbeidh éifeachtaí díobhálacha aici ó thaobh dhéine agus chumas na dtáirgí sin cur isteach ar líon mór táirgí eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha, rialú a dhéanamh ina leith nó damáiste a dhéanamh dóibh, nó mar gheall ar shláinte, slándáil nó sábháilteacht a n-úsáideoirí trí chúbláil dhíreach, amhail feidhm lárchórais, lena n-áirítear bainistiú líonra, rialú cumraíochta, fíorúlú nó próiseáil sonraí pearsanta. Go háirithe, leochaileachtaí i dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil feidhmiúlacht acu a bhaineann le cibearshlándáil, amhail bainisteoirí bútála, d'fhéadfadh iomadú ar shaincheisteanna slándála a bheith mar thoradh orthu ar fud an tslabhra soláthair. D'fhéadfadh méadú teacht ar

([19]) Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE) (IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj).

dhéine tionchair teagmhais freisin i gcás ina ndéanann an táirge feidhm lárchórais go príomha, lena n-áirítear bainistiú líonra, rialú cumraíochta, fíorúlú nó próiseáil sonraí pearsanta.

(44) Ba cheart catagóirí áirithe táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bheith faoi réir nósanna imeachta um measúnú comhréireachta níos déine, agus cur chuige comhréireach á choimeád acu. Chun na críche sin, ba cheart táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a roinnt ina dhá aicme, rud a léiríonn an leibhéal riosca cibearshlándála a bhaineann leis na catagóirí táirgí sin. D'fhéadfadh tionchair dhiúltacha níos mó a bheith mar thoradh ar theagmhas lena mbaineann táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi aicme II ná mar a bheadh ag teagmhas a bhaineann le táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi aicme I, mar shampla mar gheall ar chineál a bhfeidhme a bhaineann leis an gcibearshlándáil nó mar gheall ar fheidhmíocht feidhme eile a bhfuil riosca suntasach éifeachtaí díobhálacha ag baint léi. Mar léiriú ar na tionchair dhiúltacha níos mó sin, d'fhéadfadh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi aicme II feidhmiúlacht a bhaineann leis an gcibearshlándáil a dhéanamh nó feidhm eile a dhéanamh lena mbaineann riosca suntasach éifeachtaí díobhálacha atá níos airde ná na cinn a liostaítear in aicme I, nó a chomhlíonann an dá chritéar thuasluaite. Dá bhrí sin, ba cheart táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi aicme II a bheith faoi réir nós imeachta um measúnú comhréireachta níos déine.

(45) Ba cheart táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha dá dtagraítear sa Rialachán seo a thuiscint mar tháirgí ag a bhfuil croífheidhmiúlacht de chatagóir táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a leagtar amach sa Rialachán seo. Mar shampla, leagtar amach sa Rialachán seo catagóirí de tháirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a shainítear lena gcroífheidhmiúlacht mar bhallaí dóiteáin nó córais braite nó coiscthe ionraidh in aicme II. Mar thoradh air sin, tá ballaí dóiteáin agus córais braite nó coiscthe ionraidh faoi réir measúnú comhréireachta tríú páirtí éigeantach. Ní hamhlaidh atá i gcás táirgí eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha nach bhfuil catagóirithe mar tháirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a d'fhéadfadh ballaí dóiteáin nó córais braite nó coiscthe ionraidh a chomhtháthú. Ba cheart don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun an tuairisc theicniúil ar chatagóirí táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi aicmí I agus II mar a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú.

(46) Tá feidhmiúlacht a bhaineann leis an gcibearshlándáil ag catagóirí na dtáirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus comhlíonann siad feidhm a bhfuil riosca suntasach éifeachtaí díobhálacha ag baint léi ó thaobh a déine agus a cumais líon mór táirgí eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha a shuaitheadh, a rialú nó damáiste a dhéanamh dóibh trí chúbláil dhíreach. Thairis sin, meastar gur spleáchais chriticiúla iad na catagóirí táirgí sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha le haghaidh eintitis fhíor-riachtanacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2022/2555. Maidir leis na catagóirí táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, de bharr a gcriticiúlachta, baineann siad úsáid fhorleathan as cineálacha éagsúla deimhniúcháin cheana, agus cumhdaítear iad freisin leis an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna (SEDC) a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 ([20]). Dá bhrí sin, chun cosaint chibearshlándála leormhaith choiteann a áirithiú do tháirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha san Aontas, d'fhéadfadh sé a bheith leormhaith agus comhréireach go gcuirfí na catagóirí táirgí sin, trí bhíthin gníomh tarmligthe, faoi réir deimhniú Eorpach éigeantach cibearshlándála i gcás ina bhfuil scéim Eorpach ábhartha um dheimhniú cibearshlándála i bhfeidhm cheana agus ina bhfuil measúnú déanta ag an gCoimisiún ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an deimhniú éigeantach atá beartaithe ar an margadh. Ba cheart breithniú a dhéanamh sa mheasúnú sin ar thaobh an tsoláthair agus ar thaobh an éilimh araon, lena n-áirítear an bhfuil éileamh leordhóthanach ar na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena mbaineann ó na Ballstáit agus ó úsáideoirí araon chun deimhniú Eorpach cibearshlándála a éileamh, chomh maith leis na críocha a bhfuil sé beartaithe na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a úsáid, lena n-áirítear an spleáchas criticiúil orthu ag eintitis fhíor-riachtanacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2022/2555. Ba cheart anailís a dhéanamh sa mheasúnú freisin ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an deimhniú éigeantach ar infhaighteacht na dtáirgí sin ar an margadh inmheánach agus ar chumais agus ullmhacht na mBallstát chun na scéimeanna Eorpacha ábhartha um dheimhniú cibearshlándála a chur chun feidhme.

(47) Le gníomhartha tarmligthe lena gceanglaítear deimhniú Eorpach éigeantach cibearshlándála, ba cheart a chinneadh cé na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil croífheidhmiúlacht acu de chatagóir táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus atá le bheith faoi réir deimhniú éigeantach, chomh maith leis an leibhéal dearbhúcháin is gá, ar cheart dó a bheith 'substaintiúil' ar a laghad. Ba cheart an leibhéal dearbhúcháin is gá a bheith comhréireach leis an leibhéal riosca cibearshlándála a bhaineann leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Mar shampla, i gcás ina bhfuil croífheidhmiúlacht ag an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha

([20]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le glacadh na scéime Eorpaigh um dheimhniú cibearshlándála bunaithe ar Chritéir Choiteanna (SEDC) (IO L, 2024/482, 7.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/482/oj).

i gcatagóir táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus ina bhfuil sé beartaithe é a úsáid i dtimpeallacht íogair nó chriticiúil, amhail táirgí atá beartaithe le haghaidh úsáid eintiteas fíor-riachtanach dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2022/2555, féadfaidh sé go mbeidh an leibhéal dearbhúcháin is airde de dhíth air.

(48) Chun cosaint chibearshlándála leordhóthanach choiteann a áirithiú san Aontas do tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil croífheidhmiúlacht acu de chatagóir táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a leasú trí chatagóirí táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur leis nó a tharraingt siar, ar táirgí iad a bhféadfadh ceangal a bheith ar mhonaróirí deimhniú Eorpach cibearshlándála a fháil ina leith faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála de bhun Rialachán (AE) 2019/881 chun comhréireacht leis an Rialachán seo a léiriú. Is féidir catagóir nua táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur leis na catagóirí sin más rud é go bhfuil spleáchas criticiúil orthu ag eintitis fhíor-riachtanacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2022/2555 nó, má dhéanann teagmhais difear dóibh nó nuair a bhíonn leochaileachtaí dúshaothraithe iontu, d'fhéadfadh suaitheadh do shlabhraí soláthair criticiúla a bheith mar thoradh air sin. Agus measúnú á dhéanamh ar an ngá atá le catagóirí táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur leo nó a tharraingt siar trí bhíthin gníomh tarmligthe, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a chur i gcuntas ar shainaithin na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil ról criticiúil acu maidir le hathléimneacht eintiteas fíor-riachtanach dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2022/2555 agus a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar bhonn méadaitheach ar chibirionsaithe sa slabhra soláthair, a bhféadfadh éifeachtaí suaiteacha tromchúiseacha a bheith acu. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann toradh an mheasúnaithe chomhordaithe riosca slándála ar shlabhraí soláthair criticiúla ar leibhéal an Aontais a chur i gcuntas, measúnú a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2022/2555.

(49) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go rachfar i gcomhairle le raon leathan geallsealbhóirí ábhartha ar bhealach struchtúrtha agus tráthrialta agus bearta á n-ullmhú aige chun an Rialachán seo a chur chun feidhme. Ba cheart é sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás ina ndéanann an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le nuashonruithe féideartha ar liostaí na gcatagóirí de tháirgí tábhachtacha nó criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ar ina leith ba cheart dul i gcomhairle le monaróirí ábhartha agus a dtuairimí a chur san áireamh chun anailís a dhéanamh ar na rioscaí cibearshlándála agus ar chomhardú na gcostas agus na dtairbhí a bhaineann leis na catagóirí táirgí sin a ainmniú mar chatagóirí tábhachtacha nó criticiúla.

(50) Leis an Rialachán seo, tugtar aghaidh ar rioscaí cibearshlándála ar bhealach spriocdhírithe. D'fhéadfadh rioscaí sábháilteachta eile nach mbaineann i gcónaí leis an gcibearshlándáil ach a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar shárú slándála a bheith ag baint le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, áfach. Ba cheart leanúint de na rioscaí sin a rialáil le reachtaíocht ábhartha an Aontais um chomhchuibhiú seachas an Rialachán seo. Mura bhfuil aon reachtaíocht um chomhchuibhiú de chuid an Aontais seachas an Rialachán seo infheidhme, ba cheart iad a bheith faoi réir Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]).Dá bhrí sin, i bhfianaise chineál spriocdhírithe an Rialacháin seo, de mhaolú ar Airteagal 2(1), an tríú fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2023/988, ba cheart feidhm a bheith ag Caibidil III, Roinn 1, Caibidlí V agus VII, agus ag Caibidlí IX go XI de Rialachán (AE) 2023/988 maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha i ndáil le rioscaí sábháilteachta nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo, mura bhfuil na táirgí sin faoi réir ceanglais shonracha arna leagan síos i reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú seachas an Rialachán seo de réir bhrí Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) 2023/988.

(51) Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a aicmítear mar chórais intleachta saorga ardriosca de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]) a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart dóibh na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh. I gcás ina gcomhlíonann na córais intleachta saorga ardriosca sin na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart a mheas go gcomhlíonann siad na ceanglais chibearshlándála a leagtar amach in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1689 a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin le dearbhú comhréireachta AE arna eisiúint faoin Rialachán seo, nó le codanna de. Chun na críche sin, maidir leis an measúnú ar na rioscaí cibearshlándála a bhaineann le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a aicmítear mar chóras intleachta saorga ardriosca de bhun Rialachán (AE) 2024/1689, ar rioscaí iad atá le cur i gcuntas le linn chéimeanna pleanála, deartha, forbartha, táirgthe, seachadta agus cothabhála an táirge sin, mar a cheanglaítear faoin Rialachán seo, ba cheart a chur i gcuntas leis rioscaí do chibear-athléimneacht córais intleachta saorga a mhéid a bhaineann le hiarrachtaí tríú páirtithe neamhúdaraithe úsáid, iompraíocht nó feidhmíocht an chórais sin a athrú, lena n-áirítear

([21]) Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 87/357/CEE ón gComhairle (IO L 135, 23.5.2023, lch. 1).

([22]) Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO …, ELI: …) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

leochaileachtaí a bhaineann go sonrach leis an intleacht shaorga, amhail nimhiú sonraí nó ionsaithe sáraíochta, agus, de réir mar is ábhartha, rioscaí do chearta bunúsacha, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1689. A mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a bhaineann leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha le haghaidh táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus a aicmítear mar chóras intleachta saorga ardriosca, ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2024/1689 mar riail seachas forálacha ábhartha an Rialacháin seo. Níor cheart, áfach, laghdú a bheith ann ar an leibhéal dearbhúcháin is gá le haghaidh táirgí tábhachtacha nó criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha dá dtagraítear sa Rialachán seo mar thoradh ar an riail sin. Dá bhrí sin, de mhaolú ar an riail sin, córais intleachta saorga ardriosca a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2024/1698 atá freisin ina dtáirgí tábhachtacha nó criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha dá dtagraítear sa Rialachán seo agus a bhfuil feidhm ag an nós imeachta um measúnú comhréireachta bunaithe ar rialú inmheánach dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1689 maidir leo, ba cheart iad a bheith faoi réir na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a mhéid a bhaineann leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo. Sa chás sin, maidir leis na gnéithe eile go léir a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2024/…, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha ábhartha maidir le measúnú comhréireachta bunaithe ar rialú inmheánach a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin.

(52) Chun slándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar an margadh inmheánach a fheabhsú, is gá ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha is infheidhme maidir leis na táirgí sin a leagan síos. Ba cheart na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha sin a bheith gan dochar do mheasúnuithe comhordaithe riosca slándála ar shlabhraí soláthair criticiúla ar leibhéal an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 22 de Threoir (AE) 2022/2555, lena gcuirtear i gcuntas tosca teicniúla riosca agus, i gcás inarb ábhartha, tosca neamhtheicniúla riosca, amhail tionchar míchuí a bheith ag tríú tír ar sholáthróirí. Thairis sin, ba cheart iad a bheith gan dochar do shainchumas na mBallstát ceanglais bhreise a leagan síos lena gcuirtear tosca neamhtheicniúla i gcuntas chun ardleibhéal athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear iad siúd a shainítear i Moladh (AE) 2019/534 ([23]) ón gCoimisiún, i measúnú riosca comhordaithe AE ar chibearshlándáil líonraí 5G agus i mBosca Uirlisí an Aontais le haghaidh chibearshlándáil 5G arna chomhaontú ag an nGrúpa Comhair arna bhunú de bhun Airteagal 14 de Threoir (AE) 2022/2555.

(53) Monaróirí táirgí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([24]) atá freisin ina dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar a shainmhínítear sa Rialacháin seo, ba cheart dóibh na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/1230 araon a chomhlíonadh. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aghaidh, leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus le ceanglais fhíor-riachtanacha áirithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/1230, ar rioscaí cibearshlándála comhchosúla. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh comhlíonadh na gceanglas cibearshlándála fíor-riachtanach a leagtar amach sa Rialachán seo comhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach lena gcumhdaítear rioscaí cibearshlándála áirithe freisin mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/1230 a éascú, agus go háirithe na ceanglais sin a bhaineann le cosaint ar éilliú agus le sábháilteacht agus iontaofacht córas rialaithe a leagtar amach i ranna 1.1.9 agus 1.2.1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. Ní mór don mhonaróir na sineirgí sin a léiriú, mar shampla trí chaighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí teicniúla eile a chur i bhfeidhm, i gcás ina mbeidh fáil orthu, lena gcumhdaítear ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha ábhartha tar éis measúnú riosca lena gcumhdaítear na rioscaí cibearshlándála sin. Ba cheart don mhonaróir na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme a leagtar amach sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2023/1230 a leanúint freisin. San obair ullmhúcháin a thacaíonn le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) 2023/1230 agus na bpróiseas gaolmhar um chaighdeánú, ba cheart don Choimisiún agus do na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú comhsheasmhacht a chur chun cinn maidir leis an gcaoi a ndéanfar measúnú ar na rioscaí cibearshlándála agus maidir leis an gcaoi a gcumhdófar na rioscaí sin le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil leis na ceanglais fhíor-riachtanacha ábhartha. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún agus do na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú an Rialachán seo a chur i gcuntas agus caighdeáin chomhchuibhithe á n-ullmhú agus á bhforbairt chun cur chun feidhme Rialachán (AE) 2023/1230 a éascú, a mhéid a bhaineann go háirithe leis na gnéithe cibearshlándála a bhaineann le cosaint ar éilliú agus le sábháilteacht agus iontaofacht córas rialaithe a leagtar amach i ranna 1.1.9 agus 1.2.1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. Ba cheart don Choimisiún treoraíocht a sholáthar chun tacú le monaróirí atá faoi réir an Rialacháin seo agus atá faoi réir Rialachán (AE) 2023/1230 freisin, go háirithe chun go mbeidh sé níos éasca a léiriú go bhfuil na ceanglais fhíor-riachtanacha ábhartha a leagtar amach sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2023/1230 á gcomhlíonadh.

(54) Chun a áirithiú go mbeidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha slán tráth a chuirfear ar an margadh iad agus le linn an ama a mheastar go mbeidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha in úsáid, is gá ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagan síos maidir le láimhseáil leochaileachtaí agus ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a bhaineann le hairíonna táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Cé gur cheart do mhonaróirí

([23]) Moladh (AE) 2019/534 ón gCoimisiún an 26 Márta 2019 maidir le Cibearshlándáil líonraí 5G (IO L 88, 29.3.2019, lch. 42).
([24]) Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le hinnealra agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 73/361/CEE ón gComhairle (IO L 165, 29.6.2023, lch. 1).

na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha uile a bhaineann le láimhseáil leochaileachtaí a chomhlíonadh i rith na tréimhse tacaíochta, ba cheart dóibh a chinneadh cé na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha eile a bhaineann le hairíonna an táirge atá ábhartha don chineál táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Chuige sin, ba cheart do mhonaróirí measúnú a dhéanamh ar na rioscaí cibearshlándála a bhaineann le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun rioscaí ábhartha agus ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha ábhartha a shainaithint chun a dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar fáil gan aon leochaileachtaí insaothraithe aitheanta a bheith acu a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shlándáil na dtáirgí sin agus chun caighdeáin chomhchuibhithe oiriúnacha, sonraíochtaí coiteanna nó caighdeáin Eorpacha nó idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm go hiomchuí.

(55) I gcás nach bhfuil ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha áirithe infheidhme maidir le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ba cheart don mhonaróir údar soiléir a áireamh sa mheasúnú riosca ar an gcibearshlándáil a áirítear sa doiciméadacht theicniúil. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina bhfuil ceanglas cibearshlándála fíor-riachtanach ar neamhréir le cineál táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Mar shampla, leis an gcríoch a beartaíodh do tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, d'fhéadfaí a cheangal ar an monaróir caighdeáin idir-inoibritheachta a aithnítear go forleathan a leanúint fiú mura meastar a ghnéithe slándála a bheith úrscothach a thuilleadh. Ar an gcaoi chéanna, ceanglaítear ar mhonaróirí, le dlí eile de chuid an Aontais, ceanglais idir-inoibritheachta shonracha a chur i bhfeidhm. I gcás nach bhfuil ceanglas cibearshlándála fíor-riachtanach infheidhme maidir le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ach ina bhfuil rioscaí cibearshlándála sainaitheanta ag an monaróir i ndáil leis an gceanglas cibearshlándála fíor-riachtanach sin, ba cheart dó bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin ar bhealaí eile, mar shampla tríd an gcríoch a beartaíodh don táirge a theorannú do thimpeallachtaí iontaofa nó trí na húsáideoirí a chur ar an eolas faoi na rioscaí sin.

(56) Ceann de na bearta is tábhachtaí atá le déanamh ag úsáideoirí chun a dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chosaint ar chibirionsaithe is ea na nuashonruithe slándála is déanaí atá ar fáil a shuiteáil a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart do mhonaróirí a dtáirgí a dhearadh agus próisis a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go n-áirítear i dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha feidhmeanna lena gcumasaítear fógra a thabhairt faoi nuashonruithe slándála, agus iad a dháileadh, a íoslódáil agus a shuiteáil go huathoibríoch, go háirithe i gcás táirgí tomhaltais. Ba cheart dóibh an deis a thabhairt freisin íoslódáil agus suiteáil na nuashonruithe slándála a fhormheas mar chéim dheiridh. Ba cheart d'úsáideoirí an bheith in ann go fóill nuashonruithe uathoibríocha a dhíghníomhachtú, agus sásra soiléir atá éasca le húsáid ann, agus treoracha soiléire ag gabháil leis maidir leis an gcaoi ar féidir le húsáideoirí diúltú do na nuashonruithe. Níl na ceanglais a bhaineann le nuashonruithe uathoibríocha mar a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo infheidhme maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá beartaithe go príomha lena gcomhtháthú mar chomhpháirteanna i dtáirgí eile. Níl feidhm acu ach oiread maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha nach mbeadh úsáideoirí ag dréim le réasún le nuashonruithe uathoibríocha ina leith, lena n-áirítear táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá beartaithe lena n-úsáid i líonraí TFC gairmiúla, agus go háirithe i dtimpeallachtaí criticiúla agus tionsclaíocha ina bhféadfadh nuashonrú uathoibríoch a bheith ina chúis le cur isteach ar oibríochtaí. Gan beann ar cibé acu atá táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceaptha chun nuashonruithe uathoibríocha a fháil nó nach bhfuil, ba cheart dá mhonaróir úsáideoirí a chur ar an eolas faoi leochaileachtaí agus nuashonruithe slándála a chur ar fáil gan mhoill. I gcás ina bhfuil comhéadan úsáideora nó modhanna teicniúla comhchosúla ag táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha lenar féidir idirghníomhaíocht dhíreach a dhéanamh lena úsáideoirí, ba cheart don mhonaróir úsáid a bhaint as na gnéithe sin chun úsáideoirí a chur ar an eolas go bhfuil deireadh na tréimhse tacaíochta sroichte ag a dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ba cheart fógraí a bheith teoranta don mhéid is gá chun a áirithiú go bhfaighfear an fhaisnéis sin go héifeachtach agus níor cheart tionchar diúltach a bheith acu ar eispéireas úsáideoir an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

(57) Chun feabhas a chur ar thrédhearcacht próiseas láimhseála leochaileachtaí agus chun a áirithiú nach gceanglófar ar úsáideoirí nuashonruithe feidhmiúlachta nua a shuiteáil chun na nuashonruithe slándála is déanaí a fháil agus chuige sin amháin, ba cheart do mhonaróirí a áirithiú, i gcás inarb indéanta go teicniúil, go gcuirfear nuashonruithe slándála nua ar fáil ar leithligh ó nuashonruithe feidhmiúlachta.

(58) Sa teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 20 Meitheamh 2023 dar teideal 'An Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch', luadh gur gá don Aontas na tairbhí a bhaineann lena oscailteacht eacnamaíoch a uasmhéadú agus na rioscaí a bhaineann le spleáchais eacnamaíocha ar dhíoltóirí ardriosca á n-íoslaghdú, trí chreat coiteann straitéiseach le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais. D'fhéadfadh sé go mbeadh riosca straitéiseach ag baint le spleáchais ar sholáthróirí ardriosca táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ar riosca é nach mór aghaidh a thabhairt ar leibhéal an Aontais air, go háirithe i gcás ina bhfuil na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha beartaithe lena n-úsáid ag eintitis fhíor-riachtanacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2022/2555. D'fhéadfadh na rioscaí sin a bheith nasctha leis an dlínse is infheidhme maidir leis an monaróir, le saintréithe a úinéireachta corparáidí agus leis na naisc rialaithe le rialtas tríú tír ina bhfuil sé bunaithe, ach gan a bheith teoranta dóibh, go háirithe i gcás ina bhfuil tríú tír ag gabháil do spiaireacht eacnamaíoch nó d'iompraíocht mhífhreagrach stáit sa chibearspás agus ina gceadaítear, lena reachtaíocht, rochtain threallach ar aon chineál oibríochtaí nó sonraí cuideachta, lena n-áirítear sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus inar féidir léi oibleagáidí a fhorchur chun críoch faisnéise gan seiceálacha agus ceartúcháin dhaonlathacha, gan sásraí maoirseachta, gan próis chuí nó gan an ceart chun achomharc a dhéanamh chuig cúirt nó binse neamhspleách. Agus an tábhacht a bhaineann le riosca cibearshlándála de réir bhrí an Rialacháin seo á cinneadh, ba cheart don Choimisiún agus do na húdaráis um fhaireachas margaidh, de réir a bhfreagrachtaí mar

a leagtar amach sa Rialachán seo, tosca neamhtheicniúla riosca a mheas freisin, go háirithe iad siúd a bunaíodh mar thoradh ar mheasúnuithe comhordaithe riosca slándála ar shlabhraí soláthair criticiúla ar leibhéal an Aontais arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2022/2555.

(59) Chun slándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a áirithiú tar éis iad a chur ar an margadh, ba cheart do mhonaróirí an tréimhse thacaíochta a chinneadh, ar tréimhse í lenar cheart léiriú a thabhairt ar an am a mheastar a bheidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha in úsáid. Agus tréimhse thacaíochta á cinneadh, ba cheart do mhonaróir aird a thabhairt go háirithe ar ionchais réasúnta úsáideoirí, cineál an táirge, chomh maith le dlí ábhartha de chuid an Aontais lena gcinntear saolré táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ba cheart monaróirí a bheith in ann tosca ábhartha eile a chur i gcuntas freisin. Ba cheart critéir a chur i bhfeidhm ar bhealach lena n-áirithítear comhréireacht agus an tréimhse tacaíochta á cinneadh. An fhaisnéis a cuireadh i gcuntas chun tréimhse thacaíochta táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chinneadh, ba cheart do mhonaróir, arna iarraidh sin, í a sholáthar do na húdaráis um fhaireachas margaidh.

(60) Níor cheart an tréimhse thacaíochta dá n-áirithíonn an monaróir láimhseáil éifeachtach leochaileachtaí a bheith níos lú ná 5 bliana, ach amháin más lú saolré an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ná 5 bliana, agus sa chás sin, ba cheart don mhonaróir láimhseáil leochaileachtaí a áirithiú go ceann na saolré sin. I gcás ina meastar le réasún go mbeidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha in úsáid níos faide ná 5 bliana, mar a tharlaíonn go minic i gcás comhpháirteanna crua-earraí amhail máthairchláir nó micreaphróiseálaithe, gléasanna líonra amhail ródairí, móideimí nó lasca, chomh maith le bogearraí, amhail córais oibriúcháin nó uirlisí físeagarthóireachta, ba cheart do mhonaróirí tréimhsí tacaíochta níos faide a áirithiú dá réir sin. Go háirithe, is minic a úsáidtear táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá beartaithe lena n-úsáid i suíomhanna tionsclaíocha, amhail córais rialaithe thionsclaíoch, ar feadh tréimhsí i bhfad níos faide. Níor cheart do mhonaróir a bheith in ann tréimhse thacaíochta is lú ná 5 bliana a shainiú ach amháin i gcás ina bhfuil údar leis sin de bharr chineál an táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus i gcás ina meastar go mbeidh an táirge sin in úsáid ar feadh tréimhse is lú ná 5 bliana, agus sa chás sin ba cheart an tréimhse thacaíochta a bheith ag teacht leis an bhfad ama a mheastar go mbeidh an táirge in úsáid. Mar shampla, d'fhéadfadh saolré feidhmchláir rianaithe teagmhálaithe a bhfuil sé beartaithe é a úsáid le linn paindéime a bheith teoranta d'fhad na paindéime. Thairis sin, ní féidir roinnt feidhmchláir bogearraí a chur ar fáil ach amháin ar bhonn samhail síntiúis ó nádúr, go háirithe i gcás nach mbeidh an feidhmchlár ar fáil don úsáideoir agus, dá bhrí sin, nach mbeidh sé in úsáid a thuilleadh nuair a rachaidh an síntiús in éag.

(61) Nuair a shroicheann táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha deireadh a dtréimhsí tacaíochta, chun a áirithiú gur féidir leochaileachtaí a láimhseáil tar éis dheireadh na tréimhse tacaíochta, ba cheart do mhonaróirí breithniú a dhéanamh ar chód foinseach na dtáirgí sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a scaoileadh chuig gnóthais eile a thugann gealltanas soláthar seirbhísí láimhseála leochaileachtaí a leathnú nó chuig an bpobal. I gcás ina scaoileann monaróirí an cód foinseach chuig gnóthais eile, ba cheart dóibh a bheith in ann úinéireacht an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chosaint agus cosc a chur ar scaipeadh an chóid fhoinsigh ar an bpobal, mar shampla trí shocruithe conarthacha.

(62) Chun a áirithiú go gcinnfidh monaróirí ar fud an Aontais tréimhsí tacaíochta comhchosúla le haghaidh táirgí inchomparáide ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ba cheart do ADCO staidreamh a fhoilsiú maidir leis na meántréimhsí tacaíochta arna gcinneadh ag monaróirí le haghaidh catagóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus treoraíocht a eisiúint lena léirítear tréimhsí tacaíochta iomchuí do na catagóirí sin. Ina theannta sin, d'fhonn cur chuige comhchuibhithe a áirithiú ar fud an mhargaidh inmheánaigh, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun íostréimhsí tacaíochta a shonrú le haghaidh catagóirí sonracha táirgí i gcás ina dtugann na sonraí a chuireann na húdaráis um fhaireachas margaidh le fios nach bhfuil na tréimhsí tacaíochta arna gcinneadh ag monaróirí i gcomhréir go córasach leis na critéir chun na tréimhsí tacaíochta a leagtar síos sa Rialachán seo a chinneadh nó go gcinneann monaróirí i mBallstáit éagsúla tréimhsí tacaíochta éagsúla gan údar.

(63) Ba cheart do mhonaróirí pointe teagmhála aonair a chur ar bun a chuirfidh ar a gcumas d'úsáideoirí cumarsáid a dhéanamh leo go héasca, lena n-áirítear chun faisnéis a thuairisciú agus a fháil faoi leochaileachtaí an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ba cheart dóibh an pointe teagmhála aonair a dhéanamh inrochtana go héasca d'úsáideoirí agus a infhaighteacht a chur in iúl go soiléir, agus an fhaisnéis sin á coinneáil cothrom le dáta. I gcás ina roghnaíonn monaróirí uirlisí uathoibrithe a thairiscint, e.g. boscaí comhrá, ba cheart dóibh uimhir theileafóin nó modh teagmhála digiteach eile a thairiscint freisin, amhail seoladh ríomhphoist nó foirm theagmhála. Níor cheart don phointe teagmhála aonair a bheith ag brath go heisiach ar uirlisí uathoibrithe.

(64) Ba cheart do mhonaróirí a dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar fáil ar an margadh le cumraíocht shlán mar réamhshocrú agus nuashonruithe slándála a sholáthar saor in aisce d'úsáideoirí. Níor cheart do mhonaróirí a bheith in ann imeacht ó na ceanglais fhíor-riachtanacha sin ach amháin maidir le táirgí saincheaptha atá in oiriúint do chuspóir ar leith d'úsáideoir gnó ar leith agus i gcás inar chomhaontaigh an monaróir agus an t-úsáideoir araon go sainráite le sraith éagsúil téarmaí conarthacha.

(65) Ba cheart do mhonaróirí fógra a thabhairt an tráth céanna tríd an ardán tuairiscithe aonair don fhoireann freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRT) atá ainmnithe mar chomhordaitheoir chomh maith le ENISA faoi leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach atá i dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, chomh maith le teagmhais thromchúiseacha a bhfuil tionchar acu ar shlándáil na dtáirgí sin. Ba cheart na fógraí a chur isteach trí úsáid a bhaint as críochphointe fógartha leictreonach CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir agus ba cheart rochtain a bheith ag ENISA orthu an tráth céanna.

(66) Ba cheart do mhonaróirí fógra a thabhairt faoi leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach chun a áirithiú go mbeidh forbhreathnú leordhóthanach ag CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí, agus ag ENISA, ar na leochaileachtaí sin agus go gcuirfear ar fáil dóibh an fhaisnéis is gá chun a gcúraimí a leagtar amach i dTreoir (AE) 2022/2555 a chomhlíonadh agus chun leibhéal foriomlán cibearshlándála eintiteas fíor-riachtanach agus tábhachtach dá dtagraítear in Airteagal 3 den Treoir sin a ardú, chomh maith le feidhmiú éifeachtach na n-údarás um fhaireachas margaidh a áirithiú. Ós rud é go ndéantar formhór na dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mhargú ar fud an mhargaidh inmheánaigh ar fad, ba cheart aon leochaileacht a shaothraítear i dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mheas mar bhagairt ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Ba cheart do ENISA, i gcomhaontú leis an monaróir, leochaileachtaí seasta sa bhunachar sonraí Eorpach maidir le leochaileachtaí arna bhunú de bhun Airteagal 12(2) de Threoir (AE) 2022/2555 a nochtadh. Cuideoidh an bunachar sonraí Eorpach maidir le leochaileachtaí le monaróirí leochaileachtaí insaothraithe aitheanta ina dtáirgí a bhrath, chun a áirithiú go gcuirfear táirgí slána ar fáil ar an margadh.

(67) Ba cheart do mhonaróirí fógra a thabhairt freisin don CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir agus do ENISA faoi aon teagmhas tromchúiseach a bhfuil tionchar aige ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Chun a áirithiú gur féidir le húsáideoirí freagairt go tapa do theagmhais thromchúiseacha a bhfuil tionchar acu ar shlándáil a dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ba cheart do mhonaróirí a n-úsáideoirí a chur ar an eolas freisin faoi aon teagmhas den sórt sin agus, i gcás inarb infheidhme, faoi aon bheart ceartaitheach is féidir leis na húsáideoirí a chur in úsáid chun tionchar an teagmhais a mhaolú, mar shampla trí fhaisnéis ábhartha a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin nó, i gcás ina bhfuil an monaróir in ann teagmháil a dhéanamh leis na húsáideoirí agus, i gcás ina bhfuil údar cuí leis de bharr na rioscaí cibearshlándála, trí dhul i dteagmháil go díreach leis na húsáideoirí.

(68) Baineann leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach le cásanna ina suíonn monaróir gur tharla sárú slándála a dhéanann difear dá úsáideoirí nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile mar thoradh ar ghníomhaí mailíseach a bhain úsáid as locht i gceann de na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuir an monaróir ar fáil ar an margadh. D'fhéadfadh samplaí de na leochaileachtaí sin a bheith ina laigí i bhfeidhmeanna sainaitheanta agus fíordheimhnithe táirge. Maidir le leochaileachtaí a aimsítear gan aon rún mailíseach chun críoch tástála, imscrúdaithe, ceartúcháin nó nochta de mheon macánta chun slándáil nó sábháilteacht úinéir an chórais agus a úsáideoirí a chur chun cinn, níor cheart iad a bheith faoi réir fógra éigeantach. Ar an taobh eile, tagraíonn teagmhais thromchúiseacha a bhfuil tionchar acu ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha do chásanna ina ndéanann teagmhas cibearshlándála difear do phróisis forbartha, táirgthe nó chothabhála an mhonaróra ar bhealach a d'fhágfadh go bhféadfadh riosca méadaithe cibearshlándála a bheith ann d'úsáideoirí nó do dhaoine eile. D'fhéadfaí a áireamh le teagmhas tromchúiseach den sórt sin cás inar éirigh le hionsaitheoir cód mailíseach a thabhairt isteach sa chainéal scaoilte trína n-eisíonn an monaróir nuashonruithe slándála chuig úsáideoirí.

(69) Chun a áirithiú gur féidir fógraí a scaipeadh go tapa ar na CSIRTanna ábhartha uile atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí agus chun é a chur ar a gcumas do mhonaróirí fógra aonair a chur isteach ag gach céim den phróiseas fógartha, ba cheart do ENISA ardán tuairiscithe aonair a bhunú ina mbeidh críochphointí fógartha leictreonacha náisiúnta. Ba cheart do ENISA oibríochtaí laethúla an ardáin tuairiscithe aonair a bhainistiú agus a chothabháil. Ba cheart do na CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí a n-údaráis um fhaireachas margaidh faoi seach a chur ar an eolas faoi leochaileachtaí nó teagmhais faoina dtugtar fógra. Ba cheart an t-ardán tuairiscithe aonair a dhearadh sa chaoi go n-áiritheofar rúndacht fógraí leis, go háirithe a mhéid a bhaineann le leochaileachtaí nach bhfuil nuashonrú slándála ar fáil ina leith go fóill. Ina theannta sin, ba cheart do ENISA nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun faisnéis a láimhseáil ar bhealach slán agus rúnda. Ar bhonn na faisnéise a bhailíonn sé, ba cheart do ENISA tuarascáil theicniúil dhébhliantúil a ullmhú maidir le treochtaí atá ag teacht chun cinn i ndáil le rioscaí cibearshlándála i dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus í a chur faoi bhráid an Ghrúpa Comhair arna bhunú de bhun Airteagal 14 de Threoir (AE) 2022/2555.

(70) In imthosca eisceachtúla agus go háirithe arna iarraidh sin don mhonaróir, ba cheart don CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir agus a fhaigheann fógra ar dtús a bheith in ann cinneadh a dhéanamh moill a chur ar a scaipeadh ar na CSIRTanna ábhartha eile atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí tríd an ardán tuairiscithe aonair i gcás inar féidir údar a thabhairt leis sin ar fhorais chibearshlándála agus ar feadh tréimhse ama a bhfuil géarghá léi. Ba cheart don CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir ENISA a chur ar an eolas láithreach faoin gcinneadh moill a chur air agus faoi na forais atá leis, chomh maith leis an uair atá sé i gceist aige an fógra a scaipeadh tuilleadh. Ba cheart don Choimisiún, trí ghníomh tarmligthe, sonraíochtaí a fhorbairt maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha faoina bhféadfaí forais chibearshlándála a chur i bhfeidhm agus ba cheart dó comhoibriú le gréasán CSIRTanna arna bhunú de bhun Airteagal 15 de Threoir (AE) 2022/2555, agus le ENISA agus an dréachtghníomh tarmligthe á ullmhú aige. I measc na samplaí d'fhorais chibearshlándála, tá nós imeachta leanúnach um nochtadh comhordaithe leochaileachtaí nó cásanna ina bhfuiltear ag dréim leis go gcuirfidh monaróir beart maolaitheach ar fáil go luath agus inar mó na rioscaí cibearshlándála a bhaineann le scaipeadh láithreach tríd an ardán tuairiscithe aonair ná na

tairbhí a bhaineann leis. Arna iarraidh sin don CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir, ba cheart do ENISA a bheith in ann tacú leis an CSIRT sin forais chibearshlándála a chur i bhfeidhm i ndáil le moill a chur ar scaipeadh an fhógra bunaithe ar an bhfaisnéis atá faighte ag ENISA ón CSIRT sin maidir leis an gcinneadh fógra a choinneáil siar ar na forais sin a bhaineann leis an gcibearshlándáil. Ina theannta sin, in imthosca fíoreisceachtúla, níor cheart do ENISA na mionsonraí uile a bhaineann le fógra faoi leochaileacht a shaothraítear go gníomhach a fháil an tráth céanna. B'amhlaidh an cás nuair a mharcálann an monaróir ina fhógra gur shaothraigh gníomhaí mailíseach an leochaileacht faoina dtugtar fógra go gníomhach agus, de réir na faisnéise atá ar fáil, nár saothraíodh in aon Bhallstát eile í seachas i mBallstát an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir dár thug an monaróir fógra faoin leochaileacht, nuair is dócha go soláthrófaí faisnéis a mbeadh a nochtadh contrártha do leasanna bunúsacha an Bhallstáit sin dá ndéanfaí an leochaileacht faoina dtugtar fógra a scaipeadh a thuilleadh, nó i gcás ina mbaineann gar-ardriosca cibearshlándála leis an leochaileacht faoina dtugtar fógra, ag eascairt as a scaipeadh breise. Sna cásanna sin, ní bhfaighidh ENISA rochtain an tráth céanna ach ar an bhfaisnéis go ndearna an monaróir fógra, ar fhaisnéis ghinearálta faoin táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ar fhaisnéis faoi chineál ginearálta an tsaothraithe agus faisnéis faoin bhfíoras gur ardaigh an monaróir na forais slándála sin agus go gcoinnítear siar, dá bhrí sin, inneachar iomlán an fhógra. Ba cheart an fógra iomlán a chur ar fáil ansin do ENISA agus do CSIRTanna ábhartha eile atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí i gcás ina gcinneann an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir agus a fhaigheann an fógra ar dtús nach ann a thuilleadh do na forais slándála sin, lena léirítear imthosca fíoreisceachtúla mar a bhunaítear sa Rialachán seo. I gcás ina measann ENISA, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, go bhfuil riosca sistéamach ann a dhéanann difear do shlándáil an mhargaidh inmheánaigh, ba cheart do ENISA a mholadh don CSIRT is faighteoir an fógra iomlán a scaipeadh ar na CSIRTanna eile atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí agus ar ENISA féin.

(71) Nuair a thugann monaróirí fógra faoi leochaileacht a shaothraítear go gníomhach nó faoi theagmhas tromchúiseach a bhfuil tionchar aige ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ba cheart dóibh léiriú a thabhairt ar a íogaire atá an fhaisnéis faoina dtugtar fógra, dar leo féin. Ba cheart don CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir agus a fhaigheann an fógra ar dtús an fhaisnéis sin a chur i gcuntas agus measúnú á dhéanamh aige i dtaobh an eascraíonn imthosca eisceachtúla as an bhfógra, arb imthosca iad a thugann údar le moill ar scaipeadh an fhógra ar na CSIRTanna ábhartha eile atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí bunaithe ar fhorais chibearshlándála a bhfuil údar leo. Ba cheart dó an fhaisnéis sin a chur i gcuntas freisin agus measúnú á dhéanamh i dtaobh an eascraíonn imthosca fíoreisceachtúla as fógra a thabhairt faoi leochaileacht a shaothraítear go gníomhach, arb imthosca iad a thugann údar leis an bhfíoras nach gcuirtear an fógra iomlán ar fáil an tráth céanna do ENISA. Ar deireadh, ba cheart do CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí a bheith in ann an fhaisnéis sin a chur i gcuntas agus bearta iomchuí á gcinneadh acu chun na rioscaí a eascraíonn as na leochaileachtaí agus na teagmhais sin a mhaolú.

(72) Chun tuairisciú na faisnéise a cheanglaítear faoin Rialachán seo a shimpliú, i bhfianaise ceanglais tuairiscithe chomhlántacha eile a leagtar síos i ndlí an Aontais, amhail Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([25]), Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([26]), agus Treoir (AE) 2022/2555, chomh maith leis an ualach riaracháin ar eintitis a laghdú, moltar do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar phointí iontrála aonair a sholáthar ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh na gceanglas tuairiscithe sin. Níor cheart úsáid na bpointí iontrála aonair náisiúnta sin chun teagmhais slándála a thuairisciú faoi Rialachán (AE) 2016/679 agus faoi Threoir 2002/58/CE difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm fhorálacha Rialachán (AE) 2016/679 agus Threoir 2002/58/CE, go háirithe na forálacha sin a bhaineann le neamhspleáchas na n-údarás dá dtagraítear iontu. Agus an t-ardán tuairiscithe aonair dá dtagraítear sa Rialachán seo á bhunú, ba cheart do ENISA a chur i gcuntas go bhféadfaí na críochphointí fógartha leictreonacha náisiúnta dá dtagraítear sa Rialachán seo a chomhtháthú i bpointí iontrála aonair náisiúnta a fhéadfaidh fógraí eile a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chomhtháthú freisin.

(73) Agus an t-ardán tuairiscithe aonair dá dtagraítear sa Rialachán seo á bhunú agus chun tairbhe a bhaint as taithí roimhe seo, ba cheart do ENISA dul i gcomhairle le hinstitiúidí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a bhfuil ardáin nó bunachair sonraí á mbainistiú acu faoi réir diancheanglais slándála, amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA). Ba cheart do ENISA anailís a dhéanamh freisin ar chomhlántachtaí féideartha leis an mbunachar sonraí Eorpach maidir le leochaileachtaí arna bhunú de bhun Airteagal 12(2) de Threoir (AE) 2022/2555.

(74) Ba cheart monaróirí agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha eile a bheith in ann fógra a thabhairt do CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir nó do ENISA, ar bhonn deonach, faoi aon leochaileacht atá i dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, faoi chibearbhagairtí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do phróifíl riosca táirge ag a bhfuil

([25]) Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).

([26]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

eilimintí digiteacha, faoi aon teagmhas a bhfuil tionchar aige ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha chomh maith le neasteagmhais arbh fhéidir teagmhas den sórt sin a bheith mar thoradh orthu.

(75) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na Ballstáit, a mhéid is féidir, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh thaighdeoirí leochaileachta, lena n-áirítear an fhéidearthacht iad a bheith neamhchosanta ar dhliteanas coiriúil, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ós rud é go bhféadfadh daoine nádúrtha agus dlítheanacha a dhéanann taighde ar leochaileachtaí a bheith neamhchosanta ar dhliteanas coiriúil agus sibhialta i roinnt Ballstát, moltar do na Ballstáit treoirlínte a ghlacadh maidir le neamh-ionchúiseamh taighdeoirí slándála faisnéise mar aon le díolúine ó dhliteanas sibhialta dá ngníomhaíochtaí.

(76) Ba cheart do mhonaróirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha beartais um nochtadh comhordaithe leochaileachtaí a chur i bhfeidhm chun tuairisciú leochaileachtaí ag daoine aonair nó eintitis go díreach don mhonaróir nó go hindíreach a éascú, agus i gcás ina n-iarrtar sin go hanaithnid, trí CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí chun críoch nochtadh comhordaithe leochaileachtaí i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Threoir (AE) 2022/2555. Le beartas monaróirí um nochtadh comhordaithe leochaileachtaí, ba cheart próiseas struchtúrtha a shonrú trína dtuairiscítear leochaileachtaí do mhonaróir ar bhealach lena gcuirtear ar a chumas don mhonaróir na leochaileachtaí sin a dhiagnóisiú agus a leigheas sula nochtar faisnéis mhionsonraithe faoi na leochaileachtaí do thríú páirtithe nó don phobal. Thairis sin, ba cheart do mhonaróirí breithniú a dhéanamh freisin ar a mbeartais slándála a fhoilsiú i bhformáid mheaisín-inléite. Ós rud é gur féidir faisnéis faoi leochaileachtaí insaothraithe i dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a úsáidtear go forleathan a dhíol ar phraghsanna arda ar an margadh dubh, ba cheart do mhonaróirí na dtáirgí sin a bheith in ann cláir a úsáid, mar chuid dá mbeartais um nochtadh comhordaithe leochaileachtaí, chun tuairisciú leochaileachtaí a dhreasú trína áirithiú go bhfaigheann daoine aonair nó eintitis aitheantas agus cúiteamh as ucht a gcuid iarrachtaí. Tá sé sin ag tagairt do chláir ar a dtugtar 'cláir duaise fabhtaimsithe'.

(77) Chun anailís leochaileachtaí a éascú, ba cheart do mhonaróirí comhpháirteanna atá sna táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a shainaithint agus a dhoiciméadú, lena n-áirítear trí SBOM a tharraingt suas. Le SBOM, is féidir faisnéis a sholáthar dóibh siúd a mhonaraíonn, a cheannaíonn agus a oibríonn bogearraí, ar faisnéis í lena gcuirtear feabhas ar a dtuiscint ar an slabhra soláthair, rud a bhfuil tairbhí iomadúla ag baint leis, agus a chuidíonn, go háirithe, le monaróirí agus le húsáideoirí rianú a dhéanamh ar leochaileachtaí agus rioscaí cibearshlándála aitheanta nua atá ag teacht chun cinn. Tá sé thar a bheith tábhachtach go n-áiritheodh monaróirí nach bhfuil comhpháirteanna leochaileacha arna bhforbairt ag tríú páirtithe ina gcuid táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar mhonaróirí an SBOM a chur ar fáil don phobal.

(78) Faoi na samhlacha gnó casta nua a bhaineann le díolacháin ar líne, is féidir le gnólacht a fheidhmíonn ar líne seirbhísí éagsúla a sholáthar. Ag brath ar chineál na seirbhísí a sholáthraítear i ndáil le táirge ar leith ag a bhfuil eilimintí digiteacha, féadfaidh an t-eintiteas céanna teacht faoi chatagóirí éagsúla samhlacha gnó nó oibreoirí eacnamaíocha. I gcás nach soláthraíonn eintiteas ach seirbhísí idirghabhála ar líne le haghaidh táirge ar leith ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus nach bhfuil ann ach soláthraí margaidh ar líne mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (14), de Rialachán (AE) 2023/988, ní cháilíonn sé mar cheann de na cineálacha oibreora eacnamaíoch a shainmhínítear sa Rialachán seo. I gcás inar soláthraí margaidh ar líne é an t-eintiteas céanna agus ina ngníomhaíonn sé freisin mar oibreoir eacnamaíoch mar a shainmhínítear sa Rialachán seo chun táirgí áirithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhíol, ba cheart é a bheith faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo le haghaidh an chineáil sin oibreora eacnamaíoch. Mar shampla, má dháileann soláthraí margaidh ar líne táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha freisin, ansin, maidir le díol an táirge sin, mheasfaí gur dáileoir é. Ar an gcaoi chéanna, má dhíolann an t-eintiteas atá i gceist a tháirgí brandáilte féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha, cháileodh sé mar mhonaróir agus bheadh air, dá bhrí sin, na ceanglais is infheidhme maidir le monaróirí a chomhlíonadh. Ina theannta sin, is féidir le heintitis áirithe cáiliú mar sholáthraithe seirbhíse comhlíonta mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (11), de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([27]) má thairgeann siad na seirbhísí sin. Ba ghá cásanna den sórt sin a mheasúnú ar bhonn cás ar chás. I bhfianaise an róil thábhachtaigh atá ag margaí ar líne maidir le tráchtáil leictreonach a chumasú, ba cheart dóibh a ndícheall a dhéanamh comhoibriú le húdaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát chun cabhrú lena áirithiú go gcomhlíonann táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cheannaítear trí mhargaí ar líne na ceanglais chibearshlándála a leagtar síos sa Rialachán seo.

(79) Chun measúnú comhréireachta leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a éascú, ba cheart toimhde chomhréireachta a bheith ann i gcás táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe, lena ndéantar sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe de na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo, agus a ghlactar i gcomhréir le Rialachán (AE)

([27]) Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([28]). Déantar foráil sa Rialachán sin maidir le nós imeachta chun agóidí a dhéanamh i gcoinne caighdeáin chomhchuibhithe i gcás nach gcomhlíonann na caighdeáin sin na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo ina n-iomláine. Ba cheart a áirithiú leis an bpróiseas um chaighdeánú ionadaíocht chothrom leasanna agus rannpháirtíocht éifeachtach geallsealbhóirí de chuid na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí tomhaltóirí. Ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta atá i gcomhréir leis an leibhéal cosanta cibearshlándála is aidhm do na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i gcuntas freisin, chun forbairt caighdeán comhchuibhithe agus cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú, agus chun comhlíontacht a éascú do chuideachtaí, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide agus iad siúd a oibríonn ar fud an domhain.

(80) Beidh tábhacht ar leith ag baint le forbairt thráthúil caighdeán comhchuibhithe le linn na hidirthréimhse chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus lena n-infhaighteacht roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo chun é a chur chun feidhme go héifeachtach. Is amhlaidh atá, go háirithe, i gcás táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi aicme I. Le hinfhaighteacht caighdeán comhchuibhithe, beidh monaróirí na dtáirgí sin in ann na measúnuithe comhréireachta a dhéanamh tríd an nós imeachta um rialú inmheánach agus, dá bhrí sin, féadfaidh siad scrogaill agus moilleanna i ngníomhaíochtaí comhlachtaí um measúnú comhréireachta a sheachaint.

(81) Le Rialachán (AE) 2019/881, bunaítear creat deonach Eorpach um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh táirgí TFC, próisis TFC agus seirbhísí TFC. Le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála, soláthraítear creat coiteann iontaobhais d'úsáideoirí chun táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a úsáid. Leis an Rialachán seo, ba cheart, dá bhrí sin, sineirgí a chruthú le Rialachán (AE) 2019/881. Chun an measúnú ar chomhréireacht leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a éascú, táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá deimhnithe nó dár eisíodh ráiteas comhréireachta faoi scéim Eorpach cibearshlándála de bhun Rialachán (AE) 2019/881 a shainaithin an Coimisiún i ngníomh cur chun feidhme, toimhdeofar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis an deimhniú Eorpach cibearshlándála nó leis an ráiteas comhréireachta nó le codanna díobh. Ba cheart measúnú a dhéanamh i bhfianaise an Rialacháin seo ar an ngá atá le scéimeanna Eorpacha nua um dheimhniú cibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear agus clár oibre rollach an Aontais á ullmhú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/881. I gcás ina mbeidh gá le scéim nua lena gcumhdaítear táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear chun comhlíonadh an Rialacháin seo a éascú, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ENISA scéimeanna iarrthacha a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) 2019/881. Ba cheart na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i gcuntas sna scéimeanna Eorpacha sin um dheimhniú cibearshlándála amach anseo a chumhdaíonn táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus ba cheart comhlíonadh an Rialacháin seo a éascú leo. I gcás scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a thiocfaidh i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh sonraíochtaí maidir le gnéithe mionsonraithe den chaoi ar féidir feidhm a bheith ag toimhde chomhréireachta. Ba cheart, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, an chumhacht a thabhairt don Choimisiún sonrú a dhéanamh i dtaobh na gcoinníollacha faoinar féidir na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a úsáid chun comhréireacht leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo a léiriú. Thairis sin, chun ualaí riaracháin míchuí a sheachaint, níor cheart aon oibleagáid a bheith ar mhonaróirí measúnú comhréireachta tríú páirtí a dhéanamh, dá bhforáiltear sa Rialachán seo, maidir le ceanglais chomhfhreagracha i gcás inar eisíodh deimhniú Eorpach cibearshlándála faoi scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála den sórt sin ar leibhéal 'substaintiúil' ar a laghad.

(82) Ar theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/482 a bhaineann le táirgí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, amhail modúil slándála crua-earraí agus micreaphróiseálaithe, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann a shonrú, trí bhíthin gníomh tarmligthe, cén chaoi a dtugann SEDC toimhde chomhréireachta leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo nó le codanna díobh. Thairis sin, féadfar a shonrú le gníomh tarmligthe den sórt sin conas a dhíothaítear le deimhniú arna eisiúint faoi SEDC an oibleagáid atá ar mhonaróirí measúnú tríú páirtí a chur i gcrích mar a cheanglaítear de bhun an Rialacháin seo maidir le ceanglais chomhfhreagracha.

(83) Maidir leis an gcreat reatha Eorpach um chaighdeánú, atá bunaithe ar phrionsabail an Chur Chuige Nua a leagtar amach i Rún ón gComhairle an 7 Bealtaine 1985 maidir le cur chuige nua i leith comhchuibhiú teicniúil agus caighdeán agus ar Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, is é atá ann, mar réamhshocrú, an creat chun caighdeáin a mhionsaothrú lena bhforáiltear do thoimhde chomhréireachta leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha ábhartha a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart caighdeáin Eorpacha a bheith faoi thionchar an mhargaidh, ba cheart leas an phobail a chur i gcuntas leo, mar aon leis na cuspóirí beartais arna leagan amach go soiléir san iarraidh ón gCoimisiún ar cheann amháin nó níos mó d'eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú, laistigh de spriocdháta socraithe, agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar chomhthoil. In éagmais tagairtí ábhartha do chaighdeáin chomhchuibhithe, áfach, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann gníomhartha cur chun

([28]) Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna do na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo, ar choinníoll go n-urramaíonn sé go cuí, agus é sin á dhéanamh aige, ról agus feidhmeanna eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, mar réiteach cúltaca eisceachtúil chun éascú a dhéanamh ar oibleagáid an mhonaróra na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha sin a chomhlíonadh, i gcás ina gcuirtear bac ar an bpróiseas um chaighdeánú nó ina gcuirtear moill ar bhunú caighdeán comhchuibhithe iomchuí. Más é castacht theicniúil an chaighdeáin atá i gceist is cúis leis an moill sin, ba cheart don Choimisiún é sin a mheas sula ndéanann sé a mheas ar cheart na sonraíochtaí coiteanna a bhunú.

(84) D'fhonn sonraíochtaí coiteanna a bhunú, ar an mbealach is éifeachtúla is féidir, lena gcumhdaítear na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún ról a thabhairt do na geallsealbhóirí ábhartha sa phróiseas.

(85) Ciallaíonn 'tréimhse réasúnta', i ndáil le foilsiú tagartha do chaighdeáin chomhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, tréimhse ina bhfuil dréim le foilsiú na tagartha don chaighdeán, dá cheartúchán nó dá leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ar tréimhse í nár cheart a bheith níos faide ná bliain amháin tar éis an spriocdháta chun caighdeán Eorpach a leagtar síos i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 a dhréachtú.

(86) Chun measúnú comhréireachta leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo a éascú, ba cheart toimhde chomhréireachta a bheith ann i gcás táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun an Rialacháin seo chun sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe na gceanglas sin a chur in iúl.

(87) Trí chur i bhfeidhm caighdeán comhchuibhithe, sonraíochtaí coiteanna nó scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2019/881 lena dtugtar toimhde chomhréireachta i ndáil leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha is infheidhme maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, éascófar measúnú comhréireachta arna dhéanamh ag na monaróirí. Má roghnaíonn an monaróir gan na modhanna sin a chur i bhfeidhm i gcás ceanglais áirithe, ní mór dó a léiriú ina dhoiciméadacht theicniúil conas a shroichtear an chomhlíontacht murach sin. Ina theannta sin, dá gcuirfí i bhfeidhm caighdeáin chomhchuibhithe, sonraíochtaí coiteanna nó scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2019/881 lena dtugtar toimhde chomhréireachta monaróirí, d'éascófaí seiceáil comhlíontachta táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ag na húdaráis um fhaireachas margaidh. Dá bhrí sin, moltar do mhonaróirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha caighdeáin chomhchuibhithe, sonraíochtaí coiteanna nó scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála den sórt sin a chur i bhfeidhm.

(88) Ba cheart do mhonaróirí dearbhú comhréireachta de chuid AE a tharraingt suas chun faisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo a sholáthar maidir le comhréireacht táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus, i gcás inarb infheidhme, le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais um chomhchuibhiú lena gcumhdaítear an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ina theannta sin, féadfar a cheangal ar mhonaróirí dearbhú comhréireachta de chuid AE a tharraingt suas trí bhíthin gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais. Chun rochtain éifeachtach ar fhaisnéis a áirithiú chun críoch faireachais margaidh, ba cheart dearbhú comhréireachta aonair de chuid AE a tharraingt suas i ndáil le comhlíontacht le gach gníomh dlí ábhartha de chuid an Aontais. Chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a laghdú, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann go mbeadh an dearbhú comhréireachta aonair sin de chuid AE ina shainchomhad ina mbeidh dearbhuithe comhréireachta aonair ábhartha.

(89) Is é marcáil CE, lena gcuirtear comhréireacht táirge in iúl, an toradh sofheicthe ar phróiseas iomlán ina bhfuil measúnú comhréireachta sa chiall is leithne. Is i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([29]) a leagtar amach na prionsabail ghinearálta lena rialaítear an mharcáil CE. Ba cheart rialacha lena rialaítear an mharcáil CE a ghreamú de tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a leagan síos sa Rialachán seo. Ba cheart an mharcáil CE a bheith ar an aon mharcáil amháin lena ráthaítear go bhfuil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo.

(90) Chun gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha comhréireacht leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo a léiriú agus ionas gur féidir leis na húdaráis um fhaireachas margaidh a áirithiú go gcomhlíonann táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar fáil ar an margadh na ceanglais sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta. Le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó

([29]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([30]) bunaítear modúil le haghaidh nósanna imeachta um measúnú comhréireachta i gcomhréir leis an leibhéal riosca lena mbaineann agus leis an leibhéal slándála is gá. Chun comhleanúnachas idir-earnála a áirithiú agus chun athróga *ad hoc* a sheachaint, ba cheart a bhunú ar na modúil sin na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá leormhaith chun comhréireacht táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo a fhíorú. Leis na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, ba cheart scrúdú agus fíorú a dhéanamh ar cheanglais a bhaineann le táirgí agus le próisis araon lena gcumhdaítear saolré iomlán táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear pleanáil, dearadh, forbairt nó táirgeadh, tástáil agus cothabháil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

(91) Maidir le measúnú comhréireachta a dhéanamh ar tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha nach liostaítear sa Rialachán seo mar tháirgí tábhachtacha nó criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha, is féidir leis an monaróir é a dhéanamh faoina fhreagracht féin, de réir an nós imeachta um rialú inmheánach atá bunaithe ar mhodúl A de Chinneadh Uimh. 768/2008/CE i gcomhréir leis an Rialachán seo. Baineann sé sin freisin le cásanna ina roghnaíonn monaróir gan caighdeán comhchuibhithe, sonraíocht choiteann ná scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála is infheidhme a chur i bhfeidhm ina n-iomláine ná i bpáirt. Coinníonn an monaróir solúbthacht nós imeachta um measúnú comhréireachta níos déine a roghnú lena mbainfeadh tríú páirtí. Faoin nós imeachta measúnaithe comhréireachta um rialú inmheánach, áirithíonn agus dearbhaíonn an monaróir ar a fhreagracht féin amháin go gcomhlíonann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus próisis an mhonaróra na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha is infheidhme a leagtar amach sa Rialachán seo. Má thagann táirge tábhachtach ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi aicme I, beidh gá le dearbhú breise chun comhréireacht leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo a léiriú. Ba cheart don mhonaróir caighdeáin chomhchuibhithe, sonraíochtaí coiteanna nó scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2019/881 a shainaithin an Coimisiún i ngníomh cur chun feidhme a chur i bhfeidhm, más mian leis an monaróir an measúnú comhréireachta a dhéanamh faoina fhreagracht féin (modúl A). Mura gcuireann an monaróir na caighdeáin chomhchuibhithe, na sonraíochtaí coiteanna nó na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála sin i bhfeidhm, ba cheart measúnú comhréireachta lena mbainfeadh tríú páirtí a dhéanamh ar an monaróir (bunaithe ar mhodúil B agus C nó ar mhodúl H). Agus an t-ualach riaracháin ar mhonaróirí á chur san áireamh mar aon leis an bhfíoras go bhfuil ról tábhachtach ag an gcibearshlándáil i gcéim dheartha agus forbartha táirgí inláimhsithe agus doláimhsithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha, roghnaíodh nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá bunaithe ar mhodúil B agus C nó ar mhodúl H de Chinneadh Uimh. 768/2008/CE mar na nósanna imeachta is iomchuí chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar bhealach comhréireach agus éifeachtach. Is féidir leis an monaróir a dhéanann an measúnú comhréireachta tríú páirtí an nós imeachta is fearr a oireann dá phróiseas deartha agus táirgthe a roghnú. I bhfianaise an riosca cibearshlándála níos mó fós a ghabhann le húsáid táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi aicme II, ba cheart baint a bheith ag tríú páirtí leis an measúnú comhréireachta i gcónaí, fiú i gcás ina gcomhlíonann an táirge caighdeáin chomhchuibhithe, sonraíochtaí coiteanna nó scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála go hiomlán nó go páirteach. Ba cheart monaróirí táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte a bheith in ann an nós imeachta um rialú inmheánach bunaithe ar mhodúl A a leanúint, ar choinníoll go gcuireann siad an doiciméadacht theicniúil ar fáil don phobal.

(92) Cé go n-éilítear le cruthú táirgí inláimhsithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha de ghnáth ar mhonaróirí iarrachtaí substaintiúla a dhéanamh le linn na gcéimeanna deartha, forbartha agus táirgthe, díríonn cruthú táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha i bhfoirm bogearraí go heisiach nach mór ar dhearadh agus ar fhorbairt, gan ach ról beag a bheith ag céim an táirgthe. Mar sin féin, in a lán cásanna, ní mór táirgí bogearraí a thiomsú, a thógáil, a phacáistiú, a chur ar fáil lena n-íoslódáil nó a chóipeáil go meáin fhisiceacha sula gcuirtear ar an margadh iad. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a mheas mar ghníomhaíochtaí arb ionann iad agus táirgeadh agus na modúil ábhartha um measúnú comhréireachta á gcur i bhfeidhm chun a fhíorú go gcomhlíonann an táirge na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo le linn na gcéimeanna deartha, forbartha agus táirgthe.

(93) I ndáil le micrifhiontair agus fiontair bheaga, chun comhréireacht a áirithiú, is iomchuí costais riaracháin a laghdú gan difear a dhéanamh do leibhéal cosanta cibearshlándála táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo ná don chothroime iomaíochta i measc monaróirí. Is iomchuí, dá bhrí sin, go mbunódh an Coimisiún foirm shimplithe den doiciméadacht theicniúil a bheidh dírithe ar riachtanais micrifhiontar agus fiontar beag. Leis an bhfoirm shimplithe den doiciméadacht theicniúil arna glacadh ag an gCoimisiún, ba cheart na heilimintí uile is infheidhme a bhaineann le doiciméadacht theicniúil a leagtar amach sa Rialachán seo a chumhdach agus a shonrú conas is féidir le micrifhiontar nó le fiontar beag na heilimintí arna n-iarraidh a sholáthar ar bhealach achomair, amhail tuairisc ar dhearadh, forbairt agus táirgeadh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Tríd an méid sin a dhéanamh, chuideodh an fhoirm leis an ualach comhlíontachta riaracháin a mhaolú trí dheimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do na fiontair lena mbaineann maidir le méid agus mionsonraí na faisnéise atá le soláthar. Ba cheart do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga a bheith in ann rogha a dhéanamh na heilimintí is infheidhme a bhaineann le doiciméadacht theicniúil a sholáthar i bhfoirm fhairsing agus gan leas a bhaint as an bhfoirm theicniúil shimplithe atá ar fáil dóibh.

([30]) Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le creat comhchoiteann le haghaidh margú táirgí, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

(94) Chun an nuálaíocht a chur chun cinn agus a chosaint, tá sé tábhachtach go gcuirfí i gcuntas go háirithe leasanna na monaróirí ar micrifhiontair nó fiontair bheaga nó mheánmhéide iad, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta. Chuige sin, d'fhéadfadh na Ballstáit tionscnaimh a fhorbairt a bheadh dírithe ar mhonaróirí ar micrifhiontair nó fiontair bheaga iad, lena n-áirítear tionscnaimh maidir le hoiliúint, múscailt feasachta, cumarsáid faisnéise, gníomhaíochtaí tástála agus measúnaithe comhréireachta tríú páirtí, chomh maith le boscaí gainimh a bhunú. D'fhéadfadh costais aistriúcháin a bhaineann le doiciméadacht éigeantach, amhail an doiciméadacht theicniúil agus an fhaisnéis agus na treoracha don úsáideoir a cheanglaítear de bhun an Rialacháin seo, agus cumarsáid leis na húdaráis, a bheith ina gcostas suntasach do mhonaróirí, go háirithe iad siúd ar mhéid níos lú. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a mheas go bhfuil ceann de na teangacha, a chinnfidh siad agus a ghlacfaidh siad le haghaidh dhoiciméadacht ábhartha na monaróirí agus chun cumarsáid a dhéanamh le monaróirí, ar cheann de na teangacha sin ar a bhfuil tuiscint fhorleathan ag an líon is mó úsáideoirí is féidir.

(95) Chun cur i bhfeidhm rianúil an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh, roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go mbeidh líon leordhóthanach comhlachtaí faoina dtugtar fógra ar fáil chun measúnuithe comhréireachta tríú páirtí a dhéanamh. Ba cheart don Choimisiún féachaint le cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus do pháirtithe ábhartha eile san iarracht sin, chun scrogaill agus bacainní ar dhul isteach sa mhargadh do mhonaróirí a sheachaint. Is féidir le gníomhaíochtaí oiliúna spriocdhírithe faoi stiúir na mBallstát, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí le tacaíocht ón gCoimisiún, cur le hinfhaighteacht gairmithe oilte, lena n-áirítear chun tacú le gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra faoin Rialachán seo. Thairis sin, i bhfianaise na gcostas a d'fhéadfadh a bheith i gceist le measúnú comhréireachta tríú páirtí, ba cheart breithniú a dhéanamh ar thionscnaimh chistiúcháin a fhéachann leis na costais sin a mhaolú do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

(96) Chun comhréireacht a áirithiú, ba cheart do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, agus iad ag socrú na dtáillí do nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, leasanna agus riachtanais shonracha micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, a chur i gcuntas. Go háirithe, níor cheart do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta an nós imeachta scrúdúcháin ábhartha agus na tástálacha ábhartha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás inarb iomchuí agus trí chur chuige rioscabhunaithe a leanúint.

(97) Ba cheart é a bheith de chuspóir ag boscaí gainimh rialála an nuálaíocht agus an t-iomaíochas a chothú do ghnólachtaí trí thimpeallachtaí tástála rialaithe a bhunú sula gcuirfear táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh. Le boscaí gainimh rialála, ba cheart rannchuidiú le deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú do na gníomhaithe uile a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus rochtain ar mhargadh an Aontais a éascú agus a luathú i gcás táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, go háirithe nuair is micrifhiontair agus fiontair bheaga, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, a sholáthraíonn iad.

(98) Chun measúnú comhréireachta tríú páirtí a dhéanamh ar tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ba cheart do na húdaráis náisiúnta a thugann fógra fógra faoi na comhlachtaí um measúnú comhréireachta a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, ar choinníoll go gcomhlíonann siad tacar ceanglas, go háirithe maidir le neamhspleáchas, inniúlacht agus easpa coinbhleachtaí leasa.

(99) Chun leibhéal comhsheasmhach cáilíochta a áirithiú agus measúnú comhréireachta á dhéanamh ar tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, is gá ceanglais a leagan síos freisin do na húdaráis a thugann fógra agus do chomhlachtaí eile atá bainteach leis an measúnú, le fógra a thabhairt agus le faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra. Ba cheart an córas a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlánú leis an gcóras creidiúnúcháin dá ndéantar foráil i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008. Ós rud é gur bealach fíor-riachtanach é an creidiúnú chun inniúlacht na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta a fhíorú, ba cheart é a úsáid freisin chun fógra a thabhairt.

(100) Maidir le comhlachtaí um measúnú comhréireachta dár tugadh creidiúnú agus faoinar tugadh fógra faoi dhlí an Aontais lena leagtar síos ceanglais atá comhchosúil leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, amhail comhlacht um measúnú comhréireachta faoinar tugadh fógra le haghaidh scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála arna glacadh de bhun Rialachán (AE) 2019/881 nó faoinar tugadh fógra faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/30, ba cheart measúnú nua a dhéanamh orthu agus fógra a thabhairt fúthu faoin Rialachán seo. Mar sin féin, is féidir leis na húdaráis ábhartha sineirgí a shainiú maidir le haon cheanglais fhorluiteacha chun ualach airgeadais agus riaracháin nach bhfuil gá leis a chosc agus chun próiseas fógartha rianúil tráthúil a áirithiú.

(101) Ba cheart do na húdaráis phoiblí náisiúnta ar fud an Aontais creidiúnú trédhearcach amhail dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, lena n-áirithítear an leibhéal muiníne is gá i ndeimhnithe comhréireachta, a mheas mar an modh inmhianaithe chun inniúlacht theicniúil comhlachtaí um measúnú comhréireachta a léiriú. Féadfaidh na húdaráis náisiúnta, áfach, a mheas go bhfuil modhanna cuí acu chun an mheastóireacht sin a dhéanamh iad féin. I gcásanna den sórt sin, chun leibhéal iomchuí creidiúnachta i gcás meastóireachtaí a dhéanann údaráis náisiúnta eile a áirithiú, ba cheart dóibh an fhianaise dhoiciméadach is gá a chur ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit eile lena léireofaí go gcomhlíonann na comhlachtaí um measúnú comhréireachta a ndearnadh meastóireacht orthu na ceanglais rialála ábhartha.

(102) Is minic a ligeann comhlachtaí um measúnú comhréireachta codanna dá ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an measúnú comhréireachta ar fochonradh nó go dtéann siad i muinín fochuideachta. Chun an leibhéal cosanta is gá chun táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh a choimirciú, tá sé fíor-riachtanach go gcomhlíonfadh fochonraitheoirí agus fochuideachtaí um measúnú comhréireachta na ceanglais chéanna agus a chomhlíonann comhlachtaí faoina dtugtar fógra i dtaca le cúraimí um measúnú comhréireachta a fheidhmiú.

(103) Ba cheart don údarás a thugann fógra faoi chomhlacht um measúnú comhréireachta a sheoladh chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit eile trí Chóras Faisnéise an Chur Chuige Nua i leith Eagraíochtaí faoina dtugtar Fógra agus Eagraíochtaí Ainmnithe (NANDO). Is é córas faisnéise NANDO an uirlis leictreonach um fhógra a thabhairt arna forbairt agus arna bainistiú ag an gCoimisiún inar féidir teacht ar liosta de na comhlachtaí uile faoina dtugtar fógra.

(104) Ós rud é gur féidir le comhlachtaí faoina dtugtar fógra a seirbhísí a thairiscint ar fud an Aontais, is iomchuí an deis a thabhairt do na Ballstáit eile agus don Choimisiún agóidí a dhéanamh maidir le comhlacht faoina dtugtar fógra. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le tréimhse inar féidir aon amhras nó ábhar imní faoi inniúlacht comhlachtaí um measúnú comhréireachta a shoiléiriú sula dtosóidís ag feidhmiú mar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra.

(105) Ar mhaithe le hiomaíochas, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta i bhfeidhm gan ualach nach gá a chur ar na hoibreoirí eacnamaíocha. Ar an gcúis chéanna, agus chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom le gach oibreoir eacnamaíoch, ní mór comhsheasmhacht i gcur i bhfeidhm teicniúil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a áirithiú. Ba cheart é sin a bhaint amach ar an mbealach is fearr trí chomhordú agus comhar iomchuí idir na comhlachtaí faoina dtugtar fógra.

(106) Is ionstraim fhíor-riachtanach é an faireachas margaidh chun cur i bhfeidhm ceart agus aonfhoirmeach dhlí an Aontais a áirithiú. Is iomchuí, dá bhrí sin, creat dlíthiúil a chur i bhfeidhm inar féidir faireachas margaidh a dhéanamh ar bhealach iomchuí. Tá feidhm ag rialacha maidir le faireachas margaidh san Aontas agus rialú ar tháirgí a thagann isteach i margadh an Aontais dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/1020 maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

(107) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020, déanann údarás um fhaireachas margaidh faireachas margaidh i gcríoch an Bhallstáit a ainmníonn é. Leis an Rialachán seo, níor cheart cosc a chur ar na Ballstáit na húdaráis inniúla a roghnú chun cúraimí faireachais margaidh a dhéanamh. Ba cheart do gach Ballstát údarás um fhaireachas margaidh amháin nó níos mó a roghnú ina chríoch féin. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann rogha a dhéanamh aon údarás atá ann cheana nó aon údarás nua a ainmniú chun gníomhú mar údarás um fhaireachas margaidh, lena n-áirítear údaráis inniúla arna n-ainmniú nó arna mbunú de bhun Airteagal 8 de Threoir (AE) 2022/2555, údaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála arna n-ainmniú de bhun Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2019/881 nó údaráis um fhaireachas margaidh arna n-ainmniú chun críocha Threoir 2014/53/AE. Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha dul i gcomhar go hiomlán le húdaráis um fhaireachas margaidh agus le húdaráis inniúla eile. Ba cheart do gach Ballstát an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas faoina údaráis um fhaireachas margaidh agus faoi réimsí inniúlachta gach ceann de na húdaráis sin agus ba cheart dó a áirithiú gur ann do na hacmhainní agus na scileanna is gá chun na cúraimí faireachais margaidh a bhaineann leis an Rialachán seo a chur i gcrích. De bhun Airteagal 10(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2019/1020, ba cheart do gach Ballstát oifig idirchaidrimh aonair a cheapadh ar cheart di a bheith freagrach, *inter alia*, as ionadaíocht a dhéanamh ar sheasamh comhordaithe na n-údarás um fhaireachas margaidh agus as cuidiú leis an gcomhar idir údaráis um fhaireachas margaidh i mBallstáit éagsúla.

(108) Bunófar ADCO le haghaidh cibear-athléimneacht táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, de bhun Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2019/1020. Beidh ADCO comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis um fhaireachas margaidh ainmnithe agus, más iomchuí, d'ionadaithe ó na hoifigí idirchaidrimh aonair. Ba cheart don Choimisiún tacú le comhar idir údaráis um fhaireachas margaidh agus an comhar sin a spreagadh trí Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí, arna bhunú de bhun Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/1020, ar líonra é ina bhfuil ionadaithe ó gach Ballstát, lena n-áirítear ionadaí ó gach oifig idirchaidrimh aonair dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán sin mar aon le saineolaí náisiúnta roghnach, cathaoirligh ADCOnna, agus ionadaithe ón gCoimisiún. Ba cheart don Choimisiún páirt a ghlacadh i gcruinnithe Líonra an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí, a fhoghrúpaí agus ADCO. Ba cheart dó cúnamh a thabhairt do ADCO freisin trí bhíthin rúnaíocht feidhmiúcháin a chuireann tacaíocht theicniúil agus lóistíochta ar fáil. Féadfaidh ADCO cuireadh a thabhairt freisin do shaineolaithe neamhspleácha páirt a ghlacadh agus idirchaidreamh a dhéanamh le ADCOnna eile, amhail an ceann sin arna bhunú faoi Threoir 2014/53/AE.

(109) Ba cheart do na húdaráis um fhaireachas margaidh, trí ADCO a bhunaítear faoin Rialachán seo, oibriú i ndlúthchomhar le chéile agus ba cheart dóibh a bheith in ann treoirdhoiciméid a fhorbairt chun gníomhaíochtaí faireachais margaidh a éascú ar an leibhéal náisiúnta, amhail trí dhea-chleachtais agus táscairí a fhorbairt chun comhlíontacht táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha leis an Rialachán seo a sheiceáil go héifeachtach.

(110) Chun bearta tráthúla, comhréireacha agus éifeachtacha a áirithiú i ndáil le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a bhfuil riosca suntasach cibearshlándála ag baint leo, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta cosanta de chuid an Aontais faoina gcuirtear páirtithe leasmhara ar an eolas faoi bhearta atá beartaithe a dhéanamh i ndáil leis na táirgí sin. Chomh maith leis sin, leis an nós imeachta sin ba cheart do na húdaráis um fhaireachas margaidh a bheith in ann, i gcomhar leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, gníomhú ag céim níos luaithe i gcás inar gá. I gcás ina dtagann na Ballstáit agus an Coimisiún ar chomhaontú maidir le húdar cuí a thabhairt le beart arna dhéanamh ag Ballstát, níor cheart gá a bheith le rannpháirtíocht an Choimisiúin a thuilleadh, ach amháin i gcás inar féidir neamhchomhlíonadh a chur i leith easnaimh ar chaighdeán comhchuibhithe.

(111) I gcásanna áirithe, maidir le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chomhlíonann an Rialachán seo, is féidir leis a bheith ina riosca suntasach cibearshlándála nó ina riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine, do chomhlíonadh oibleagáidí faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta atá ceaptha cosaint a dhéanamh ar chearta bunúsacha, d'infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht seirbhísí, arna dtairiscint ag eintitis fhíor-riachtanacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2022/2555 trí chóras faisnéise leictreonach a úsáid, nó ina riosca do ghnéithe eile de leas an phobail. Dá bhrí sin, is gá rialacha a bhunú lena n-áiritheofar maolú ar na rioscaí sin. Mar thoradh air sin, ba cheart do na húdaráis um fhaireachas margaidh bearta a dhéanamh chun ceangal a chur ar an oibreoir eacnamaíoch a áirithiú nach bhfuil an riosca sin ag baint leis an táirge a thuilleadh, nó é a aisghairm nó é a tharraingt siar, ag brath ar an riosca. A luaithe a chuirfidh údarás um fhaireachas margaidh srian nó toirmeasc ar shaorghluaiseacht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an mbealach sin, ba cheart don Bhallstát fógra a thabhairt gan mhoill don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi na bearta sealadacha, agus na cúiseanna agus an t-údar cuí leis an gcinneadh a léiriú. I gcás ina nglacfaidh údarás um fhaireachas margaidh bearta den sórt sin in aghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena mbaineann riosca, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle gan mhoill leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus ba cheart dó an beart náisiúnta a mheas. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, ba cheart don Choimisiún a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil údar cuí leis an mbeart náisiúnta. Ba cheart don Choimisiún a chinneadh a dhíriú chuig na Ballstáit uile agus é a chur in iúl ar an toirt dóibh agus don oibreoir eacnamaíoch nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha. Má mheastar go bhfuil údar cuí leis an mbeart, ba cheart don Choimisiún a mheas freisin an nglacfaidh sé tograí chun dlí ábhartha an Aontais a athbhreithniú.

(112) Maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil riosca suntasach cibearshlándála ag baint leo, agus i gcás ina bhfuil cúis ann a chreidiúint nach gcomhlíonann siad an Rialachán seo, nó i gcás táirgí a chomhlíonann an Rialachán seo, ach a mbaineann rioscaí tábhachtacha eile leo, amhail rioscaí do shláinte nó do shábháilteacht daoine, do chomhlíonadh oibleagáidí faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta atá ceaptha cosaint a dhéanamh ar chearta bunúsacha nó d'infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht seirbhísí arna dtairiscint ag eintitis fhíor-riachtanacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2022/2555 trí chóras faisnéise leictreonach a úsáid, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a iarraidh ar ENISA meastóireacht a dhéanamh. Bunaithe ar an meastóireacht sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bearta ceartaitheacha nó sriantacha a ghlacadh ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear a cheangal go ndéanfaí na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena mbaineann a tharraingt siar ón margadh, nó a aisghairm, laistigh de thréimhse réasúnta, i gcomhréir le cineál an riosca. Níor cheart don Choimisiún a bheith in ann dul ar iontaoibh na hidirghabhála sin ach amháin in imthosca eisceachtúla a thugann údar le hidirghabháil láithreach chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú, agus ní fhéadfaidh sé dul i muinín na hidirghabhála sin ach amháin i gcás nach bhfuil aon bheart éifeachtach déanta ag na húdaráis um fhaireachas margaidh chun an cás a leigheas. D'fhéadfadh cásanna éigeandála a bheith i gceist leis na himthosca eisceachtúla sin, mar shampla, cás ina gcuireann an monaróir táirge neamhchomhlíontach ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil go forleathan ar fud roinnt Ballstát, ar táirge é atá in úsáid ag eintitis in earnálacha tábhachtacha freisin a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2022/2555 agus ina bhfuil leochaileachtaí aitheanta atá á saothrú ag gníomhaithe mailíseacha agus nach soláthraíonn an monaróir paistí atá ar fáil dóibh. Níor cheart don Choimisiún a bheith in ann idirghabháil a dhéanamh i gcásanna éigeandála den sórt sin ach amháin ar feadh ré na n-imthosca eisceachtúla agus i gcás ina leantar ar neamhchomhlíonadh an Rialacháin seo nó ar na rioscaí tábhachtacha arna dtíolacadh.

(113) I gcás ina bhfuil tásca nach bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh i roinnt Ballstát, ba cheart d'údaráis um fhaireachas margaidh a bheith in ann gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh le húdaráis eile, d'fhonn comhlíontacht táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a fhíorú agus rioscaí cibearshlándála a bhaineann leo a shainaithint.

(114) Is éard atá i ngníomhaíochtaí rialaithe comhordaithe comhuaineacha (scuab-imscrúduithe) gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin sonracha a dhéanann údaráis um fhaireachas margaidh ar féidir leo slándáil táirgí a fheabhsú a thuilleadh. Go háirithe, ba cheart scuab-imscrúduithe a dhéanamh i gcás ina dtabharfaidh treochtaí sa mhargadh, gearáin ó thomhaltóirí nó tásca eile le tuiscint gur minic a bhaineann rioscaí cibearshlándála le catagóirí áirithe táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Thairis sin, agus na catagóirí táirgí a bheidh le cur faoi réir scuab-imscrúduithe á gcinneadh, ba cheart do na húdaráis um fhaireachas margaidh imthosca a bhaineann le tosca neamhtheicniúla riosca a chur i gcuntas freisin. Chuige sin, ba cheart d'údaráis um fhaireachas margaidh a bheith in ann torthaí measúnuithe comhordaithe riosca slándála ar shlabhraí soláthair criticiúla ar leibhéal an Aontais a chur i gcuntas, ar measúnuithe iad a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2022/2555, lena n-áirítear imthosca a bhaineann le tosca neamhtheicniúla riosca. Ba cheart do ENISA tograí le haghaidh catagóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhféadfaí scuab-imscrúduithe a eagrú ina leith a chur faoi bhráid na n-údarás um fhaireachas margaidh, bunaithe, *inter alia*, ar fhógraí faoi leochaileachtaí agus faoi theagmhais a fhaigheann sé.

(115) I bhfianaise a shaineolais agus a shainordaithe, ba cheart ENISA a bheith in ann tacú leis an bpróiseas chun an Rialachán seo a chur chun feidhme. Go háirithe, ba cheart ENISA a bheith in ann moladh a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí comhpháirteacha a bheidh le déanamh ag údaráis um fhaireachas margaidh bunaithe ar thásca nó ar fhaisnéis maidir le neamhchomhlíonadh féideartha an Rialacháin seo ar fud roinnt Ballstát i gcás táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, nó catagóirí táirgí a shainaithint ar cheart scuab-imscrúduithe a eagrú ina leith. In imthosca eisceachtúla, ba cheart ENISA, arna iarraidh sin don Choimisiún, a bheith in ann meastóireachtaí a dhéanamh i leith táirgí sonracha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil riosca suntasach cibearshlándála ag baint leo, i gcás inar gá idirghabháil láithreach a dhéanamh chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú.

(116) Leis an Rialachán seo, tugtar cúraimí áirithe do ENISA dá dteastaíonn acmhainní iomchuí ó thaobh saineolais agus acmhainní daonna de araon chun a chur ar a chumas do ENISA na cúraimí sin a chur i gcrích go héifeachtach. Molfaidh an Coimisiún na hacmhainní buiséadacha is gá le haghaidh phlean bunaíochta ENISA, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/881, agus dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais á ullmhú aige. Le linn an phróisis sin, measfaidh an Coimisiún acmhainní foriomlána ENISA chun a chur ar a chumas a chúraimí a chomhlíonadh, lena n-áirítear na cúraimí a thugtar do ENISA de bhun an Rialacháin seo.

(117) Chun a áirithiú gur féidir an creat rialála a oiriúnú i gcás inar gá, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir leis an Airteagal sin a tharmligean chuig an gCoimisiún chun táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chumhdaítear le rialacha eile de chuid an Aontais lena mbaintear amach an leibhéal céanna cosanta leis an Rialachán seo a shainaithint, lena sonraítear an mbeadh gá le teorannú nó eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo chomh maith le raon feidhme an teorannaithe sin, más infheidhme. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir leis an Airteagal sin a tharmligean chuig an gCoimisiún freisin i dtaca leis an sainordú a d'fhéadfaí a thabhairt do dheimhniú faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála do na táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, agus chun an liosta de tháirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thabhairt cothrom le dáta bunaithe ar chritéir chriticiúlachta a leagtar amach sa Rialachán seo, agus chun na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2019/881 a shonrú, ar scéimeanna iad is féidir a úsáid chun comhréireacht leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha nó codanna díobh a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a léiriú. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún freisin chun an íostréimhse thacaíochta a shonrú le haghaidh catagóirí sonracha táirgí i gcás ina dtugtar le fios leis na sonraí faireachais margaidh nach leor na tréimhsí tacaíochta, chomh maith leis na téarmaí agus na coinníollacha a shonrú le haghaidh na forais chibearshlándála a chur i bhfeidhm i ndáil le moill a chur ar scaipeadh fógraí faoi leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach. Thairis sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun cláir dheonacha um fhianú slándála a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte leis na ceanglais fhíor-riachtanacha uile nó le ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha áirithe nó le hoibleagáidí eile a leagtar síos sa Rialachán seo, agus chun inneachar íosta dhearbhú comhréireachta AE a shonrú agus chun na heilimintí atá le háireamh sa doiciméadacht theicniúil a fhorlíonadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([31]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun an Rialacháin seo a thabhairt don Choimisiún le haghaidh tréimhse 5 bliana ón 10 Nollaig 2024. Ba cheart don Choimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil i leith tharmligean na cumhachta a tharraingt suas. Ba cheart tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

(118) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an tuairisc theicniúil ar chatagóirí táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a shonrú, formáid agus eilimintí SBOM a shonrú, formáid agus nós imeachta na bhfógraí maidir le leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach agus teagmhais thromchúiseacha a bhfuil tionchar acu ar shlándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha arna gcur isteach ag monaróirí a shonrú tuilleadh, sonraíochtaí coiteanna a bhunú lena gcumhdófar ceanglais theicniúla lena soláthraítear modh chun na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, sonraíochtaí teicniúla a leagan síos maidir le lipéid, picteagraim nó aon mharcanna eile a bhaineann le slándáil na dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, a dtréimhse thacaíochta agus a sásraí chun a n-úsáid a chur chun cinn agus feasacht an phobail a mhéadú maidir le slándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, an fhoirm shimplithe doiciméadachta atá dírithe ar riachtanais micrifhiontar agus fiontar beag a shonrú, agus cinneadh a dhéanamh maidir le bearta ceartaitheacha nó

([31]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

sriantacha ar leibhéal an Aontais in imthosca eisceachtúla a thugann údar le hidirghabháil láithreach chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]).

(119) Chun comhar muiníneach inchiallaithe a áirithiú idir na húdaráis um fhaireachas margaidh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart do na páirtithe ar fad atá páirteach i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo rúndacht na faisnéise agus na sonraí a fhaightear agus a gcúraimí á gcur i gcrích acu a urramú.

(120) Chun go n-áiritheofar forfheidhmiú éifeachtach na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart an chumhacht a bheith ag gach údarás um fhaireachas margaidh fíneálacha riaracháin a fhorchur nó a iarraidh go bhforchuirfí na fíneálacha sin. Ba cheart, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le leibhéil uasta a bhunú le haghaidh fíneálacha riaracháin sa dlí náisiúnta i gcás neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le méid na fíneála riaracháin i ngach cás aonair, ba cheart imthosca ábhartha uile an cháis shonraigh a chur i gcuntas agus ar a laghad iad siúd a bhunaítear go sainráite sa Rialachán seo, lena n-áirítear an micrifhiontar nó fiontar beag nó meánmhéide, lena n-áirítear gnólacht nuathionscanta, é an monaróir, agus an amhlaidh gur ghearr na húdaráis chéanna um fhaireachas margaidh nó údaráis eile um fhaireachas margaidh fíneálacha riaracháin cheana féin ar an oibreoir eacnamaíoch céanna as sárú comhchosúil. D'fhéadfadh imthosca den sórt sin a bheith géaraitheach, i gcás ina leanann sárú an oibreora eacnamaíoch chéanna ar aghaidh ar chríoch Ballstát seachas ar chríoch an Bhallstáit inar cuireadh fíneáil riaracháin i bhfeidhm cheana, nó d'fhéadfadh imthosca den sórt sin a bheith maolaitheach, trína áirithiú gur cheart aon fhíneáil riaracháin eile a bhreithnigh údarás eile um fhaireachas margaidh le haghaidh an oibreora eacnamaíoch chéanna nó an chineáil chéanna sáraithe a chur i gcuntas, mar aon le himthosca ábhartha sonracha eile a bhaineann le pionós agus méid an phionóis a forchuireadh i mBallstáit eile. I ngach cás den sórt sin, leis an bhfíneáil charnach riaracháin a d'fhéadfadh údaráis um fhaireachas margaidh i roinnt Ballstát a chur i bhfeidhm ar an oibreoir eacnamaíoch céanna maidir leis an gcineál céanna sáraithe, ba cheart a áirithiú go n-urramófar prionsabal na comhréireachta. Ós rud é nach bhfuil feidhm ag fíneálacha riaracháin maidir le micrifhiontair nó fiontair bheaga i gcás nach gcomhlíontar an spriocdháta 24 uair an chloig maidir le fógra luathrabhaidh faoi leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach nó teagmhais thromchúiseacha a bhfuil tionchar acu ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ná maidir le maoir bogearraí foinse oscailte as aon sárú ar an Rialachán seo, agus faoi réir an phrionsabail gur cheart do phionóis a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, níor cheart do na Ballstáit cineálacha eile pionós de chineál airgid a fhorchur ar na heintitis sin.

(121) I gcás ina bhforchuirtear fíneálacha riaracháin ar dhuine nach gnóthas é, ba cheart don údarás inniúil an leibhéal ioncaim ginearálta sa Bhallstát a chur i gcuntas chomh maith le staid eacnamaíoch an duine agus méid iomchuí na fíneála á mheas. Ba cheart é a bheith faoi na Ballstáit cinneadh a dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart d'údaráis phoiblí a bheith faoi réir fíneálacha riaracháin agus ar a mhéid ba cheart dóibh a bheith faoina réir.

(122) Agus imthosca náisiúnta á gcur i gcuntas, ba cheart do na Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht an t-ioncam ó na pionóis dá bhforáiltear sa Rialachán seo nó a gcoibhéis airgeadais a úsáid chun tacú le beartais chibearshlándála agus leibhéal na cibearshlándála san Aontas a mhéadú trí, *inter alia*, líon na ngairmithe cáilithe i réimse na cibearshlándála a mhéadú, fothú acmhainneachta a neartú do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus feabhas a chur ar fheasacht an phobail ar chibearbhagairtí.

(123) Ina chaidreamh le tríú tíortha, déanann an tAontas a dhícheall trádáil idirnáisiúnta i dtáirgí rialáilte a chur chun cinn. Is féidir réimse leathan beart a chur i bhfeidhm chun trádáil a éascú, lena n-áirítear roinnt ionstraimí dlí amhail Comhaontuithe déthaobhacha (idir-rialtasacha) um Aitheantas Frithpháirteach (MRAnna) le haghaidh measúnú comhréireachta agus marcáil táirgí rialáilte. Bunaítear MRAnna idir an tAontas agus tríú tíortha atá ar leibhéal inchomparáide forbartha teicniúla agus a bhfuil cur chuige comhoiriúnach acu maidir le measúnú comhréireachta. Tá na comhaontuithe sin bunaithe ar ghlacadh frithpháirteach deimhnithe, marcanna comhréireachta agus tuarascálacha ar thástálacha a eisíonn comhlachtaí um measúnú comhréireachta ceachtar de na páirtithe i gcomhréir le reachtaíocht an pháirtí eile. Tá MRAnna i bhfeidhm faoi láthair le roinnt tríú tíortha. Tá na MRAnna sin tugtha i gcrích i roinnt earnálacha sonracha, agus d'fhéadfaidís a bheith éagsúil ó thríú tír amháin go chéile. Chun trádáil a éascú a thuilleadh, agus á aithint gur ar fud an domhain atá slabhraí soláthair táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, is féidir MRAnna maidir le measúnú comhréireachta a thabhairt i gcrích le haghaidh táirgí arna rialáil ag an Aontas faoin Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE. Tá comhar le tríú tíortha comhpháirtíochta tábhachtach freisin, chun an chibear-athléimneacht a neartú ar fud an domhain, ós rud é go rannchuideoidh sé sin san fhadtéarma le creat cibearshlándála neartaithe laistigh agus lasmuigh den Aontas araon.

([32]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(124) Ba cheart tomhaltóirí a bheith i dteideal a gcearta a fhorfheidhmiú maidir leis na hoibleagáidí arna bhforchur ar oibreoirí eacnamaíocha faoin Rialachán seo trí chaingne ionadaíocha de bhun Threoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([33]). Chun na críche sin, ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo go mbeidh Treoir (AE) 2020/1828 infheidhme maidir leis na caingne ionadaíocha a bhaineann le sáruithe ar an Rialachán seo agus a dhéanann díobháil do chomhleasanna tomhaltóirí nó a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh dóibh. Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a leasú dá réir. Is faoi na Ballstáit atá sé a áirithiú go léirítear na leasuithe sin sna bearta trasuite arna nglacadh de bhun na Treorach sin, cé nach bhfuil glacadh beart trasuite náisiúnta i ndáil leis an méid sin mar choinníoll i dtaca le hinfheidhmeacht na Treorach sin maidir leis na caingne ionadaíocha sin. Maidir le hinfheidhmeacht na Treorach sin maidir leis na caingne ionadaíocha arna dtabhairt i ndáil le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo ag oibreoirí eacnamaíocha a dhéanann díobháil nó a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do chomhleasanna tomhaltóirí, ba cheart di tosú ón 11 Nollaig 2027.

(125) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an Rialachán seo, i gcomhairliúchán le geallsealbhóirí ábhartha, go háirithe d'fhonn an gá atá le modhnú a chinneadh i bhfianaise athruithe ar dhálaí sochaíocha, polaitiúla, teicneolaíocha nó margaidh. Leis an Rialachán seo, éascófar comhlíonadh oibleagáidí slándála maidir leis an slabhra soláthair ag eintitis a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2554 agus Threoir (AE) 2022/2555 a úsáideann táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh, mar chuid den athbhreithniú tréimhsiúil sin, ar éifeachtaí comhcheangailte chreat cibearshlándála an Aontais.

(126) Ba cheart a ndóthain ama a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha chun iad féin a oiriúnú do na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 11 Nollaig 2027, cé is moite de na hoibleagáidí tuairiscithe a bhaineann le leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach agus teagmhais thromchúiseacha a bhfuil tionchar acu ar shlándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ar cheart feidhm a bheith acu ón 11 Meán Fómhair 2026, agus de na forálacha maidir le fógra a thabhairt do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, ar cheart feidhm a bheith acu ón 11 Meitheamh 2026.

(127) Tá sé tábhachtach tacaíocht a thabhairt do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, i gcur chun feidhme an Rialacháin seo agus na rioscaí don chur chun feidhme a eascraíonn as easpa eolais agus easpa saineolais sa mhargadh a íoslaghdú, agus chun go n-éascófar comhlíonadh a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo ag monaróirí. Leis an gClár don Eoraip Dhigiteach agus le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais, soláthraítear tacaíocht airgeadais agus theicniúil lena gcuirtear ar a gcumas do na fiontair sin rannchuidiú le fás gheilleagar an Aontais agus le leibhéal coiteann na cibearshlándála san Aontas a neartú. D'fhéadfadh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála agus na Lárionaid Chomhordúcháin Náisiúnta chomh maith le Moil Eorpacha maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach arna mbunú ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta tacú le cuideachtaí agus le heagraíochtaí san earnáil phoiblí freisin agus d'fhéadfaidís rannchuidiú le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Laistigh dá misin agus dá réimsí inniúlachta faoi seach, d'fhéadfaidís tacaíocht theicniúil agus eolaíoch a sholáthar do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, amhail le haghaidh gníomhaíochtaí tástála agus measúnuithe comhréireachta tríú páirtí. D'fhéadfaidís freisin cur in úsáid uirlisí a chothú chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú.

(128) Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar ghníomhaíocht chomhlántach a dhéanamh arb é is aidhm léi treoraíocht agus tacaíocht a thabhairt do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, amhail boscaí gainimh rialála agus bealaí tiomnaithe cumarsáide a bhunú. Chun leibhéal na cibearshlándála san Aontas a neartú, féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh freisin ar thacaíocht a thabhairt chun acmhainneacht agus scileanna a fhorbairt a bhaineann le cibearshlándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, cibear-athléimneacht na n-oibreoirí eacnamaíocha a fheabhsú, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus feasacht an phobail a chothú maidir le cibearshlándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

(129) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr éifeachtaí na gníomhaíochta, is fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(130) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([34]) agus thug an Maoirseoir tuairim an 9 Samhain 2022 ([35]),

([33]) Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE (IO L 409, 4.12.2020, lch. 1).

([34]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([35]) IO C 452, 29.11.2022, lch. 23.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo:

(a) rialacha maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar fáil ar an margadh chun cibearshlándáil na dtáirgí sin a áirithiú;

(b) ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha maidir le dearadh, forbairt agus táirgeadh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus na hoibleagáidí atá ann d'oibreoirí eacnamaíocha i ndáil leis na táirgí sin i dtaca leis an gcibearshlándáil;

(c) ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha maidir leis na próisis láimhseála leochaileachtaí a chuireann monaróirí i bhfeidhm chun cibearshlándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a áirithiú le linn an ama a mheastar go mbeidh na táirgí in úsáid, agus na hoibleagáidí atá ann d'oibreoirí eacnamaíocha i ndáil leis na próisis sin;

(d) rialacha maidir le faireachas margaidh, lena n-áirítear faireachán, agus forfheidhmiú na rialacha agus na gceanglas dá dtagraítear san Airteagal seo.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar fáil ar an margadh, agus a n-áirítear leis an gcríoch a beartaíodh nó an úsáid atá intuartha le réasún dóibh nasc sonraí loighciúil nó fisiceach, bíodh an nasc sin díreach nó indíreach, le gléas nó le líonra.

2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil feidhm ag na gníomhartha dlí de chuid an Aontais seo a leanas maidir leo:

(a) Rialachán (AE) 2017/745;

(b) Rialachán (AE) 2017/746;

(c) Rialachán (AE) 2019/2144.

3. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a deimhníodh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1139.

4. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le trealamh a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([36]).

5. Sna cásanna seo a leanas, féadfar cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a theorannú nó a eisiamh maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chumhdaítear le rialacha eile de chuid an Aontais lena leagtar síos ceanglais lena dtugtar aghaidh ar na rioscaí uile nó ar chuid de na rioscaí a chumhdaítear leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I:

(a) tá teorannú nó eisiamh den sórt sin comhsheasmhach leis an gcreat rialála foriomlán a bhfuil feidhm aige maidir leis na táirgí sin; agus

(b) leis na rialacha earnála, baintear amach an leibhéal céanna cosanta nó leibhéal níos airde cosanta i gcomparáid leis an leibhéal cosanta dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 61 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, trína shonrú cé acu atá nó nach bhfuil gá leis an teorannú nó leis an eisiamh agus trí na táirgí agus na rialacha lena mbaineann a shonrú, chomh maith le raon feidhme an teorannaithe, más ábhartha.

([36]) Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le trealamh muirí agus lena n-aisghairtear Treoir 96/98/CE ón gComhairle (IO L 257, 28.8.2014, lch. 146).

6. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le páirteanna spártha a chuirtear ar fáil ar an margadh chun comhpháirteanna comhionanna i dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a ionadú agus a mhonaraítear de réir na sonraíochtaí céanna leis na comhpháirteanna a bhfuil sé beartaithe iad a ionadú.

7. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a forbraíodh nó a modhnaíodh go heisiach chun críoch slándála náisiúnta nó chun críoch cosanta náisiúnta, ná níl feidhm aige maidir le táirgí a dearadh go sonrach chun faisnéis rúnaicmithe a phróiseáil.

8. Ní bheidh sé i gceist leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo faisnéis a sholáthar, a bheadh ag teacht salach ar leasanna bunúsacha maidir le slándáil náisiúnta, slándáil phoiblí nó cosaint na mBallstát dá nochtfaí í.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha’ táirge bogearraí nó crua-earraí agus a réitigh cianphróiseála sonraí, lena n-áirítear comhpháirteanna bogearraí nó crua-earraí atá á gcur ar an margadh astu féin;

(2) ciallaíonn ‘cianphróiseáil sonraí’ próiseáil sonraí go cianda ar lena haghaidh a dhéanann an monaróir na bogearraí a dhearadh agus a fhorbairt, nó lena haghaidh a dhéantar iad a dhearadh agus a fhorbairt faoi fhreagracht an mhonaróra, i gcás ina gcuirfeadh easpa na próiseála sonraí sin cosc ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceann dá fheidhmeanna a dhéanamh;

(3) ciallaíonn ‘cibearshlándáil’ cibearshlándáil mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2019/881;

(4) ciallaíonn ‘bogearraí’ an chuid sin de chóras faisnéise leictreonach ina bhfuil cód ríomhaireachta;

(5) ciallaíonn ‘crua-earraí’ córas faisnéise leictreonach fisiceach, nó codanna de, atá in ann sonraí digiteacha a phróiseáil, a stóráil nó a tharchur;

(6) ciallaíonn ‘comhpháirt’ bogearraí nó crua-earraí atá beartaithe lena gcomhtháthú i gcóras faisnéise leictreonach;

(7) ciallaíonn ‘córas faisnéise leictreonach’ córas, lena n-áirítear trealamh leictreach nó leictreonach, atá in ann sonraí digiteacha a phróiseáil, a stóráil nó a tharchur;

(8) ciallaíonn ‘nasc loighciúil’ léiriú fíorúil ar nasc sonraí a chuirtear chun feidhme trí chomhéadan bogearraí;

(9) ciallaíonn ‘nasc fisiceach’ nasc idir córais faisnéise leictreonacha nó comhpháirteanna a chuirtear chun feidhme agus meáin fhisiceacha á n-úsáid, lena n-áirítear trí chomhéadain leictreacha, optúla nó mheicniúla, sreanga nó radathonnta;

(10) ciallaíonn ‘nasc indíreach’ nasc le gléas nó le líonra, nach dtarlaíonn go díreach, ach mar chuid de chóras níos mó atá in-nasctha go díreach leis an ngléas nó leis an líonra sin;

(11) ciallaíonn ‘críochphointe’ aon ghléas atá nasctha le líonra agus a fheidhmíonn mar phointe iontrála sa líonra sin;

(12) ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch’ an monaróir, an t-ionadaí údaraithe, an t-allmhaireoir, an dáileoir, nó duine nádúrtha nó dlítheanach eile atá faoi réir oibleagáidí i ndáil le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mhonarú nó táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar fáil ar an margadh i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(13) ciallaíonn ‘monaróir’ duine nádúrtha nó dlítheanach a fhorbraíonn nó a mhonaraíonn táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó a dhéanann socrú chun táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhearadh, a fhorbairt nó a mhonarú, agus a chuireann ar an margadh iad faoina ainm nó faoina thrádmharc, bíodh sin mar mhalairt ar íocaíocht, chun airgead a shaothrú nó saor in aisce;

(14) ciallaíonn ‘maor bogearraí foinse oscailte’ duine dlítheanach, seachas monaróir, a bhfuil sé de chríoch nó de chuspóir aige tacaíocht a sholáthar go córasach ar bhonn leanúnach chun táirgí sonracha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a fhorbairt, ar táirgí iad a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte agus atá beartaithe le haghaidh gníomhaíochtaí tráchtála, agus a áirithíonn inmharthanacht na dtáirgí sin;

(15) ciallaíonn ‘ionadaí údaraithe’ duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe laistigh den Aontas agus a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ó mhonaróir gníomhú thar a cheann maidir le cúraimí sonraithe;

(16) ciallaíonn ‘allmhaireoir’ duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a chuireann táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh, ar táirge é a bhfuil ainm nó trádmharc duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá bunaithe lasmuigh den Aontas air;

(17) ciallaíonn ‘dáileoir’ duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an monaróir nó an t-allmhaireoir, a chuireann táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ar mhargadh an Aontais gan difear a dhéanamh d’airíonna an táirge;

(18) ciallaíonn ‘tomhaltóir’ duine nádúrtha a ghníomhaíonn chun críoch nach mbaineann le trádáil, gnó, ceird nó gairm bheatha an duine sin;

(19) ciallaíonn ‘micrifhiontair’, ‘fiontair bheaga’ agus ‘fiontair mheánmhéide’, faoi seach, micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE;

(20) ciallaíonn ‘tréimhse thacaíochta’ an tréimhse ar lena linn a cheanglaítear ar mhonaróir a áirithiú go ndéantar leochaileachtaí táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a láimhseáil go héifeachtach agus i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II d’Iarscríbhinn I;

(21) ciallaíonn ‘cur ar an margadh’ an chéad uair a chuirtear táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ar mhargadh an Aontais;

(22) ciallaíonn ‘cur ar fáil ar an margadh’ soláthar táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena dháileadh nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin mar mhalairt ar íocaíocht nó saor in aisce;

(23) ciallaíonn ‘an chríoch a beartaíodh’ an úsáid a bheartaigh an monaróir le haghaidh táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear an comhthéacs sonrach agus na coinníollacha sonracha úsáide, mar a shonraítear san fhaisnéis arna soláthar ag an monaróir sna treoracha úsáide, sna hábhair agus ráitis fógraíochta nó díolacháin, agus sa doiciméadacht theicniúil;

(24) ciallaíonn ‘úsáid atá intuartha le réasún’ úsáid nach gá gurb í sin an chríoch a beartaíodh arna soláthar ag an monaróir sna treoracha úsáide, sna hábhair agus ráitis fógraíochta nó díolacháin, agus sa doiciméadacht theicniúil, ach úsáid ar dócha go n-eascróidh sí as iompraíocht an duine nó as oibríochtaí nó idirghníomhaíochtaí teicniúla atá intuartha le réasún;

(25) ciallaíonn ‘mí-úsáid atá intuartha le réasún’ úsáid táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir leis an gcríoch a beartaíodh dó, ach a d’fhéadfadh eascairt as iompraíocht an duine nó as idirghníomhaíocht le córais eile atá intuartha le réasún;

(26) ciallaíonn ‘údarás a thugann fógra’ an t-údarás náisiúnta atá freagrach as na nósanna imeachta is gá a chur ar bun agus a dhéanamh a mhéid a bhaineann le comhlachtaí um measúnú comhréireachta a mheasúnú, a ainmniú agus fógra a thabhairt fúthu, chomh maith le faireachán a dhéanamh orthu;

(27) ciallaíonn ‘measúnú comhréireachta’ an próiseas lena bhfíoraítear ar comhlíonadh na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(28) ciallaíonn ‘comhlacht um measúnú comhréireachta’ comhlacht um measúnú comhréireachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008;

(29) ciallaíonn ‘comhlacht faoina dtugtar fógra’ comhlacht um measúnú comhréireachta arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 43 agus le reachtaíocht eile an Aontais um chomhchuibhiú;

(30) ciallaíonn ‘modhnú substaintiúil’ athrú ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha tar éis é a chur ar an margadh, arb athrú é a dhéanann difear don chaoi a gcomhlíonann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d’Iarscríbhinn I, nó as a n-eascraíonn modhnú ar an gcríoch a beartaíodh don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar ina leith atá measúnú déanta;

(31) ciallaíonn ‘marcáil CE’ marcáil lena dtugann monaróir le fios go bhfuil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus na próisis arna gcur i bhfeidhm ag an monaróir i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus le reachtaíocht eile is infheidhme an Aontais um chomhchuibhiú lena bhforáiltear do ghreamú na marcála;

(32) ciallaíonn ‘reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú’ reachtaíocht an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1020 agus aon reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena ndéantar na coinníollacha maidir le margú táirgí a bhfuil feidhm ag an Rialachán sin ina leith a chomhchuibhiú;

(33) ciallaíonn ‘údarás um fhaireachas margaidh’ údarás um fhaireachas margaidh mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (4), de Rialachán (AE) 2019/1020;

(34) ciallaíonn ‘caighdeán idirnáisiúnta’ caighdeán idirnáisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1)(a), de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

(35) ciallaíonn ‘caighdeán Eorpach’ caighdeán Eorpach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1)(b), de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

(36) ciallaíonn ‘caighdeán comhchuibhithe’ caighdeán comhchuibhithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1)(c), de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

(37) ciallaíonn ‘riosca cibearshlándála’ an poitéinseal atá ann go mbeadh teagmhas ina chúis le caillteanas nó le suaitheadh agus tá sé le sloinneadh mar theaglaim de mhéid an chaillteanais nó an tsuaite sin agus den dóchúlacht go dtarlóidh an teagmhas;

(38) ciallaíonn ‘riosca suntasach cibearshlándála’ riosca cibearshlándála ar féidir glacadh leis, bunaithe ar a shaintréithe teicniúla, gur mór an dóchúlacht go mbeidh teagmhas ann dá bharr a bhféadfadh tionchar an-diúltach a bheith mar thoradh air, lena n-áirítear caillteanas nó suaitheadh suntasach ábhartha nó neamhábhartha;

(39) ciallaíonn ‘liosta ábhar bogearraí’ taifead foirmiúil ina gcoinnítear na mionsonraí agus na gaolmhaireachtaí slabhra soláthair a bhaineann leis na comhpháirteanna a áirítear in eilimintí bogearraí táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha;

(40) ciallaíonn ‘leochaileacht’ laige, soghabháltacht nó fabht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha is féidir a shaothrú le cibearbhagairt;

(41) ciallaíonn ‘leochaileacht insaothraithe’ leochaileacht a bhfuil an poitéinseal ann ina leith go n-úsáidfeadh namhaid go héifeachtach í faoi dhálaí oibríochtúla praiticiúla;

(42) ciallaíonn ‘leochaileacht a shaothraítear go gníomhach’ leochaileacht a bhfuil fianaise iontaofa ann ina leith go ndearna gníomhaí mailíseach í a shaothrú i gcóras gan cead ó úinéir an chórais;

(43) ciallaíonn ‘teagmhas’ teagmhas mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (6), de Threoir(AE) 2022/2555;

(44) ciallaíonn ‘teagmhas a bhfuil tionchar aige ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha’ teagmhas a dhéanann difear diúltach, nó a d’fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh, do chumas táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht sonraí nó feidhmeanna a chosaint;

(45) ciallaíonn ‘neasteagmhas’ neasteagmhas mar a shainmhínítear in Airteagal 6, pointe (5), de Threoir (AE) 2022/2555;

(46) ciallaíonn ‘cibearbhagairt’ cibearbhagairt mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8), de Rialachán (AE) 2019/881;

(47) ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ sonraí pearsanta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) 2016/679;

(48) ciallaíonn ‘saor-bhogearraí foinse oscailte’ bogearraí a bhfuil a gcód foinseach comhroinnte go hoscailte agus a chuirtear ar fáil faoi shaorcheadúnas foinse oscailte lena bhforáiltear do gach ceart chun é a dhéanamh inrochtana go héasca, inúsáidte, inmhodhnaithe agus in-athdháilte;

(49) ciallaíonn ‘aisghairm’ aisghairm mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (22), de Rialachán (AE) 2019/1020;

(50) ciallaíonn ‘tarraingt siar’ tarraingt siar mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (23), de Rialachán (AE) 2019/1020;

(51) ciallaíonn ‘CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir’ CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir de bhun Airteagal 12(1) de Threoir (AE) 2022/2555.

Airteagal 4

Saorghluaiseacht

1. Ní chuirfidh na Ballstáit bac, maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ar tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chomhlíonann an Rialachán seo a chur ar fáil ar an margadh.

2. Ag aontaí trádála, taispeántais, léirithe nó ag imeachtaí comhchosúla, ní chuirfidh na Ballstáit cosc ar chur i láthair nó ar úsáid táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nach gcomhlíonann an Rialachán seo, lena n-áirítear a fhréamhshamhlacha, ar choinníoll go gcuirtear an táirge i láthair le comhartha infheicthe a léiríonn go soiléir nach gcomhlíonann an táirge an Rialachán seo agus nach bhfuil sé le cur ar fáil ar an margadh go dtí go gcomhlíonfaidh sé an Rialachán seo.

3. Ní chuirfidh na Ballstáit cosc ar bhogearraí neamhchríochnaithe nach gcomhlíonann an Rialachán seo a chur ar fáil ar an margadh, ar choinníoll nach gcuirtear na bogearraí ar fáil ach ar feadh na tréimhse teoranta is gá chun críoch tástála le comhartha infheicthe lena léirítear go soiléir nach gcomhlíonann sé an Rialachán seo agus nach mbeidh siad ar fáil ar an margadh chun críoch eile seachas tástáil.

4. Níl feidhm ag mír 3 maidir le comhpháirteanna sábháilteachta dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú seachas an Rialachán seo.

Airteagal 5

Soláthar nó úsáid táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha

1. Leis an Rialachán seo, ní chuirfear cosc ar na Ballstáit táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur faoi réir ceanglais bhreise chibearshlándála maidir le soláthar nó úsáid na dtáirgí sin chun críocha sonracha, lena n-áirítear i gcás ina ndéantar na táirgí sin a sholáthar nó a úsáid chun críoch slándála nó cosanta náisiúnta, ar choinníoll go bhfuil na ceanglais sin comhsheasmhach le hoibleagáidí na mBallstát a leagtar síos i ndlí an Aontais agus go bhfuil siad riachtanach agus comhréireach chun na críocha sin a bhaint amach.

2. Gan dochar do Threoir 2014/24/AE agus do Threoir 2014/25/AE, i gcás ina soláthrófar táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar comhlíonadh na gceanglas cibearshlándála fíor-riachtanach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, lena n-áirítear cumas na monaróirí leochaileachtaí a láimhseáil go héifeachtach, a chur san áireamh sa phróiseas soláthair.

Airteagal 6

Ceanglais maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha

Ní dhéanfar táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar fáil ar an margadh ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) comhlíonann siad na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I, ar choinníoll go ndéantar iad a shuiteáil, a chothabháil agus a úsáid i gceart chun na críche a beartaíodh dóibh nó go ndéantar iad a shuiteáil, a chothabháil agus a úsáid i gceart faoi dhálaí is féidir a thuar le réasún, agus, i gcás inarb infheidhme, go bhfuil na nuashonruithe slándála is gá suiteáilte; agus

(b) comhlíonann na próisis a chuireann an monaróir ar bun na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I.

Airteagal 7

Táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha

1. Measfar táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mbaineann a gcroífheidhmiúlacht le catagóir táirgí a leagtar amach in Iarscríbhinn III a bheith ina dtáirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus beidh siad faoi réir na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 32(2) agus (3). Ní fhágfaidh comhtháthú táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mbaineann a chroífheidhmiúlacht le catagóir táirgí a leagtar amach in Iarscríbhinn III as féin go mbeidh an táirge ina bhfuil sé comhtháite faoi réir na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 32(2) agus (3).

2. Maidir le catagóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, arna roinnt in aicme I agus in aicme II mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, comhlíonann siad ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas:

(a) déanann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha feidhmeanna go príomha atá criticiúil do chibearshlándáil táirgí, líonraí nó seirbhísí eile, lena n-áirítear fíordheimhniú agus rochtain a dhaingniú, ionradh a chosc agus a bhrath, slándáil críochphointe nó cosaint líonra;

(b) comhlíonann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha feidhm lena mbaineann riosca suntasach go mbeidh éifeachtaí díobhálacha aige ó thaobh a dhéine agus a chumais cur isteach ar líon mór táirgí eile, iad a rialú, nó damáiste a dhéanamh dóibh, nó mar gheall ar shláinte, slándáil nó sábháilteacht a úsáideoirí trí chúbláil dhíreach, amhail feidhm lárchórais, lena n-áirítear bainistiú líonra, rialú cumraíochta, fíorúlú nó próiseáil sonraí pearsanta.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 61 chun Iarscríbhinn III a leasú trí chatagóir nua a áireamh laistigh de gach aicme de chatagóirí na dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus trína sainiú a shonrú, catagóir táirgí a bhogadh ó aicme amháin go haicme eile nó catagóir atá ann cheana a tharraingt siar as an liosta sin. Agus measúnú á dhéanamh ar an ngá atá leis an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a leasú, déanfaidh an Coimisiún na feidhmiúlachtaí a bhaineann leis an gcibearshlándáil nó an fheidhm agus leibhéal an riosca cibearshlándála a bhaineann le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar a leagtar amach sna critéir dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a chur i gcuntas.

Leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, déanfar foráil, i gcás inarb iomchuí, d'idirthréimhse íosta 12 mhí, go háirithe i gcás ina gcuirfear catagóir nua de tháirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha le haicme I nó le haicme II nó ina n-aistreofar í ó aicme I go dtí aicme II mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, sula mbeidh feidhm ag na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 32(2) agus (3), mura mbeidh údar le hidirthréimhse níos giorra ar mhórfhorais phráinne.

4. Faoin 11 Nollaig 2025, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena sonrófar an tuairisc theicniúil ar na catagóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi aicme I agus aicme II mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus an tuairisc theicniúil ar na catagóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 62(2).

Airteagal 8

Táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 61 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun a chinneadh cé na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mbaineann a gcroífheidhmiúlacht le catagóir táirgí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo agus a gceanglófar orthu deimhniú Eorpach cibearshlándála a fháil ar leibhéal dearbhúcháin ar a laghad 'substaintiúil' faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála arna glacadh de bhun Rialachán (AE) 2019/881, chun comhréireacht leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo nó codanna díobh a léiriú, ar choinníoll go nglacfar scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála lena gcumhdaítear na catagóirí táirgí sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha de bhun Rialachán (AE) 2019/881 agus go mbeidh sí ar fáil do mhonaróirí. Sonrófar sna gníomhartha tarmligthe sin an leibhéal dearbhúcháin is gá a bheidh comhréireach le leibhéal an riosca cibearshlándála a bhaineann leis na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus cuirfear i gcuntas iontu an chríoch a beartaíodh dóibh, lena n-áirítear an spleáchas criticiúil orthu ag eintitis fhíor-riachtanacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2022/2555.

Sula nglacfaidh sé na gníomhartha tarmligthe sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta atá beartaithe ar an margadh agus rachaidh sé i mbun comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear an Grúpa Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2019/881. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú ullmhacht agus leibhéal acmhainne na mBallstát chun an scéim Eorpach ábhartha um dheimhniú cibearshlándála a chur chun feidhme. I gcás nár glacadh aon ghníomh tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, beidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mbaineann a gcroífheidhmiúlacht le catagóir táirgí mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV faoi réir na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 32(3).

Leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfar foráil d'idirthréimhse íosta 6 mhí, mura mbeidh údar le hidirthréimhse níos giorra ar mhórchúiseanna práinne.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 61 chun Iarscríbhinn IV a leasú trí chatagóirí táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur leis nó a tharraingt siar. Agus na catagóirí sin de tháirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus an leibhéal dearbhúcháin is gá á gcinneadh aige, i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, cuirfidh an Coimisiún na critéir dá dtagraítear in Airteagal 7(2) i gcuntas agus áiritheoidh sé go gcomhlíonfaidh na catagóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas:

(a) go bhfuil spleáchas criticiúil ag eintitis fhíor-riachtanacha dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2022/2555 maidir leis an gcatagóir táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha;

(b) go bhféadfadh suaití tromchúiseacha do shlabhraí soláthair criticiúla ar fud an mhargaidh inmheánaigh a bheith mar thoradh ar theagmhais agus leochaileachtaí a shaothraítear a bhaineann leis an gcatagóir táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

Sula nglacfaidh sé na gníomhartha tarmligthe sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú den chineál dá dtagraítear i mír 1.

Leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfar foráil d'idirthréimhse íosta 6 mhí, mura mbeidh údar le hidirthréimhse níos giorra ar mhórchúiseanna práinne.

Airteagal 9

Comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí

1. Agus bearta á n-ullmhú aige chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha agus cuirfidh sé i gcuntas tuairimí na ngeallsealbhóirí ábhartha, amhail údaráis ábhartha na mBallstát, gnóthais san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, pobal na mbogearraí foinse oscailte, comhlachais tomhaltóirí, acadóirí, agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais chomh maith le grúpaí saineolaithe arna mbunú ar leibhéal an Aontais. Go háirithe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na geallsealbhóirí sin, ar bhealach struchtúrtha, i gcás inarb iomchuí, agus lorgóidh sé tuairimí na ngeallsealbhóirí sin le linn dó na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) an treoraíocht dá dtagraítear in Airteagal 26 a ullmhú;

(b) tuairiscí teicniúla ar na catagóirí táirgí a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 7(4), an gá atá le nuashonruithe féideartha ar liosta na gcatagóirí de tháirgí i gcomhréir le hAirteagal 7(3) agus le hAirteagal 8(2) a mheasúnú, nó an measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an margadh dá dtagraítear in Airteagal 8(1), gan dochar d'Airteagal 61;

(c) tabhairt faoi obair ullmhúcháin chun meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo.

2. Eagróidh an Coimisiún seisiúin thráthrialta comhairliúcháin agus faisnéise, uair sa bhliain ar a laghad, chun tuairimí na ngeallsealbhóirí dá dtagraítear i mír 1 a bhailiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

Airteagal 10

Scileanna a fheabhsú i dtimpeallacht dhigiteach chibear-athléimneach

Chun críocha an Rialacháin seo agus chun freagairt do riachtanais gairmithe chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo, déanfaidh na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún, ón Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála agus ó ENISA, i gcás inarb iomchuí, agus freagracht na mBallstát i réimse an oideachais á hurramú go hiomlán acu, bearta agus straitéisí a chur chun cinn arb é is aidhm leo:

(a) scileanna cibearshlándála a fhorbairt agus uirlisí eagraíochtúla agus teicneolaíocha a chruthú chun a áirithiú go mbeidh fáil leordhóthanach ar ghairmithe oilte chun tacú le gníomhaíochtaí na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta;

(b) comhar a mhéadú idir an earnáil phríobháideach, oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear trí athsciliú nó uas-sciliú fostaithe monaróirí, tomhaltóirí, soláthraithe oiliúna chomh maith le riaracháin phoiblí, agus ar an gcaoi sin na roghanna a leathnú do dhaoine óga chun rochtain a fháil ar phoist in earnáil na cibearshlándála.

Airteagal 11

Sábháilteacht ghinearálta táirgí

De mhaolú ar Airteagal 2(1), an tríú fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2023/988, beidh feidhm ag Caibidil III, Roinn 1, Caibidlí V agus VII, agus Caibidlí IX go XI den Rialachán sin maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha i ndáil le gnéithe agus rioscaí nó catagóirí rioscaí nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo i gcás nach bhfuil na táirgí sin faoi réir ceanglais shonracha sábháilteachta a leagtar síos i 'reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú' eile mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (27), de Rialachán (AE) 2023/988.

Airteagal 12

Córais intleachta saorga ardriosca

1. Gan dochar do na ceanglais maidir le cruinneas agus stóinseacht a leagtar amach in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1689, táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus a aicmítear mar chórais intleachta saorga ardriosca de bhun Airteagal 6 den Rialachán sin, measfar go gcomhlíonann na táirgí sin na ceanglais chibearshlándála a leagtar amach in Airteagal 15 den Rialachán sin sna cásanna seo a leanas:

(a) comhlíonann na táirgí sin na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I;

(b) comhlíonann na próisis a chuireann an monaróir ar bun na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I; agus

(c) léirítear baint amach leibhéal na cosanta cibearshlándála a cheanglaítear faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1689 i ndearbhú comhréireachta AE arna eisiúint faoin Rialachán seo.

2. Maidir leis na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus na ceanglais chibearshlándála dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, beidh feidhm ag an nós imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2024/1689. Chun críocha an mheasúnaithe sin, i gcás comhlachtaí faoina dtugtar fógra atá inniúil chun comhréireacht na gcóras intleachta saorga ardriosca faoi Rialachán (AE) 2024/1689 a rialú, beidh siad inniúil freisin chun comhréireacht na gcóras intleachta saorga ardriosca a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a rialú, ar choinníoll go ndearnadh na comhlachtaí sin faoina dtugtar fógra a mheasúnú maidir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 39 den Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh acu i gcomhthéacs an nós imeachta um fhógra a thabhairt faoi Rialachán (AE) 2024/1689.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, i gcás táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, táirgí atá faoi réir na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagail 32(2), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 32(3) den Rialachán seo agus táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo, a gceanglófar orthu deimhniú Eorpach cibearshlándála a fháil de bhun Airteagal 8(1) den Rialachán seo, nó, ina éagmais sin, atá faoi réir na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 32(3) den Rialachán seo, agus a aicmítear mar chórais intleachta saorga ardriosca de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2024/1689, agus a bhfuil feidhm ag an nós imeachta um measúnú comhréireachta atá bunaithe ar rialú inmheánach dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1689 maidir leo, beidh siad faoi réir na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a mhéid a bhaineann leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán seo.

4. Féadfaidh monaróirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo páirt a ghlacadh sna boscaí gainimh rialála intleachta saorga dá dtagraítear in Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2024/1689.

CAIBIDIL II

OIBLEAGÁIDÍ OIBREOIRÍ EACNAMAÍOCHA AGUS FORÁLACHA MAIDIR LE SAOR-BHOGEARRAÍ FOINSE OSCAILTE

Airteagal 13

Oibleagáidí monaróirí

1. Agus táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha á chur ar an margadh ag na monaróirí, áiritheoidh siad go ndearnadh é a dhearadh, a fhorbairt agus a tháirgeadh i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I.

2. Chun mír 1 a chomhlíonadh, tabharfaidh monaróirí faoi mheasúnú ar na rioscaí cibearshlándála a bhaineann le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus cuirfidh siad toradh an mheasúnaithe sin i gcuntas le linn chéimeanna pleanála, deartha, forbartha, táirgthe, seachadta agus cothabhála an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha d'fhonn na rioscaí cibearshlándála a laghdú, teagmhais a chosc agus an tionchar atá acu a mhaolú, lena n-áirítear a dtionchar i ndáil le sláinte agus sábháilteacht úsáideoirí.

3. Déanfar an measúnú riosca cibearshlándála a dhoiciméadú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is iomchuí le linn tréimhse thacaíochta a chinnfear i gcomhréir le mír 8 den Airteagal seo. Is éard a bheidh sa mheasúnú riosca cibearshlándála sin ar a laghad anailís ar rioscaí cibearshlándála bunaithe ar an gcríoch a beartaíodh agus ar an úsáid atá intuartha le réasún, chomh maith le coinníollacha úsáide an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, amhail an timpeallacht oibríochtúil nó na sócmhainní atá le cosaint, agus an fad ama a mheastar go mbeidh an táirge in úsáid á chur i gcuntas. Léireofar sa mheasúnú riosca cibearshlándála an bhfuil na ceanglais slándála a leagtar amach i gCuid I, pointe (2), d'Iarscríbhinn I, infheidhme maidir leis an táirge ábhartha ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus má tá, an chaoi a bhfuil siad, agus an chaoi a gcuirtear na ceanglais sin chun feidhme de réir na faisnéise atá sa mheasúnú riosca cibearshlándála. Léireofar ann freisin an chaoi a gcuirfidh an monaróir Cuid I, pointe (1), d'Iarscríbhinn I, agus na ceanglais maidir le láimhseáil leochaileachtaí a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I i bhfeidhm.

4. Agus táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha á chur ar an margadh ag an monaróir, cuirfidh sé an measúnú riosca cibearshlándála dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo san áireamh sa doiciméadacht theicniúil a cheanglaítear de bhun Airteagal 31 agus Iarscríbhinn VII. I gcás táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha dá dtagraítear in Airteagail 12, atá faoi réir gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais freisin, féadfaidh an measúnú riosca cibearshlándála a bheith mar chuid den mheasúnú riosca a cheanglaítear leis na gníomhartha dlí sin de chuid an Aontais. I gcás nach bhfuil ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha áirithe infheidhme maidir leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, cuirfidh an monaróir údar soiléir chuige sin san áireamh sa doiciméadacht theicniúil sin.

5. Chun mír 1 a chomhlíonadh, déanfaidh na monaróirí dícheall cuí a fheidhmiú agus comhpháirteanna a fhaigheann siad ó thríú páirtithe á gcomhtháthú acu ionas nach ndéanfaidh na comhpháirteanna sin cibearshlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur i mbaol, lena n-áirítear nuair a bheidh comhpháirteanna de shaor-bhogearraí foinse oscailte nár cuireadh ar fáil ar an margadh le linn gníomhaíocht tráchtála á gcomhtháthú.

6. Ar leochaileacht i gcomhpháirt a shainaithint do na monaróirí, lena n-áirítear leochaileacht i gcomhpháirt foinse oscailte, agus í comhtháite sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, tuairisceoidh siad an leochaileacht don duine nó don eintiteas a mhonaraíonn an chomhpháirt nó a bhfuil cothabháil á déanamh aige uirthi, agus tabharfaidh siad aghaidh ar an leochaileacht agus déanfaidh siad í a leigheas i gcomhréir leis na ceanglais maidir le láimhseáil leochaileachtaí a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I. I gcás ina bhfuil modhnú bogearraí nó crua-earraí forbartha ag monaróirí chun aghaidh a thabhairt ar an leochaileacht sa chomhpháirt sin, comhroinnfidh siad an cód nó an doiciméadacht ábhartha leis an duine nó leis an eintiteas a mhonaraíonn an chomhpháirt nó a bhfuil cothabháil á déanamh aige uirthi, i gcás inarb iomchuí i bhformáid mheaisín-inléite.

7. Déanfaidh na monaróirí doiciméadú córasach, ar bhealach atá comhréireach le cineál na rioscaí cibearshlándála, ar ghnéithe ábhartha cibearshlándála a bhaineann leis na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear leochaileachtaí a dtagann siad ar an eolas fúthu agus aon fhaisnéis ábhartha a chuireann tríú páirtithe ar fáil, agus, i gcás inarb infheidhme, tabharfaidh siad an measúnú riosca cibearshlándála ar na táirgí cothrom le dáta.

8. Áiritheoidh na monaróirí, agus táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha á chur ar an margadh acu, agus ar feadh na tréimhse tacaíochta, go ndéanfar leochaileachtaí an táirge sin, lena n-áirítear a chomhpháirteanna, a láimhseáil go héifeachtach agus i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II, d'Iarscríbhinn I.

Déanfaidh na monaróirí cinneadh faoin tréimhse thacaíochta ionas go léireofar léi an fad ama a meastar go mbeidh an táirge in úsáid lena linn, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar ionchais réasúnta úsáideoirí, cineál an táirge, lena n-áirítear an chríoch a beartaíodh dó, chomh maith le dlí ábhartha an Aontais lena gcinntear saolré táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Agus an tréimhse thacaíochta á cinneadh ag na monaróirí, féadfaidh siad an méid seo a leanas a chur i gcuntas freisin: tréimhsí tacaíochta táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil feidhmiúlacht chomhchosúil acu arna gcur ar an margadh ag monaróirí eile, infhaighteacht na timpeallachta oibriúcháin, tréimhsí tacaíochta na gcomhpháirteanna comhtháite lena soláthraítear príomhfheidhmeanna agus a fhaightear ó thríú páirtithe, chomh maith le treoraíocht ábhartha arna soláthar ag an ngrúpa tiomnaithe um chomhar riaracháin (ADCO) arna bhunú de bhun Airteagal 52(15) agus ag an gCoimisiún. Na hábhair atá le cur i gcuntas chun an tréimhse thacaíochta a chinneadh, déanfar iad a mheas ar bhealach lena n-áirithítear comhréireacht ar bhealach lena n-áirithítear comhréireacht.

Gan dochar don dara fomhír, 5 bliana ar a laghad a bheidh sa tréimhse thacaíochta. I gcás ina meastar go mbeidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha in úsáid ar feadh tréimhse níos lú ná 5 bliana, comhfhreagróidh an tréimhse thacaíochta don fhad ama a mheastar go mbeidh an táirge in úsáid.

Agus na moltaí ó ADCO dá dtagraítear in Airteagal 52(16) á gcur i gcuntas, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 61 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an íostréimhse thacaíochta a shonrú le haghaidh catagóirí sonracha táirgí i gcás ina dtugtar le fios leis na sonraí faireachais margaidh nach leor na tréimhsí tacaíochta.

Áireoidh na monaróirí an fhaisnéis a cuireadh i gcuntas chun tréimhse thacaíochta táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chinneadh sa doiciméadacht theicniúil mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

Beidh beartais agus nósanna imeachta iomchuí ag na monaróirí, lena n-áirítear beartais um nochtadh comhordaithe leochaileachtaí, dá dtagraítear i gCuid II, pointe (5), d'Iarscríbhinn I, chun leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, arna dtuairisciú ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha, a phróiseáil agus a leigheas.

9. Áiritheoidh na monaróirí go mbeidh gach nuashonrú slándála, dá dtagraítear i gCuid II, pointe (8), d'Iarscríbhinn I, a cuireadh ar fáil d'úsáideoirí le linn na tréimhse tacaíochta, fós ar fáil, tar éis é a eisiúint, go ceann 10 mbliana ar a laghad nó go ceann a bhfuil fágtha den tréimhse thacaíochta, cibé acu is faide.

10. I gcás inar chuir monaróir leaganacha de tháirge bogearraí arna modhnú go substaintiúil ina dhiaidh sin ar an margadh, féadfaidh an monaróir sin a áirithiú go gcomhlíonfar an ceanglas cibearshlándála fíor-riachtanach a leagtar amach i gCuid II, pointe (2), d'Iarscríbhinn I, don leagan is deireanaí a chuir an monaróir sin ar an margadh, agus don leagan sin amháin, ar choinníoll go mbeidh rochtain saor in aisce ag úsáideoirí na leaganacha a cuireadh ar an margadh roimhe sin ar an leagan is deireanaí a cuireadh ar an margadh agus nach dtabhóidh siad costais bhreise chun an timpeallacht crua-earraí agus bogearraí ina n-úsáideann siad an leagan bunaidh den táirge sin a choigeartú.

11. Féadfaidh na monaróirí cartlanna bogearraí poiblí a choinneáil ar bun lena gcuirfear feabhas ar rochtain úsáideoirí ar leaganacha roimhe sin. Sna cásanna sin, cuirfear úsáideoirí ar an eolas go soiléir ar bhealach atá inrochtana go héasca faoi na rioscaí a bhaineann le bogearraí gan tacaíocht a úsáid.

12. Sula gcuirfidh monaróirí táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh, tarraingeoidh siad suas an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 31.

Cuirfidh siad na nósanna imeachta roghnaithe um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 32 i gcrích nó socróidh siad go gcuirfear i gcrích iad.

I gcás inar léiríodh, leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta sin, go gcomhlíonann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I, agus go gcomhlíonann na próisis arna gcur ar bun ag an monaróir na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I, déanfaidh na monaróirí dearbhú comhréireachta AE a tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 28 agus déanfaidh siad an mharcáil CE a ghreamú i gcomhréir le hAirteagal 30.

13. Déanfaidh na monaróirí an doiciméadacht theicniúil agus dearbhú comhréireachta AE a choinneáil ar fáil do na húdaráis um fhaireachas margaidh go ceann 10 mbliana ar a laghad tar éis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh nó go ceann na tréimhse tacaíochta, cibé acu is faide.

14. Áiritheoidh na monaróirí go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm ionas go bhfanfaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus ar cuid iad de shraith tháirgthe i gcomhréir leis an Rialachán seo. Cuirfidh na monaróirí i gcuntas go leormhaith athruithe ar an bpróiseas forbartha agus táirgthe nó ar dhearadh nó ar shaintréithe an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus athruithe ar na caighdeáin chomhchuibhithe, ar na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála nó ar na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 27 a ndearbhaítear comhréireacht an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha trí thagairt dóibh nó a bhfíoraítear a chomhréireacht trí iad a chur i bhfeidhm.

15. Áiritheoidh na monaróirí go mbeidh uimhir chineáil, baiscuimhir nó sraithuimhir nó gné eile lenar féidir iad a shainaithint ar a dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, go soláthrófar an fhaisnéis sin ar a bpacáistíocht nó ar dhoiciméad a ghabhann leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

16. Déanfaidh na monaróirí ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe an mhonaróra, agus an seoladh poist, seoladh ríomhphoist nó sonraí teagmhála digiteacha eile, agus, i gcás inarb infheidhme, an suíomh gréasáin ar ar féidir dul i dteagmháil leis an monaróir, a chur in iúl ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ar a phacáistíocht nó ar dhoiciméad a ghabhann leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Áireofar an fhaisnéis sin freisin san fhaisnéis agus sna treoracha don úsáideoir a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Beidh na sonraí teagmhála i dteanga is féidir le húsáideoirí agus le húdaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint go héasca.

17. Chun críocha an Rialacháin seo, ainmneoidh na monaróirí pointe teagmhála aonair chun go mbeidh úsáideoirí in ann cumarsáid a dhéanamh leo go díreach agus go pras, lena n-áirítear chun tuairisciú ar leochaileachtaí an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a éascú.

Áiritheoidh na monaróirí go mbeidh an pointe teagmhála aonair so-aitheanta ag na húsáideoirí. Áireoidh siad freisin an pointe teagmhála aonair san fhaisnéis agus sna treoracha don úsáideoir a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Leis an bpointe teagmhála aonair, ligfear d'úsáideoirí na modhanna cumarsáide is fearr leo a roghnú agus ní bheidh siad teoranta d'uirlisí uathoibrithe.

18. Áiritheoidh na monaróirí go mbeidh an fhaisnéis agus na treoracha don úsáideoir a leagtar amach in Iarscríbhinn II, i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach, ag gabháil le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Soláthrófar an fhaisnéis agus na treoracha sin i dteanga is féidir le húsáideoirí agus le húdaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint go héasca. Beidh siad soiléir, intuigthe agus inléite. Ceadófar leo na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a shuiteáil, a oibriú agus a úsáid ar bhealach slán. Déanfaidh na monaróirí an fhaisnéis agus na treoracha don úsáideoir a leagtar amach in Iarscríbhinn II a choinneáil ar fáil d'úsáideoirí agus d'údaráis um fhaireachas margaidh go ceann 10 mbliana ar a laghad tar éis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh nó go ceann na tréimhse tacaíochta, cibé acu is faide. I gcás ina gcuirfear an fhaisnéis agus na treoracha sin ar fáil ar líne, áiritheoidh monaróirí go mbeidh siad inrochtana, soláimhsithe agus ar fáil ar líne go ceann 10 mbliana ar a laghad tar éis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh nó go ceann na tréimhse tacaíochta, cibé acu is faide.

19. Áiritheoidh na monaróirí go ndéanfar dáta deiridh na tréimhse tacaíochta dá dtagraítear i mír 8, lena n-áirítear ar a laghad an mhí agus an bhliain, a shonrú go soiléir sothuigthe tráth an cheannaigh ar bhealach atá inrochtana go héasca agus, i gcás inarb infheidhme, ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ar a phacáistíocht nó trí mhodhanna digiteacha.

I gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil i bhfianaise chineál an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, cuirfidh na monaróirí fógra ar taispeáint d'úsáideoirí ina gcuirfear in iúl dóibh gur shroich a dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha deireadh a thréimhse tacaíochta.

20. Soláthróidh na monaróirí cóip de dhearbhú comhréireachta AE nó dearbhú comhréireachta simplithe de chuid AE leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. I gcás ina soláthraítear dearbhú comhréireachta simplithe de chuid AE, áireofar ann an seoladh idirlín beacht ag ar féidir rochtain a fháil ar dhearbhú comhréireachta AE ina iomláine.

21. Ón uair a chuirtear táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh agus go ceann na tréimhse tacaíochta, monaróirí a bhfuil a fhios acu, nó a bhfuil cúis acu lena cheapadh nach bhfuil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó na próisis arna gcur ar bun ag an monaróir i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó próisis an mhonaróra a thabhairt chun comhréireachta, nó chun an táirge a tharraingt siar nó a aisghairm, de réir mar is iomchuí.

22. Ar iarraidh réasúnaithe ó údarás um fhaireachas margaidh, soláthróidh na monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile don údarás sin, i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach agus i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca, a bhfuil gá leo chun a léiriú go bhfuil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus na próisis arna gcur ar bun ag an monaróir i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Oibreoidh na monaróirí i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon bheart arna dhéanamh chun deireadh a chur leis na rioscaí cibearshlándála a bhaineann leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha arna chur ar an margadh acu.

23. Monaróir a scoireann dá oibríochtaí agus, dá bhrí sin, nach bhfuil in ann an Rialachán seo a chomhlíonadh, cuirfidh sé na húdaráis ábhartha um fhaireachas margaidh agus, trí aon mhodh atá ar fáil agus a mhéid is féidir, úsáideoirí na dtáirgí ábhartha ag a bhfuil eilimintí digiteacha arna gcur ar an margadh, ar an eolas faoin scor oibríochtaí atá le teacht, sula dtiocfaidh an scor oibríochtaí sin i bhfeidhm.

24. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme lena gcuirtear caighdeáin agus dea-chleachtais Eorpacha nó idirnáisiúnta i gcuntas, formáid agus eilimintí an liosta ábhar bogearraí dá dtagraítear i gCuid II, pointe (1), d'Iarscríbhinn I, a shonrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 62(2).

25. Chun measúnú a dhéanamh ar spleáchas na mBallstát agus an Aontais ina n-iomláine ar chomhpháirteanna bogearraí agus go háirithe ar chomhpháirteanna a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte, féadfaidh ADCO a chinneadh measúnú spleáchais ar fud an Aontais a dhéanamh ar chatagóirí sonracha táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Chun na críche sin, féadfaidh údaráis um fhaireachas margaidh a iarraidh ar mhonaróirí na gcatagóirí sin táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha na liostaí ábhar bogearraí ábhartha dá dtagraítear i gCuid II, pointe (1), d'Iarscríbhinn I, a sholáthar. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh faisnéis anaithnidithe chomhiomlánaithe faoi spleáchais ar bhogearraí a sholáthar do ADCO. Cuirfidh ADCO tuarascáil maidir le torthaí an mheasúnaithe spleáchais faoi bhráid an Ghrúpa Comhair arna bhunú de bhun Airteagal 14 de Threoir (AE) 2022/2555.

Airteagal 14

Oibleagáidí tuairiscithe monaróirí

1. Déanfaidh monaróir fógra a thabhairt, an tráth céanna, don CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir, i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo, agus do ENISA faoi aon leochaileacht a shaothraítear go gníomhach atá sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, faoina dtagann sé ar an eolas. Tabharfaidh an monaróir fógra faoin leochaileacht sin a shaothraítear go gníomhach tríd an ardán tuairiscithe aonair arna bhunú de bhun Airteagal 16.

2. Chun críocha an fhógra dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an monaróir an méid seo a leanas isteach:

(a) fógra luathrabhaidh faoi leochaileacht a shaothraítear go gníomhach, gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis don mhonaróir teacht ar an eolas fúithi, ina léireofar, i gcás inarb infheidhme, na Ballstáit faoina bhfuil an monaróir ar an eolas gur cuireadh a tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ar a gcríoch;

(b) mura bhfuil an fhaisnéis ábhartha curtha ar fáil cheana, fógra leochaileachta, gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 72 uair an chloig tar éis don mhonaróir teacht ar an eolas faoin leochaileacht a shaothraítear go gníomhach, ina soláthrófar faisnéis ghinearálta, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, faoin táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha, cineál ginearálta an tsaothraithe agus na leochaileachta lena mbaineann chomh maith le haon bheart ceartaitheach nó maolaitheach arna dhéanamh, agus bearta ceartaitheacha nó maolaitheacha is féidir le húsáideoirí a dhéanamh, agus ina léireofar freisin, i gcás inarb infheidhme, a íogaire atá an fhaisnéis faoina dtugtar fógra, dar leis an monaróir;

(c) mura bhfuil an fhaisnéis ábhartha curtha ar fáil cheana, tuarascáil chríochnaitheach, tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis beart ceartaitheach nó maolaitheach a bheith ar fáil, ina n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:

(i) tuairisc ar an leochaileacht, lena n-áirítear a déine agus a tionchar;

(ii) i gcás ina mbeidh fáil uirthi, faisnéis maidir le haon ghníomhaí mailíseach a shaothraigh nó a shaothraíonn an leochaileacht;

(iii) mionsonraí faoin nuashonrú slándála nó faoi bhearta ceartaitheacha eile a cuireadh ar fáil chun an leochaileacht a leigheas.

3. Déanfaidh monaróir fógra a thabhairt, ag tráth céanna, don CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir, i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo, agus do ENISA faoi aon teagmhas tromchúiseach a bhfuil tionchar aige ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, faoina dtagann sé ar an eolas. Tabharfaidh an monaróir fógra faoin teagmhas sin tríd an ardán tuairiscithe aonair arna bhunú de bhun Airteagal 16.

4. Chun críocha an fhógra dá dtagraítear i mír 3, cuirfidh an monaróir an méid seo a leanas isteach:

(a) fógra luathrabhaidh faoi theagmhas tromchúiseach a bhfuil tionchar aige ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis don mhonaróir teacht ar an eolas faoi, lena n-áirítear ar a laghad an bhfuil amhras ann gur ghníomhartha neamhdhleathacha nó mailíseacha ba chúis leis an teagmhas, agus ina léireofar freisin, i gcás inarb infheidhme, na Ballstáit faoina bhfuil an monaróir ar an eolas gur cuireadh a tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ar a gcríoch;

(b) mura bhfuil an fhaisnéis ábhartha curtha ar fáil cheana, fógra teagmhais, gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 72 uair an chloig tar éis don mhonaróir teacht ar an eolas faoin teagmhas, ina soláthrófar faisnéis ghinearálta, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, faoi chineál an teagmhais, measúnú tosaigh ar an teagmhas, chomh maith le haon bheart ceartaitheach nó maolaitheach arna dhéanamh, agus bearta ceartaitheacha nó maolaitheacha is féidir le húsáideoirí a dhéanamh, agus ina léireofar freisin, i gcás inarb infheidhme, a íogaire atá an fhaisnéis faoina dtugtar fógra, dar leis an monaróir;

(c) mura bhfuil an fhaisnéis ábhartha curtha ar fáil cheana, tuarascáil chríochnaitheach, laistigh de 1 mhí amháin tar éis an fógra teagmhais a chur isteach faoi phointe (b), ina n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:

(i) tuairisc mhionsonraithe ar an teagmhas, lena n-áirítear a dhéine agus a thionchar;

(ii) an cineál bagartha nó an bhunchúis ar dócha gur spreag sí an teagmhas;

(iii) bearta maolaitheacha arna gcur i bhfeidhm agus bearta maolaitheacha leanúnacha.

5. Chun críocha mhír 3, measfar teagmhas a bhfuil tionchar aige ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bheith tromchúiseach sna cásanna seo a leanas:

(a) déanann sé difear diúltach, nó d'fhéadfadh sé difear diúltach a dhéanamh, do chumas táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht sonraí nó feidhmeanna íogaire nó tábhachtacha a chosaint; nó

(b) tugadh isteach cód mailíseach nó rinneadh é a fhorghníomhú i dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó i gcórais líonraí agus faisnéise úsáideoir an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha dá dheasca, nó d'fheadfadh an méid sin teacht as.

6. I gcás inar gá, féadfaidh an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir a fhaigheann an fógra ar dtús a iarraidh ar mhonaróirí tuarascáil idirmheánach a sholáthar maidir le nuashonruithe ábhartha ar stádas na leochaileachta a shaothraítear go gníomhach nó an teagmhais thromchúisigh a bhfuil tionchar aige ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

7. Cuirfear na fógraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 den Airteagal seo isteach tríd an ardán tuairiscithe aonair dá dtagraítear in Airteagal 16 agus úsáid á baint as ceann de na críochphointí fógartha leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 16(1). Cuirfear an fógra isteach trí úsáid a bhaint as críochphointe fógartha leictreonach an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir de chuid an Bhallstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht na monaróirí san Aontas agus beidh rochtain ag ENISA air an tráth céanna.

Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur sa Bhallstát ina ndéantar na cinntí a bhaineann le cibearshlándáil a tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha den chuid is mó atá príomhbhunaíocht mhonaróra san Aontas. Mura féidir an Ballstát sin a chinneadh, measfar go bhfuil an phríomhbhunaíocht sa Bhallstát ina bhfuil an bhunaíocht ina bhfuil an líon is airde fostaithe san Aontas ag an monaróir lena mbaineann.

I gcás nach bhfuil aon phríomhbhunaíocht ag monaróir san Aontas, cuirfidh sé na fógraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 isteach trí úsáid a bhaint as críochphointe fógartha leictreonach an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir sa Bhallstát arna chinneadh de bhun an oird seo a leanas agus bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil don mhonaróir:

(a) an Ballstát ina bhfuil an t-ionadaí údaraithe, atá ag gníomhú thar ceann an mhonaróra don líon is airde táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha de chuid an mhonaróra sin, bunaithe;

(b) an Ballstát ina bhfuil an t-allmhaireoir, a chuireann an líon is airde táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha de chuid an mhonaróra sin ar an margadh, bunaithe;

(c) an Ballstát ina bhfuil an dáileoir, a chuireann an líon is airde táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha de chuid an mhonaróra sin ar fáil ar an margadh, bunaithe;

(d) an Ballstát ina bhfuil an líon is airde úsáideoirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha de chuid an mhonaróra sin lonnaithe.

I ndáil leis an tríú fomhír, pointe (d), féadfaidh monaróir fógraí a bhaineann le haon leochaileacht a shaothraítear go gníomhach nó le haon teagmhas tromchúiseach a bhfuil tionchar aige ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina dhiaidh sin a chur faoi bhráid an CSIRT céanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoir ar thuairiscigh sé dó den chéad uair.

8. Tar éis don mhonaróir teacht ar an eolas faoi leochaileacht a shaothraítear go gníomhach nó faoi theagmhas tromchúiseach a bhfuil tionchar aige ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, cuirfidh sé úsáideoirí an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, cuirfidh sé úsáideoirí an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a ndéantar difear dóibh, agus i gcás inarb iomchuí na húsáideoirí uile, ar an eolas faoin leochaileacht nó faoin teagmhas sin agus, i gcás inar gá, faoi aon bheart maolaithe riosca agus ceartaitheach is féidir leis na húsáideoirí a úsáid chun tionchar na leochaileachta nó an teagmhais sin a mhaolú, i gcás inarb iomchuí i bhformáid struchtúrtha mheaisín-inléite is féidir a phróiseáil go héasca agus go huathoibríoch. I gcás ina mainníonn an monaróir úsáideoirí an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an eolas go tráthúil, féadfaidh na CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí dá dtugtar fógra an fhaisnéis sin a sholáthar do na húsáideoirí nuair a mheasfar í a bheith comhréireach agus riachtanach chun tionchar na leochaileachta nó an teagmhais sin a chosc nó a mhaolú.

9. Faoin 11 Nollaig 2025, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 61 den Rialachán seo chun é a fhorlíonadh trí na téarmaí agus na coinníollacha a shonrú le haghaidh na forais chibearshlándála a chur i bhfeidhm i ndáil le moill a chur ar scaipeadh fógraí dá dtagraítear in Airteagal 16(2) den Rialachán seo. Oibreoidh an Coimisiún i gcomhar le gréasán CSIRTanna arna bhunú de bhun Airteagal 15 de Threoir (AE) 2022/2555 agus le ENISA agus na dréachtghníomhartha tarmligthe á n-ullmhú aige.

10. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, formáid agus nósanna imeachta na bhfógraí dá dtagraítear san Airteagal seo agus in Airteagail 15 agus 16 a shonrú tuilleadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 62(2). Oibreoidh an Coimisiún i gcomhar le gréasán CSIRTanna agus le ENISA agus na dréachtghníomhartha cur chun feidhme sin á n-ullmhú aige.

Airteagal 15

Tuairisciú deonach

1. Féadfaidh na monaróirí chomh maith le daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile fógra a thabhairt ar bhonn deonach do CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir nó do ENISA faoi aon leochaileacht atá i dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus faoi chibearbhagairtí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do phróifíl riosca táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

2. Féadfaidh na monaróirí chomh maith le daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile fógra a thabhairt ar bhonn deonach do CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir nó do ENISA faoi aon teagmhas a bhfuil tionchar aige ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus faoi neasteagmhais a bhféadfadh teagmhas den sórt sin a bheith mar thoradh orthu.

3. Déanfaidh an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir nó ENISA na fógraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a phróiseáil i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 16.

Féadfaidh an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir tosaíocht a thabhairt do phróiseáil fógraí éigeantacha roimh phróiseáil fógraí deonacha.

4. I gcás ina dtugann duine nádúrtha nó dlítheanach seachas an monaróir fógra faoi leochaileacht a shaothraítear go gníomhach nó faoi theagmhas tromchúiseach a bhfuil tionchar aige ar shlándáil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i gcomhréir le mír 1 nó 2, cuirfidh an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir an monaróir ar an eolas gan moill mhíchuí.

5. Áiritheoidh na CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí mar aon le ENISA rúndacht agus cosaint iomchuí na faisnéise arna soláthar ag duine nádúrtha nó dlítheanach a thugann fógra. Gan dochar do chionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, ní bheidh mar thoradh ar an tuairisciú deonach go ndéanfar aon oibleagáid bhreise a fhorchur ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach a thugann fógra, arb oibleagáidí iad nach mbeadh sé faoina réir mura mbeadh an fógra curtha isteach aige.

Airteagal 16

Ardán tuairiscithe aonair a bhunú

1. Chun críocha na bhfógraí dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus (3) agus in Airteagal 15(1) agus (2) agus chun na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar mhonaróirí a shimpliú, bunóidh ENISA ardán tuairiscithe aonair. Déanfaidh ENISA oibríochtaí laethúla an ardáin tuairiscithe aonair sin a bhainistiú agus a choinneáil ar bun. Le hollstruchtúr an ardáin tuairiscithe aonair, cuirfear ar chumas na mBallstát agus ENISA críochphointí fógartha leictreonacha dá gcuid féin a chur i bhfeidhm.

2. Tar éis dó fógra a fháil, déanfaidh an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir a fhaigheann an fógra ar dtús an fógra a scaipeadh tríd an ardán tuairiscithe aonair, gan mhoill, ar na CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí a bhfuil sé tugtha le fios ag an monaróir ina leith gur cuireadh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ar a gcríoch.

In imthosca eisceachtúla agus, go háirithe, arna iarraidh sin don mhonaróir agus i bhfianaise leibhéal íogaireachta na faisnéise faoina dtugtar fógra mar atá léirithe ag an monaróir faoi Airteagal 14(2), pointe (a), den Rialachán seo, féadfar moill a chur ar scaipeadh an fhógra, ar bhonn forais chibearshlándála a bhfuil údar leo, ar feadh tréimhse a bhfuil géarghá léi, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil leochaileacht faoi réir nós imeachta um nochtadh comhordaithe leochaileachtaí dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Threoir (AE) 2022/2555. I gcás ina gcinneann CSIRT fógra a choinneáil siar, cuirfidh sé ENISA ar an eolas láithreach faoin gcinneadh agus tabharfaidh sé údar leis an bhfógra a choinneáil siar chomh maith le léiriú ar cathain a scaipfidh sé an fógra i gcomhréir leis an nós imeachta scaipthe a leagtar síos sa mhír seo. Féadfaidh ENISA tacú leis an CSIRT ar fhorais chibearshlándála a chur i bhfeidhm i ndáil le moill a chur ar scaipeadh an fhógra.

In imthosca fíoreisceachtúla, i gcás ina léiríonn an monaróir san fhógra dá dtagraítear in Airteagal 14(2), pointe (b):

(a) gur shaothraigh gníomhaí mailíseach an leochaileacht faoina dtugtar fógra go gníomhach agus, de réir na faisnéise atá ar fáil, nár saothraíodh í in aon Bhallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuil an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir ar thug an monaróir fógra faoin leochaileacht dó;

(b) gur dócha go mbeadh soláthar faisnéise mar thoradh ar scaipeadh breise láithreach na leochaileachta faoina dtugtar fógra, ar faisnéis í a mbeadh a nochtadh contrártha do leasanna bunúsacha an Bhallstáit sin; nó

(c) go bhfuil gar-riosca ard cibearshlándála ag baint leis an leochaileacht faoina dtugtar fógra, ar riosca é a eascraíonn as an scaipeadh breise;

ní dhéanfar ach an fhaisnéis go ndearna an monaróir fógra a thabhairt, an fhaisnéis ghinearálta faoin táirge, an fhaisnéis faoi chineál ginearálta an tsaothraithe agus an fhaisnéis gur tugadh an fógra ar bhonn forais slándála, a chur ar fáil an tráth céanna do ENISA go dtí go scaipfear an fógra ina iomláine ar na CSIRTanna lena mbaineann agus ar ENISA. I gcás ina measann ENISA, bunaithe ar an bhfaisnéis sin, go bhfuil riosca sistéamach ann a dhéanann difear don tslándáil sa mhargadh inmheánach, molfaidh sé don CSIRT fála an fógra ina iomláine a scaipeadh ar na CSIRTanna eile atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí agus ar ENISA féin.

3. Tar éis fógra a fháil faoi leochaileacht a shaothraítear go gníomhach i dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó faoi theagmhas tromchúiseach a bhfuil tionchar aige ar shlándáil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, déanfaidh na CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí an fhaisnéis faoina dtugtar fógra a sholáthar d'údaráis um fhaireachas margaidh a mBallstát faoi seach, ar faisnéis í is gá chun go bhféadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

4. Déanfaidh ENISA bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla atá iomchuí agus comhréireach chun bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le slándáil an ardáin tuairiscithe aonair agus na faisnéise a chuirtear isteach nó a scaiptear tríd an ardán tuairiscithe aonair. Tabharfaidh sé fógra gan moill mhíchuí faoi aon teagmhas slándála a dhéanann difear don ardán tuairiscithe aonair do ghréasán CSIRTanna agus don Choimisiún.

5. Déanfaidh ENISA, i gcomhar le gréasán CSIRTanna, sonraíochtaí a sholáthar agus a chur chun feidhme maidir leis na bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla a bhaineann le bunú, cothabháil agus oibriú slán an ardáin tuairiscithe aonair dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear ar a laghad na socruithe slándála a bhaineann le bunú, oibriú agus cothabháil an ardáin tuairiscithe aonair, chomh maith leis na críochphointí fógartha leictreonacha arna gcur ar bun ag na CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí ar an leibhéal náisiúnta agus ag ENISA ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear gnéithe nós imeachta chun a áirithiú, i gcás nach mbeidh aon bheart ceartaitheach nó maolaitheach ar fáil do leochaileacht faoina dtugtar fógra, go gcomhroinnfear faisnéis faoin leochaileacht sin i gcomhréir le prótacail dhiana slándála agus ar bhonn riachtanas eolais.

6. I gcás inar cuireadh CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir ar an eolas faoi leochaileacht a shaothraítear go gníomhach mar chuid de nós imeachta um nochtadh comhordaithe leochaileachtaí dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Threoir (AE) 2022/2555, féadfaidh an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir a fhaigheann an fógra ar dtús moill a chur ar scaipeadh an fhógra ábhartha tríd an ardán tuairiscithe aonair, ar bhonn forais chibearshlándála a bhfuil údar leo, ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá agus go dtí go dtabharfaidh na páirtithe a bhfuil baint acu le nochtadh comhordaithe leochaileachtaí a dtoiliú. Leis an gceanglas sin, ní chuirfear cosc ar mhonaróirí fógra a thabhairt faoi leochaileacht den sórt sin ar bhonn deonach i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos san Airteagal seo.

Airteagal 17

Forálacha eile a bhaineann le tuairisciú

1. Féadfaidh ENISA faisnéis faoina dtugtar fógra de bhun Airteagal 14(1) agus (3) agus Airteagal 15(1) agus (2) den Rialachán seo a chur faoi bhráid an Líonra Eorpaigh um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibirghéarchéimeanna (EU-CyCLONe) arna bhunú le hAirteagal 16 de Threoir (AE) 2022/2555 má tá an fhaisnéis sin ábhartha maidir le bainistiú comhordaithe teagmhas agus géarchéimeanna cibearshlándála ar mhórscála ar an leibhéal oibríochtúil. Chun an ábharthacht sin a chinneadh, féadfaidh ENISA anailísí teicniúla arna ndéanamh ag gréasán CSIRTanna a mheas, i gcás ina mbeidh fáil orthu.

2. I gcás ina bhfuil gá le feasacht an phobail chun teagmhas tromchúiseach a bhfuil tionchar aige ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chosc nó a mhaolú nó chun teagmhas leanúnach a láimhseáil, nó i gcás ina bhfuil nochtadh an teagmhais chun leasa an phobail ar shlí eile, féadfaidh an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir de chuid an Bhallstáit ábhartha, tar éis dó dul i gcomhairle leis an monaróir lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí, i gcomhar le ENISA, an pobal a chur ar an eolas faoin teagmhas nó a cheangal ar an monaróir déanamh amhlaidh.

3. Gach 24 mhí, ullmhóidh ENISA, ar bhonn na bhfógraí atá faighte aige de bhun Airteagal 14(1) agus (3) agus Airteagal 15(1) agus (2) den Rialachán seo, tuarascáil theicniúil maidir le treochtaí atá ag teacht chun cinn i ndáil le rioscaí cibearshlándála i dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus cuirfidh sé í faoi bhráid an Ghrúpa Comhair arna bhunú de bhun Airteagal 14 de Threoir (AE) 2022/2555. Cuirfear an chéad tuarascáil den sórt sin isteach laistigh de 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 14(1) agus (3). Déanfaidh ENISA faisnéis ábhartha óna thuarascálacha teicniúla a áireamh ina thuarascáil maidir le staid na cibearshlándála san Aontas de bhun Airteagal 18 de Threoir (AE) 2022/2555.

4. Trí fhógra a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 14(1) agus (3) nó Airteagal 15(1) agus (2), ní chuirfear duine nádúrtha nó dlítheanach a thugann fógra faoi dhliteanas méadaithe.

5. Tar éis nuashonrú slándála nó cineál eile birt cheartaithigh nó mhaolaithigh a bheith ar fáil, déanfaidh ENISA, i gcomhaontú le monaróir an táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha, an leochaileacht a bhfuiltear ar an eolas fúithi go poiblí agus faoina dtugtar fógra de bhun Airteagal 14(1) nó Airteagal 15(1) den Rialachán seo a chur leis an mbunachar sonraí Eorpach maidir le leochaileachtaí arna bhunú de bhun Airteagal 12(2) de Threoir (AE) 2022/2555.

6. Soláthróidh na CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí tacaíocht ón deasc chabhrach i ndáil leis na hoibleagáidí tuairiscithe de bhun Airteagal 14 do mhonaróirí agus go háirithe do mhonaróirí a cháilíonn mar mhicrifhiontair nó mar fhiontair bheaga nó mheánmhéide.

Airteagal 18

Ionadaithe údaraithe

1. Féadfaidh monaróir, trí shainordú i scríbhinn, ionadaí údaraithe a cheapadh.

2. Ní bheidh na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 13(1) go (11), Airteagal 13(12), an chéad fhomhír, agus Airteagal 13(14) ina gcuid de shainordú an ionadaí údaraithe.

3. Comhlíonfaidh ionadaí údaraithe na cúraimí arna sonrú sa sainordú a gheofar ón monaróir. Soláthróidh an t-ionadaí údaraithe cóip den sainordú do na húdaráis um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin. Leis an sainordú sin, ligfear don ionadaí údaraithe an méid seo a leanas, ar a laghad, a dhéanamh:

(a) dearbhú comhréireachta AE dá dtagraítear in Airteagal 28 agus an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 31 a choinneáil ar fáil do na húdaráis um fhaireachas margaidh go ceann 10 mbliana ar a laghad tar éis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh nó go ceann na tréimhse tacaíochta, cibé acu is faide;

(b) ar iarraidh réasúnaithe ó údarás um fhaireachas margaidh, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile a sholáthar don údarás sin, a bhfuil gá leo chun comhréireacht an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a léiriú;

(c) oibriú i gcomhar leis na húdaráis um fhaireachas margaidh, arna iarraidh sin dóibh, maidir le haon bheart arna dhéanamh chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chumhdaítear le sainordú an ionadaí údaraithe.

Airteagal 19

Oibleagáidí allmhaireoirí

1. Ní chuirfidh allmhaireoirí ar an margadh ach táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chomhlíonann na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I, agus i gcás ina gcomhlíonann na próisis arna gcur ar bun ag an monaróir na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I.

2. Sula gcuirfidh siad táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh, áiritheoidh na hallmhaireoirí an méid seo a leanas:

(a) tá na nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 32 curtha i gcrích ag an monaróir;

(b) tá an doiciméadacht theicniúil tarraingthe suas ag an monaróir;

(c) tá an mharcáil CE dá dtagraítear in Airteagal 30 ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus tá dearbhú comhréireachta AE dá dtagraítear in Airteagal 13(20) agus an fhaisnéis agus na treoracha don úsáideoir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II ag gabháil leis i dteanga is féidir le húsáideoirí agus le húdaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint go héasca;

(d) chomhlíon an monaróir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 13(15), (16) agus (19).

Chun críocha na míre seo, beidh allmhaireoirí in ann na doiciméid is gá a sholáthar lena gcruthaítear gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.

3. I gcás ina measann allmhaireoir, nó ina bhfuil cúis aige lena cheapadh nach bhfuil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ná na próisis arna gcur ar bun ag an monaróir i gcomhréir leis an Rialachán seo, ní chuirfidh an t-allmhaireoir an táirge ar an margadh go dtí go dtabharfar an táirge sin nó na próisis arna gcur ar bun ag an monaróir chun comhréireachta leis an Rialachán seo. Thairis sin, i gcás ina bhfuil riosca suntasach cibearshlándála ag baint leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, tabharfaidh an t-allmhaireoir an méid sin le fios don mhonaróir agus do na húdaráis um fhaireachas margaidh.

I gcás ina bhfuil cúis ag an allmhaireoir lena cheapadh go bhféadfadh riosca suntasach cibearshlándála a bheith ag baint le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i bhfianaise tosca neamhtheicniúla riosca, tabharfaidh an t-allmhaireoir an méid sin le fios do na húdaráis um fhaireachas margaidh. Tar éis dóibh an fhaisnéis sin a fháil, leanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 54(2).

4. Déanfaidh na hallmhaireoirí a n-ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe, an seoladh poist, seoladh ríomhphoist nó sonraí teagmhála digiteacha eile, agus, i gcás inarb infheidhme, an suíomh gréasáin ar ar féidir dul i dteagmháil leo, a chur in iúl ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó ar a phacáistíocht nó ar dhoiciméad a ghabhann leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Beidh na sonraí teagmhála i dteanga is féidir le húsáideoirí agus le húdaráis um fhaireachas margaidh a thuiscint go héasca.

5. Maidir le hallmhaireoirí a bhfuil a fhios acu, nó a bhfuil cúis acu lena cheapadh, nach bhfuil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha arna chur ar an margadh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun a áirithiú go dtabharfar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun comhréireachta leis an Rialachán seo, nó chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm, más iomchuí.

Ar theacht ar an eolas dóibh faoi leochaileacht sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, cuirfidh na hallmhaireoirí an monaróir ar an eolas faoin leochaileacht sin gan moill mhíchuí. Thairis sin, i gcás ina bhfuil riosca suntasach cibearshlándála ag baint leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, tabharfaidh na hallmhaireoirí an méid sin le fios gan mhoill d'údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar chuir siad an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ar an margadh, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoi neamhchomhlíonadh agus faoi aon bheart ceartaitheach arna dhéanamh.

6. Déanfaidh na hallmhaireoirí, go ceann 10 mbliana ar a laghad tar éis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh nó go ceann na tréimhse tacaíochta, cibé acu is faide, cóip de dhearbhú comhréireachta AE a choinneáil ar fáil do na húdaráis um fhaireachas margaidh agus áiritheoidh siad gur féidir an doiciméadacht theicniúil a chur ar fáil do na húdaráis sin, arna iarraidh sin dóibh.

7. Ar iarraidh réasúnaithe ó údarás um fhaireachas margaidh, soláthróidh na hallmhaireoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile dó, i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach, a bhfuil gá leo chun a léiriú go bhfuil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I, agus go bhfuil na próisis arna gcur ar bun ag an monaróir i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I freisin, agus go ndéanfar an méid sin

i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon bheart arna dhéanamh chun deireadh a chur leis na rioscaí cibearshlándála a bhaineann le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha arna chur ar an margadh acu.

8. I gcás ina dtugann allmhaireoir táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi deara gur scoir monaróir an táirge sin dá oibríochtaí agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sé in ann na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh, tabharfaidh an t-allmhaireoir an méid sin le fios do na húdaráis ábhartha um fhaireachas margaidh agus cuirfidh sé úsáideoirí na dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha arna gcur ar an margadh ar an eolas faoi freisin, trí aon mhodh atá ar fáil agus a mhéid is féidir.

Airteagal 20

Oibleagáidí dáileoirí

1. Agus táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha á chur ar fáil ar an margadh acu, gníomhóidh dáileoirí le cúram cuí i ndáil leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo.

2. Sula gcuirfidh dáileoirí táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ar an margadh, fíoróidh siad an méid seo a leanas:

(a) tá an mharcáil CE ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha;

(b) chomhlíon an monaróir agus an t-allmhaireoir na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 13(15), (16), (18), (19) agus (20) agus Airteagal 19(4), agus rinne siad na doiciméid uile is gá a sholáthar don dáileoir.

3. I gcás ina measann dáileoir, nó ina bhfuil cúis aige lena cheapadh, ar bhonn na faisnéise atá ina sheilbh aige, nach bhfuil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ná na próisis arna gcur ar bun ag an monaróir i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ní chuirfidh an dáileoir an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ar an margadh go dtí go dtabharfar an táirge sin nó na próisis arna gcur ar bun ag an monaróir chun comhréireachta leis an Rialachán seo. Thairis sin, i gcás ina bhfuil riosca suntasach cibearshlándála ag baint leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, tabharfaidh an dáileoir an méid sin le fios don mhonaróir agus do na húdaráis um fhaireachas margaidh gan moill mhíchuí.

4. Dáileoirí a bhfuil a fhios acu, nó a bhfuil cúis acu lena cheapadh, ar bhonn na faisnéise atá ina seilbh acu, nach bhfuil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha arna chur ar fáil ar an margadh acu nó na próisis arna gcur ar bun ag a mhonaróir i gcomhréir leis an Rialachán seo, áiritheoidh siad go ndéanfar na bearta ceartaitheacha is gá chun an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó na próisis arna gcur ar bun ag a mhonaróir a thabhairt chun comhréireachta, nó chun an táirge a tharraingt siar nó a aisghairm, más iomchuí.

Ar theacht ar an eolas dóibh faoi leochaileacht sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, cuirfidh na dáileoirí an monaróir ar an eolas faoin leochaileacht sin gan moill mhíchuí. Thairis sin, i gcás ina bhfuil riosca suntasach cibearshlándála ag baint leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, tabharfaidh na dáileoirí an méid sin le fios gan mhoill d'údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar chuir siad an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ar an margadh, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoin neamhchomhlíonadh agus faoi aon bheart ceartaitheach arna dhéanamh.

5. Ar iarraidh réasúnaithe ó údarás um fhaireachas margaidh, soláthróidh na dáileoirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile dó, i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach, a bhfuil gá leo chun a léiriú go bhfuil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus na próisis arna gcur ar bun ag a mhonaróir i gcomhréir leis an Rialachán seo agus go ndéanfar an méid sin i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, maidir le haon bheart arna dhéanamh chun deireadh a chur leis na rioscaí cibearshlándála a bhaineann le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha arna chur ar fáil ar an margadh acu.

6. I gcás ina dtugann dáileoir táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi deara, ar bhonn na faisnéise atá ina seilbh aige, gur scoir monaróir an táirge sin dá oibríochtaí agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sé in ann na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh, tabharfaidh an dáileoir an méid sin le fios do na húdaráis ábhartha um fhaireachas margaidh gan moill mhíchuí agus cuirfidh sé úsáideoirí na dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha arna gcur ar an margadh ar an eolas faoi freisin, trí aon mhodh atá ar fáil agus a mhéid is féidir.

Airteagal 21

Cásanna ina bhfuil feidhm ag oibleagáidí monaróirí maidir leis na hallmhaireoirí agus na dáileoirí

Measfar allmhaireoir nó dáileoir a bheith ina mhonaróir chun críocha an Rialacháin seo agus beidh sé faoi réir Airteagail 13 agus 14, i gcás ina gcuireann an t-allmhaireoir nó an dáileoir sin táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc nó i gcás ina ndéanann sé modhnú substaintiúil ar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh cheana.

Airteagal 22

Cásanna eile ina bhfuil feidhm ag oibleagáidí monaróirí

1. Duine nádúrtha nó dlítheanach, seachas an monaróir, an t-allmhaireoir nó an dáileoir, a dhéanann modhnú substaintiúil ar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a chuireann an táirge ar fáil ar an margadh, measfar gur monaróir é chun críocha an Rialacháin seo.

2. Beidh an duine dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 13 agus 14 maidir leis an gcuid den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a ndéanann an modhnú substaintiúil difear di nó, má tá tionchar ag an modhnú substaintiúil ar chibearshlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine, maidir leis an táirge iomlán.

Airteagal 23

Oibreoirí eacnamaíocha a shainaithint

1. Déanfaidh na hoibreoirí eacnamaíocha, arna iarraidh sin, an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar do na húdaráis um fhaireachas margaidh:

(a) ainm agus seoladh aon oibreora eacnamaíoch a sholáthair táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha dóibh;

(b) i gcás ina bhfuil fáil orthu, ainm agus seoladh aon oibreora eacnamaíoch ar sholáthair siad táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha dó.

2. Beidh oibreoirí eacnamaíocha in ann an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur i láthair go ceann 10 mbliana tar éis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a sholáthar dóibh agus go ceann 10 mbliana tar éis dóibh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a sholáthar.

Airteagal 24

Oibleagáidí maor bogearraí foinse oscailte

1. Déanfaidh maoir bogearraí foinse oscailte beartas cibearshlándála a chur i bhfeidhm agus a dhoiciméadú ar bhealach infhíoraithe chun forbairt táirge shláin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chothú chomh maith le láimhseáil éifeachtach leochaileachtaí ag forbróirí an táirge sin. Leis an mbeartas sin, cothófar tuairisciú deonach ar leochaileachtaí mar a leagtar síos in Airteagal 15 ag forbróirí an táirge sin agus cuirfear i gcuntas ann cineál sonrach an mhaoir bogearraí foinse oscailte agus na socruithe dlíthiúla agus eagraíochtúla a bhfuil sé faoina réir. Áireofar sa bheartas sin, go háirithe, gnéithe a bhaineann le leochaileachtaí a dhoiciméadú, aghaidh a thabhairt orthu agus iad a leigheas, agus comhroinnt faisnéise maidir le leochaileachtaí a aimsítear laistigh den phobal foinse oscailte a chur chun cinn.

2. Oibreoidh maoir bogearraí foinse oscailte i gcomhar leis na húdaráis um fhaireachas margaidh, arna iarraidh sin dóibh, d'fhonn na rioscaí cibearshlándála a bhaineann le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte a mhaolú.

Ar iarraidh réasúnaithe ó údarás um fhaireachas margaidh, soláthróidh maoir bogearraí foinse oscailte an doiciméadacht dá dtagraítear i mír 1 don údarás sin, i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach agus i dteanga is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca.

3. Beidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 14(1) maidir le maoir bogearraí foinse oscailte a mhéid atá baint acu le forbairt na dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Beidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 14(3) agus (8) maidir le maoir bogearraí foinse oscailte a mhéid a dhéanann teagmhais thromchúiseacha a bhfuil tionchar acu ar shlándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha difear do chórais líonraí agus faisnéise arna soláthar ag maoir bogearraí foinse oscailte chun na táirgí sin a fhorbairt.

Airteagal 25

Fianú slándála saor-bhogearraí foinse oscailte

Chun an oibleagáid maidir le dícheall cuí a leagtar amach in Airteagal 13(5) a éascú, go háirithe a mhéid a bhaineann le monaróirí a chomhtháthaíonn comhpháirteanna saor-bhogearraí foinse oscailte ina dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 61 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chláir dheonacha um fhianú slándála a bhunú lena gceadófar d'fhorbróirí nó d'úsáideoirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte chomh maith le tríú páirtithe eile measúnú a dhéanamh ar an bhfuil na táirgí sin i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha uile nó le ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha áirithe nó le hoibleagáidí eile a leagtar síos sa Rialachán seo.

Airteagal 26

Treoraíocht

1. Chun cur chun feidhme a éascú agus comhsheasmhacht an chur chun feidhme sin a áirithiú, foilseoidh an Coimisiún treoraíocht chun cabhrú le hoibreoirí eacnamaíocha an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, agus béim ar leith á leagan ar chomhlíonadh an Rialacháin seo a éascú do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

2. I gcás ina bhfuil sé ar intinn aige treoraíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

(a) raon feidhme an Rialacháin seo, agus béim ar leith á leagan ar réitigh cianphróiseála sonraí agus ar shaor-bhogearraí foinse oscailte;

(b) cur i bhfeidhm tréimhsí tacaíochta i ndáil le catagóirí áirithe táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha;

(c) treoraíocht atá dírithe ar mhonaróirí atá faoi réir an Rialacháin seo agus faoi réir reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú seachas an Rialachán seo freisin nó faoi réir gníomhartha dlí gaolmhara eile de chuid an Aontais;

(d) coincheap an mhodhnaithe shubstaintiúil.

Déanfaidh an Coimisiún liosta de na gníomhartha tarmligthe agus de na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, ar liosta é a bhfuil rochtain éasca air, a choinneáil ar bun freisin.

3. Agus an treoraíocht á hullmhú aige de bhun an Airteagail seo, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha.

CAIBIDIL III

COMHRÉIREACHT AN TÁIRGE AG A BHFUIL EILIMINTÍ DIGITEACHA

Airteagal 27

Toimhde chomhréireachta

1. Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus próisis arna gcur ar bun ag an monaróir atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, measfar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh.

Iarrfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú le haghaidh na gceanglas cibearshlándála fíor-riachtanach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Agus iarrataí ar chaighdeánú le haghaidh an Rialacháin seo á hullmhú aige, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall na caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir leis an gcibearshlándáil atá ann cheana agus atá i bhfeidhm nó atá á bhforbairt a chur i gcuntas chun forbairt caighdeán comhchuibhithe a shimpliú, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear sonraíochtaí coiteanna lena gcumhdaítear ceanglais theicniúla lena dtugtar modh chun na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chomhlíonadh, ar ceanglais iad le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

Ní ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) d'iarr an Coimisiún, de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeán comhchuibhithe a dhréachtú le haghaidh na gceanglas cibearshlándála fíor-riachtanach a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus:

(i) níor glacadh leis an iarraidh;

(ii) ní dhéantar na caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar aghaidh ar an iarraidh sin a sheachadadh laistigh den sprioc-am a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012; nó

(iii) ní chomhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe an iarraidh; agus

(b) níor foilsíodh aon tagairt do chaighdeáin chomhchuibhithe lena gcumhdaítear na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 agus ní mheastar go bhfoilseofar aon tagairt den sórt sin laistigh de thréimhse réasúnta.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 62(2).

3. Sula n-ullmhóidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, cuirfidh sé in iúl don choiste dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 go measann sé gur comhlíonadh na coinníollacha i mír 2 den Airteagal seo.

4. Agus an dréachtghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 á ullmhú, cuirfidh an Coimisiún tuairimí na gcomhlachtaí ábhartha i gcuntas agus rachaidh sé i gcomhairle go cuí leis na geallsealbhóirí ábhartha uile.

5. Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus próisis arna gcur ar bun ag an monaróir, ar nithe iad atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna arna mbunú leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, nó le codanna díobh, measfar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chumhdaítear leis na sonraíochtaí coiteanna sin nó le codanna díobh.

6. I gcás ina nglacann eagraíocht Eorpach um chaighdeánú caighdeán comhchuibhithe agus ina moltar don Choimisiún é chun a thagairt a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gcaighdeán comhchuibhithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. Nuair a fhoilsítear tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, aisghairfidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, nó codanna díobh lena gcumhdaítear na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha chéanna agus a chumhdaítear leis an gcaighdeán comhchuibhithe sin.

7. I gcás ina measann Ballstát nach gcomhlíonann sonraíocht choiteann na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I ina n-iomláine, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin trí mhíniú mionsonraithe a thíolacadh. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an míniú mionsonraithe sin agus féadfaidh sé, i gcás inarb iomchuí, an gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an tsonraíocht choiteann atá i gceist a leasú.

8. Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus próisis arna gcur ar bun ag an monaróir ar eisíodh ráiteas comhréireachta de chuid AE nó deimhniú ina leith faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála arna glacadh de bhun Rialachán (AE) 2019/881, measfar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis an ráiteas comhréireachta de chuid AE nó leis an deimhniú Eorpach cibearshlándála, nó le codanna díobh.

9. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 61 den Rialachán seo chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2019/881 a shonrú, ar scéimeanna iad is féidir a úsáid chun a léiriú go bhfuil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha nó le codanna díobh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Thairis sin, le heisiúint deimhnithe Eorpaigh cibearshlándála arna eisiúint faoi na scéimeanna sin, ag a bhfuil leibhéal dearbhúcháin 'substaintiúil' ar a laghad, cuirtear deireadh le hoibleagáid mhonaróra measúnú comhréireachta tríú páirtí a dhéanamh ar na ceanglais chomhfhreagracha, mar a leagtar amach in Airteagal 32(2), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 32(3), pointí (a) agus (b), den Rialachán seo.

Airteagal 28

Dearbhú comhréireachta de chuid AE

1. Déanfaidh na monaróirí dearbhú comhréireachta AE a dhréachtú i gcomhréir le hAirteagal 13(12) agus luafar ann gur léiríodh gur comhlíonadh na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Is é struchtúr na samhla a leagtar amach in Iarscríbhinn V a bheidh ag dearbhú comhréireachta AE agus áireofar ann na gnéithe a shonraítear sna nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII. Déanfar dearbhú den chineál sin a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is iomchuí. Cuirfear ar fáil é sna teangacha a cheanglaíonn an Ballstát ina gcuirtear an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh nó ina gcuirtear ar fáil ar an margadh é.

Is é struchtúr na samhla a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a bheidh ag an leagan simplithe de dhearbhú comhréireachta AE dá dtagraítear in Airteagal 13(20). Cuirfear ar fáil é sna teangacha a cheanglaíonn an Ballstát ina gcuirtear an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh nó ina gcuirtear ar fáil ar an margadh é.

3. I gcás ina bhfuil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi réir níos mó ná gníomh dlí amháin de chuid an Aontais lena gceanglaítear dearbhú comhréireachta de chuid AE, déanfar dearbhú comhréireachta aonair de chuid AE a dhréachtú i leith gach gnímh dlí de chuid an Aontais den chineál sin. Beidh sainaithint na ngníomhartha dlí de chuid an Aontais lena mbaineann sa dearbhú, lena n-áirítear a dtagairtí foilseacháin.

4. Trí dhearbhú comhréireachta AE a dhréachtú, gabhfaidh an monaróir freagracht air féin as comhlíontacht an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 61 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí eilimintí a chur le hábhar íosta dhearbhú comhréireachta AE a leagtar amach in Iarscríbhinn V chun forbairtí teicneolaíochta a chur i gcuntas.

Airteagal 29

Prionsabail ghinearálta na marcála CE

Beidh an mharcáil CE faoi réir na bprionsabal ginearálta a leagtar amach in Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

Airteagal 30

Rialacha agus coinníollacha maidir leis an marcáil CE a ghreamú

1. Déanfar an mharcáil CE a ghreamú go feiceálach, go soléite agus go doscriosta den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh nó nach bhfuil údar leis mar gheall ar chineál an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, greamófar í den phacáistíocht agus de dhearbhú comhréireachta AE dá dtagraítear in Airteagal 28 a ghabhann leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. I gcás táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá i bhfoirm bogearraí, greamófar an mharcáil CE de dhearbhú comhréireachta AE dá dtagraítear in Airteagal 28 nó beidh sí ar an suíomh gréasáin a ghabhann leis an táirge bogearraí. Sa chás deireanach sin, beidh rochtain éasca agus dhíreach ag tomhaltóirí ar an roinn ábhartha den suíomh gréasáin.

2. Mar gheall ar chineál an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, féadfaidh airde na marcála CE a ghreamaítear den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bheith níos ísle ná 5 mm, ar choinníoll go mbeidh sí fós infheicthe agus inléite.

3. Greamófar an mharcáil CE den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha sula gcuirfear ar an margadh é. Féadfar picteagram nó aon mharc eile lena léirítear riosca cibearshlándála nó úsáid ar leith a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 6 a chur i ndiaidh na marcála CE.

4. I ndiaidh na marcála CE, beidh uimhir aitheantais an chomhlachta faoina dtugtar fógra, i gcás ina bhfuil baint ag an gcomhlacht sin leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta atá bunaithe ar dhearbhú cáilíochta iomlán (bunaithe ar mhodúl H) dá dtagraítear in Airteagal 32.

Is é an comhlacht féin a ghreamóidh uimhir aitheantais an chomhlachta faoina dtugtar fógra, sin nó an monaróir nó ionadaí údaraithe an mhonaróra, ach treoir chuige sin a fháil ón gcomhlacht sin.

5. Cuirfidh na Ballstáit leis na sásraí atá ann cheana chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm i gceart an córas lena rialaítear an mharcáil CE agus déanfaidh siad beart iomchuí i gcás ina mbaintear úsáid mhíchuí as an marcáil sin. I gcás ina bhfuil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi réir reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú, seachas an Rialachán seo, lena ndéantar foráil freisin maidir leis an marcáil CE a ghreamú, tabharfar le fios ar an marcáil CE go gcomhlíonann an táirge freisin ceanglais a leagtar amach i reachtaíocht eile an Aontais um chomhchuibhiú.

6. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, sonraíochtaí teicniúla a leagan síos le haghaidh lipéad, picteagram nó aon mharcanna eile a bhaineann le slándáil na dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena dtréimhsí tacaíochta mar aon le sásraí chun a n-úsáid a chur chun cinn agus chun feasacht phoiblí faoi shlándáil na dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mhéadú. Agus dréachtghníomhartha cur chun feidhme á n-ullmhú aige, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, agus, más rud é go bhfuil sé bunaithe cheana de bhun Airteagal 52(15), ADCO. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 62(2).

Airteagal 31

Doiciméadacht theicniúil

1. Áireofar sa doiciméadacht theicniúil na sonraí nó na mionsonraí ábhartha uile maidir leis na modhanna a úsáideann an monaróir chun a áirithiú go gcomhlíonann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus na próisis arna gcur i bhfeidhm ag an monaróir na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Beidh ar a laghad, na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII inti.

2. Déanfar an doiciméadacht theicniúil a dhréachtú sula gcuirfear an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh agus déanfar í a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach, i gcás inarb iomchuí, le linn na tréimhse tacaíochta ar a laghad.

3. I gcás táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha dá dtagraítear in Airteagal 12 atá faoi réir ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais freisin lena bhforáiltear do dhoiciméadacht theicniúil, déanfar tacar aonair doiciméadachta teicniúla a dhréachtú ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII agus an fhaisnéis a cheanglaítear leis na gníomhartha dlí sin de chuid an Aontais.

4. Déanfar an doiciméadacht theicniúil agus an comhfhreagras a bhaineann le haon nós imeachta um measúnú comhréireachta a dhréachtú i dteanga oifigiúil an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht faoina dtugtar fógra bunaithe nó i dteanga a bhfuil glacadh ag an gcomhlacht sin léi.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 61 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí eilimintí a chur leis atá le háireamh sa doiciméadacht theicniúil a leagtar amach in Iarscríbhinn VII chun forbairtí teicneolaíocha, chomh maith le forbairtí a tháinig chun cinn i bpróiseas cur chun feidhme an Rialacháin seo a chur i gcuntas. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall chun a áirithiú go mbeidh an t-ualach riaracháin ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide comhréireach.

Airteagal 32

Nósanna imeachta um measúnú comhréireachta maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha

1. Déanfaidh an monaróir measúnú comhréireachta ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus ar na próisis arna gcur i bhfeidhm ag an monaróir chun a chinneadh cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Léireoidh an monaróir comhréireacht leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha trí úsáid a bhaint as aon cheann de na nósanna imeachta seo a leanas:

(a) an nós imeachta um rialú inmheánach (bunaithe ar mhodúl A) a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII;

(b) an nós imeachta um chineálscrúdú AE (bunaithe ar mhodúl B) a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII, agus ina dhiaidh sin, comhréireacht le cineál AE bunaithe ar rialú inmheánach táirgthe (bunaithe ar mhodúl C) a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII;

(c) measúnú comhréireachta bunaithe ar dhearbhú cáilíochta iomlán (bunaithe ar mhodúl H) a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII; nó

(d) i gcás ina bhfuil sí ar fáil agus inarb infheidhme, scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála de bhun Airteagal 27(9).

2. I gcás, agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh táirge thábhachtaigh ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a thagann faoi aicme I mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus ar chomhlíonadh na bpróiseas arna gcur i bhfeidhm ag monaróir an táirge leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, nach bhfuil caighdeáin chomhchuibhithe, sonraíochtaí coiteanna ná scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála atá ar leibhéal dearbhúcháin 'substainteach' ar a laghad dá dtagraítear in Airteagal 27, curtha i bhfeidhm ag an monaróir, nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm ach i bpáirt aige, nó i gcás nach ann do na caighdeáin chomhchuibhithe, na sonraíochtaí coiteanna ná na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála sin, déanfar an táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus na próisis arna gcur i bhfeidhm ag an monaróir a mhéid a bhaineann leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha sin, a chur faoi bhráid ceachtar de na nósanna imeachta seo a leanas:

(a) an nós imeachta um chineálscrúdú AE (bunaithe ar mhodúl B) a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII, agus ina dhiaidh sin, comhréireacht le cineál AE bunaithe ar rialú inmheánach táirgthe (bunaithe ar mhodúl C) a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII; nó

(b) measúnú comhréireachta bunaithe ar dhearbhú cáilíochta iomlán (bunaithe ar mhodúl H) a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII.

3. I gcás inar táirge tábhachtach é an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a thagann faoi aicme II mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, léireoidh an monaróir comhréireacht leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I trí úsáid a bhaint as aon cheann de na nósanna imeachta seo a leanas:

(a) nós imeachta um chineálscrúdú AE (bunaithe ar mhodúl B) a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII, agus ina dhiaidh sin, comhréireacht le cineál AE bunaithe ar rialú inmheánach táirgthe (bunaithe ar mhodúl C) a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII;

(b) measúnú comhréireachta bunaithe ar dhearbhú cáilíochta iomlán (bunaithe ar mhodúl H) a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII; nó

(c) i gcás ina bhfuil sí ar fáil agus inarb infheidhme, scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála de bhun Airteagal 27(9) den Rialachán seo ar leibhéal dearbhúcháin 'substaintiúil' ar a laghad de bhun Rialachán (AE) 2019/881.

4. Léireoidh táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a liostaítear in Iarscríbhinn IV go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I trí úsáid a bhaint as ceann de na nósanna imeachta seo a leanas:

(a) scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála i gcomhréir le hAirteagal 8(1); nó

(b) i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha in Airteagal 8(1), aon cheann de na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.

5. Beidh monaróirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte, a thagann faoi na catagóirí a leagtar amach in Iarscríbhinn III, ábalta comhréireacht leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a léiriú trí úsáid a bhaint as ceann amháin de na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ar choinníoll go gcuirfear an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 31 ar fáil don phobal tráth a chuirfear na táirgí sin ar an margadh.

6. Déanfar leasanna sonracha agus riachtanais shonracha micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, a chur i gcuntas agus táillí na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta á socrú agus laghdófar na táillí sin i gcomhréir lena leasanna sonracha agus lena riachtanais shonracha.

Airteagal 33

Bearta tacaíochta i gcás micrifhiontar agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta

1. Déanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, na gníomhaíochtaí seo a leanas, atá saincheaptha do riachtanais na micrifhiontar agus na bhfiontar beag:

(a) gníomhaíochtaí sonracha múscailte feasachta agus oiliúna a eagrú maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo;

(b) bealach tiomnaithe a leagan síos chun cumarsáid a dhéanamh le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus, de réir mar is iomchuí, le húdaráis phoiblí áitiúla chun comhairle a chur ar fáil agus chun freagairt d'fhiosrúcháin faoi chur chun feidhme an Rialacháin seo;

(c) tacú le gníomhaíochtaí tástála agus gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, le tacaíocht ón Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála.

2. Féadfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, boscaí gainimh rialála um chibear-athléimneacht a bhunú. Déanfar foráil sna boscaí gainimh rialála sin do thimpeallachtaí tástála rialaithe le haghaidh táirgí nuálacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun a bhforbairt, a ndearadh, a mbailíochtú agus a dtástáil a éascú chun an Rialachán seo a chomhlíonadh ar feadh tréimhse theoranta ama sula gcuirtear ar an margadh iad. Féadfaidh an Coimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, ENISA, tacaíocht theicniúil, comhairle agus uirlisí a sholáthar chun boscaí gainimh rialála a bhunú agus a oibriú. Déanfar na boscaí gainimh rialála a chur ar bun faoi mhaoirseacht dhíreach na n-údarás um fhaireachas margaidh agus le treoraíocht agus tacaíocht ó na húdaráis sin. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na húdaráis um fhaireachas margaidh eile ar an eolas maidir le bosca gainimh rialála a bhunú trí ADCO. Ní dhéanfaidh boscaí gainimh rialála difear do chumhachtaí maoirseachta agus ceartaitheacha na n-údarás inniúil. Áiritheoidh na Ballstáit rochtain oscailte, chothrom agus thrédhearcach ar bhoscaí gainimh rialála, agus go háirithe déanfaidh siad rochtain ag micrifhiontair agus fiontair bheaga a éascú, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta.

3. I gcomhréir le hAirteagal 26, cuirfidh an Coimisiún treoraíocht ar fáil do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

4. Fógróidh an Coimisiún an tacaíocht airgeadais atá ar fáil i gcreat rialála chláir an Aontais atá ann cheana, go háirithe chun an t-ualach airgeadais ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga a mhaolú.

5. Féadfaidh micrifhiontair agus fiontair bheaga eilimintí uile na doiciméadachta teicniúla a shonraítear in Iarscríbhinn VII a sholáthar trí úsáid a bhaint as formáid shimplithe. Chun na críche sin, sonróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an fhoirm shimplithe den doiciméadacht theicniúil atá dírithe ar riachtanais micrifhiontar agus fiontar beag, lena n-áirítear conas atá na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII le soláthar. I gcás ina roghnaíonn micrifhiontar nó fiontar beag an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a sholáthar ar bhealach simplithe, bainfidh sé úsáid as an bhfoirm dá dtagraítear sa mhír seo. Glacfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra leis an bhfoirm sin chun críoch measúnaithe comhréireachta.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 62(2).

Airteagal 34

Comhaontuithe maidir le haitheantas frithpháirteach

Agus leibhéal na forbartha teicniúla agus an cur chuige maidir le measúnú comhréireachta tríú tír á gcur i gcuntas, féadfaidh an tAontas Comhaontuithe maidir le hAitheantas Frithpháirteach a thabhairt i gcrích le tríú tíortha, i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE, ar mhaithe le trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a éascú.

CAIBIDIL IV

FÓGRA A THABHAIRT MAIDIR LE COMHLACHTAÍ UM MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

Airteagal 35

Fógra a thabhairt

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi chomhlachtaí a údaraítear chun measúnú comhréireachta a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall chun a áirithiú, faoin 11 Nollaig 2026, go bhfuil líon leordhóthanach comhlachtaí faoina dtugtar fógra san Aontas chun measúnuithe comhréireachta a dhéanamh, chun scrogaill agus bacainní ar iontráil sa mhargadh a sheachaint.

Airteagal 36

Na húdaráis a thugann fógra

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás a thugann fógra, ar údarás é a bheidh freagrach as na nósanna imeachta is gá a chur ar bun agus a chur i gcrích chun measúnú a dhéanamh ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, chun iad a ainmniú agus chun fógra a thabhairt ina leith, agus as faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear Airteagal 41 a chomhlíonadh.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gur comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin a dhéanfaidh an measúnú agus an faireachán dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus i gcomhréir leis.

3. I gcás ina ndéanann an t-údarás a thugann fógra an measúnú, an fógra nó an faireachán dá dtagraítear i mír 1 a tharmligean chuig comhlacht nach eintiteas rialtais é nó a chur ar iontaoibh an chomhlachta sin, beidh an comhlacht sin ina eintiteas dlítheanach agus comhlíonfaidh sé, *mutatis mutandis*, na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 37. Sa bhreis air sin, beidh socruithe i bhfeidhm aige chun dliteanais a eascraíonn as a ghníomhaíochtaí a chumhdach.

4. Glacfaidh an t-údarás a thugann fógra lánfhreagracht as na cúraimí arna bhfeidhmiú ag an gcomhlacht dá dtagraítear i mír 3.

Airteagal 37

Na ceanglais a bhaineann leis na húdaráis a thugann fógra

1. Déanfar údarás a thugann fógra a bhunú ar bhealach nach dtarlóidh aon choinbhleacht leasa leis na comhlachtaí um measúnú comhréireachta.

2. Déanfar údarás a thugann fógra a eagrú agus a fheidhmiú ionas go ndéanfar oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a chuid gníomhaíochtaí a choimirciú.

3. Eagrófar údarás a thugann fógra ar bhealach a áiritheoidh gur daoine inniúla, nach ionann iad agus na daoine a rinne an measúnú, a dhéanfaidh gach aon chinneadh a bhaineann le fógra a thabhairt faoi chomhlacht um measúnú comhréireachta.

4. Ní dhéanfaidh údarás a thugann fógra aon ghníomhaíocht a dhéanann comhlachtaí um measúnú comhréireachta ná seirbhísí sainchomhairleoireachta ar bhonn tráchtála nó ar bhonn iomaíoch a thairiscint ná a sholáthar.

5. Déanfaidh údarás a thugann fógra rúndacht na faisnéise a fhaigheann sé a chosaint.

6. Beidh fáil ag údarás a thugann fógra ar líon leordhóthanach daoine inniúla chun a chuid cúraimí a dhéanamh mar is cuí.

Airteagal 38

An oibleagáid faisnéise atá ar údaráis a thugann fógra

1. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoina nósanna imeachta maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, maidir le fógra a thabhairt faoi na comhlachtaí sin agus maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra, agus faoi aon athrú a dhéanfar ina leith sin.

2. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil go poiblí.

Airteagal 39

Na ceanglais a bhaineann le comhlachtaí faoina dtugtar fógra

1. Chun fógra a thabhairt, comhlíonfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta na ceanglais a leagtar síos i míreanna 2 go 12.

2. Bunófar comhlacht um measúnú comhréireachta faoin dlí náisiúnta agus beidh pearsantacht dhlítheanach aige.

3. Beidh comhlacht um measúnú comhréireachta ina chomhlacht tríú páirtí atá neamhspleách ar an eagraíocht nó ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar a ndéanann sé measúnú.

Maidir le comhlacht ar le comhlachas gnó nó cónaidhm phroifisiúnta é a dhéanann ionadaíocht ar ghnóthais a bhfuil baint acu le dearadh, forbairt, táirgeadh, soláthar, cóimeáil, úsáid nó cothabháil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ar a ndéanann sé measúnú, féadfar a mheas gur comhlacht tríú páirtí den sórt sin é ar choinníoll go léirítear go bhfuil sé neamhspleách agus nach bhfuil aon choinbhleacht leasa i gceist leis.

4. Ní dearthóir, forbróir, monaróir, soláthróir, allmhaireoir, dáileoir, suiteálaí, ceannaitheoir, úinéir, úsáideoir ná cothabhálaí na dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a ndéanann siad measúnú orthu, ná ionadaí údaraithe ar aon pháirtí de na páirtithe sin, a bheidh sa chomhlacht um measúnú comhréireachta, in ardbhainistíocht an chomhlachta sin ná sa phearsanra a bheidh freagrach as na cúraimí um measúnú comhréireachta a dhéanamh. Ní choiscfear leis sin an úsáid a bhaintear as táirgí a ndearnadh measúnú orthu a bhfuil gá leo le haghaidh oibríochtaí an chomhlachta um measúnú comhréireachta ná úsáid na dtáirgí sin chun críoch pearsanta.

Maidir le comhlacht um measúnú comhréireachta, a ardbhainistíocht agus an pearsanra atá freagrach as cúraimí an mheasúnaithe comhréireachta a chur i gcrích, ní bheidh baint dhíreach acu le dearadh, forbairt, táirgeadh, allmhairiú, dáileadh, margú, suiteáil, úsáid ná cothabháil na dtáirgí sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a ndéanann siad measúnú orthu, ná ní dhéanfaidh siad ionadaíocht ar pháirtithe a ghabhann do na gníomhaíochtaí sin. Ní ghabhfaidh siad d'aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le neamhspleáchas a mbreithiúnais ná a n-ionracais i ndáil le gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a dtugtar fógra dóibh ina leith. Beidh feidhm aige seo go háirithe i leith seirbhísí sainchomhairleoireachta.

Áiritheoidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta nach ndéanfaidh gníomhaíochtaí a bhfochuideachtaí ná a bhfochonraitheoirí difear do rúndacht, d'oibiachtúlacht ná do neamhchlaontacht a ngníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta féin.

5. Déanfaidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta agus a bpearsanra na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a chur i gcrích de réir an leibhéil is airde ionracais ghairmiúil agus beidh an inniúlacht theicniúil is gá sa réimse sonrach acu agus beidh siad saor ó gach brú agus aslach, go háirithe brú agus aslach de chineál airgeadais, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a mbreithiúnas nó ar thorthaí a ngníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta, go háirithe a mhéid a bhaineann le daoine nó grúpaí daoine ag a bhfuil leas i dtorthaí na ngníomhaíochtaí sin.

6. Beidh sé ar chumas comhlachta um measúnú comhréireachta na cúraimí um measúnú comhréireachta uile dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII agus ar tugadh fógra dó ina leith a chur i gcrích, gan beann ar cé acu an é an comhlacht um measúnú comhréireachta féin a chuireann na cúraimí sin i gcrích nó an é go gcuirtear i gcrích thar a cheann agus faoina fhreagracht iad.

I gcás gach nós imeachta um measúnú comhréireachta agus gach cineáil nó catagóire táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar tugadh fógra don chomhlacht um measúnú comhréireachta ina leith, beidh fáil ag an gcomhlacht i gcónaí ar na nithe riachtanacha seo a leanas:

(a) pearsanra ag a bhfuil an t-eolas teicniúil is gá agus taithí leordhóthanach iomchuí chun na cúraimí um measúnú comhréireachta a chur i gcrích;

(b) tuairiscí ar na nósanna imeachta ar i gcomhréir leo a dhéantar an measúnú comhréireachta atá le cur i gcrích, lena n-áirithítear trédhearcacht na nósanna imeachta sin agus an cumas i dtaobh iad a atáirgeadh. Beidh beartais agus nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm aige lena ndéantar idirdhealú idir na cúraimí a dhéanann sé mar chomhlacht faoina dtugtar fógra agus na gníomhaíochtaí eile a dhéanann sé;

(c) na nósanna imeachta sin a bhaineann le gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena dtugtar aird chuí ar mhéid an ghnóthais, an earnáil ina bhfuil sé ag feidhmiú, a struchtúr, castacht theicneolaíocht an táirge atá i dtrácht agus mais nó cineál srathach an phróisis táirgthe.

Beidh na hacmhainní is gá ag comhlacht um measúnú comhréireachta chun na cúraimí teicniúla agus na cúraimí riaracháin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a fheidhmiú ar shlí iomchuí agus beidh rochtain aige ar an trealamh nó ar na saoráidí uile is gá.

7. Beidh an méid seo a leanas ag an bpearsanra atá freagrach as na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireacha a chur i gcrích:

(a) oiliúint fhónta theicniúil agus ghairmiúil a chumhdaíonn na gníomhaíochtaí uile um measúnú comhréireachta a bhfuil fógra tugtha don chomhlacht um measúnú comhréireachta ina leith;

(b) eolas sásúil ar na ceanglais a bhíonn i gceist sna measúnuithe a dhéanann siad agus údarás leormhaith chun na measúnuithe sin a dhéanamh;

(c) eolas agus tuiscint iomchuí ar na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ar na caighdeáin chomhchuibhithe agus sonraíochtaí coiteanna is infheidhme, agus ar fhorálacha ábhartha reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú agus a ghníomhartha cur chun feidhme;

(d) an cumas deimhnithe, taifid agus tuarascálacha a dhréachtú lena léirítear gur cuireadh measúnuithe i gcrích.

8. Ráthófar neamhchlaontacht na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta, a n-ardbhainistíochta, agus an phearsanra measúnúcháin.

Ní bheidh luach saothair ardbhainistíocht agus phearsanra measúnúcháin an chomhlachta um measúnú comhréireachta ag brath ar líon na measúnuithe a chuirtear i gcrích ná ar thorthaí na measúnuithe sin.

9. Beidh árachas dliteanais ag comhlachtaí um measúnú comhréireachta mura rud é go nglacann a mBallstát an dliteanas air féin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, nó gurb é an Ballstát féin atá freagrach as an measúnú comhréireachta.

10. Urramóidh pearsanra comhlachta um measúnú comhréireachta rúndacht ghairmiúil maidir leis an bhfaisnéis uile a fhaightear agus a gcúraimí á gcomhlíonadh acu faoi Iarscríbhinn VIII nó faoi aon fhoráil de chuid an dlí náisiúnta lena dtugtar éifeacht dó sin, ach amháin i ndáil le húdaráis um fhaireachas margaidh an Bhallstáit ina ndéantar a ghníomhaíochtaí. Déanfar na cearta dílseánaigh a chosaint. Beidh nósanna imeachta doiciméadaithe ag an gcomhlacht um measúnú comhréireachta lena n-áiritheofar comhlíonadh na míre seo.

11. Beidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta rannpháirteach sna gníomhaíochtaí caighdeánaithe ábhartha agus i ngníomhaíochtaí ghrúpa comhordúcháin an chomhlachta faoina dtugtar fógra a bhunaítear faoi Airteagal 51, nó áiritheoidh siad go bhfuil a bpearsanra measúnúcháin ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí sin, agus cuirfidh siad i bhfeidhm, mar threoraíocht ghinearálta, na cinntí agus na doiciméid riaracháin arna gcur i dtoll a chéile mar thoradh ar obair an ghrúpa sin.

12. Oibreoidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta i gcomhréir le tacar téarmaí agus coinníollacha a bheidh comhsheasmhach, cothrom, comhréireach agus réasúnach, agus ualach nach bhfuil gá leis ar oibreoirí eacnamaíocha á sheachaint acu, go háirithe agus leasanna micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide i ndáil le táillí á gcur i gcuntas acu.

Airteagal 40

Toimhde chomhréireachta na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra

I gcás ina léiríonn comhlacht um measúnú comhréireachta go gcomhlíonann sé na critéir a leagtar síos sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, nó i gcodanna díobh, a bhfuil a gcuid tagairtí foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, measfar go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 39 á gcomhlíonadh aige a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis na caighdeáin chomhchuibhithe is infheidhme.

Airteagal 41

Fochuideachtaí na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra agus fochonraitheoireacht arna déanamh ag na comhlachtaí faoina dtugtar fógra

1. I gcás ina ligeann comhlacht faoina dtugtar fógra cúraimí sonracha a bhaineann le measúnú comhréireachta ar fochonradh nó i gcás ina dtéann sé ar iontaoibh fochuideachta, áiritheoidh sé go gcomhlíonann an fochonraitheoir nó an fhochuideachta na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 39 agus tabharfaidh sé an méid sin le fios dá réir sin don údarás a thugann fógra.

2. Glacfaidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra lánfhreagracht as na cúraimí a dhéanann fochonraitheoirí nó fochuideachtaí cibé áit a mbeidh siad bunaithe.

3. Ní fhéadfar gníomhaíochtaí a ligean ar fochonradh ná ní fhéadfaidh fochuideachta iad a dhéanamh ach le comhaontú an mhonaróra.

4. Déanfaidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra na doiciméid ábhartha a bhaineann le measúnú ar cháilíochtaí an fhochonraitheora nó na fochuideachta, chomh maith leis na doiciméid a bhaineann leis an obair a dhéanann an fochonraitheoir nó an fhochuideachta faoin Rialachán seo, a choinneáil ar fáil don údarás a thugann fógra.

Airteagal 42

Iarratas ar fhógra

1. Cuirfidh an comhlacht um measúnú comhréireachta iarratas ar fhógra faoi bhráid údarás a thugann fógra an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe.

2. Ba cheart tuairisc a bheith ag gabháil leis an iarratas sin ar na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta, ar an nós nó na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus ar an táirge nó na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a maíonn an comhlacht go bhfuil sé inniúil ina leith, chomh maith le deimhniú creidiúnúcháin, i gcás inarb infheidhme, arna eisiúint ag comhlacht náisiúnta creidiúnúcháin lena bhfianaítear go gcomhlíonann an comhlacht um measúnú comhréireachta na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 39.

3. I gcás nach féidir leis an gcomhlacht um measúnú comhréireachta lena mbaineann deimhniú creidiúnúcháin a sholáthar, soláthróidh sé don údarás a thugann fógra an fhianaise dhoiciméadach uile is gá chun a chomhlíontacht leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 39 a fhíorú, a aithint agus chun faireachán tráthrialta a dhéanamh uirthi.

Airteagal 43

An nós imeachta um fhógra a thabhairt

1. Ní dhéanfaidh údaráis a thugann fógra fógra a thabhairt ach do na comhlachtaí um measúnú comhréireachta sin amháin a bhfuil na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 39 comhlíonta acu.

2. Déanfaidh an t-údarás a thugann fógra fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile trí úsáid a bhaint as córas faisnéise an Chur Chuige Nua i leith Eagraíochtaí faoina dTugtar Fógra agus Eagraíochtaí Ainmnithe, córas arna fhorbairt agus arna bhainistiú ag an gCoimisiún.

3. Áireofar san fhógra mionsonraí iomlána faoi na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta, faoin modúl nó faoi na modúil um measúnú comhréireachta agus faoin táirge nó faoi na táirgí lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus faoi fhianú ábhartha na hinniúlachta.

4. I gcás nach bhfuil fógra bunaithe ar dheimhniú creidiúnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 42(2), soláthróidh an t-údarás a thugann fógra, don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, fianaise dhoiciméadach lena bhfianaítear inniúlacht an chomhlachta um measúnú comhréireachta agus na socruithe atá i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar faireachán ar an gcomhlacht go tráthrialta agus go leanfaidh an comhlacht de bheith ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 39.

5. Ní fhéadfaidh an comhlacht lena mbaineann gníomhaíochtaí comhlachta faoina dtugtar fógra a dhéanamh ach amháin mura ndéanann an Coimisiún ná na Ballstáit eile agóid laistigh de 2 sheachtain i ndiaidh an fhógra i gcás ina n-úsáidtear deimhniú creidiúnúcháin, nó laistigh de 2 mhí i ndiaidh an fhógra i gcás nach n-úsáidtear creidiúnú.

Ní mheasfar ach comhlacht den sórt sin a bheith ina chomhlacht faoina dtugtar fógra chun críocha an Rialacháin seo.

6. Tabharfar fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi aon athrú ábhartha a dhéanfar ar an bhfógra ina dhiaidh sin.

Airteagal 44

Uimhreacha aitheantais agus liostaí na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra

1. Sannfaidh an Coimisiún uimhir aitheantais do chomhlacht faoina dtugtar fógra.

Sannfaidh sé uimhir aonair den sórt sin fiú i gcás ina dtugtar fógra don chomhlacht faoi roinnt gníomhartha dlí de chuid an Aontais.

2. Déanfaidh an Coimisiún an liosta comhlachtaí faoina dtugtar fógra faoin Rialachán seo a chur ar fáil go poiblí, lena n-áirítear na huimhreacha aitheantais a sannadh dóibh agus na gníomhaíochtaí ar tugadh fógra dóibh ina leith.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcoimeádfar an liosta sin cothrom le dáta.

Airteagal 45

Athruithe ar na fógraí

1. I gcás inar fhionn údarás a thugann fógra, nó inar cuireadh in iúl dó, nach bhfuil na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 39 á gcomhlíonadh ag comhlacht faoina dtugtar fógra a thuilleadh, nó go bhfuil sé ag mainneachtain a oibleagáidí a chomhlíonadh, déanfaidh an comhlacht a thugann fógra an fógra a shrianadh, a fhionraí nó a tharraingt siar, de réir mar is iomchuí, ag brath ar a thromchúisí atá an mhainneachtain i leith na ceanglais nó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Cuirfidh sé an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas láithreach dá réir sin.

2. I gcás ina ndéantar fógra a shrianadh, a fhionraí nó a tharraingt siar, nó i gcás ina bhfuil an comhlacht faoina dtugtar fógra tar éis scor dá ghníomhaíochtaí, déanfaidh an Ballstát a thugann fógra bearta iomchuí chun a áirithiú go ndéanfaidh comhlacht eile faoina dtugtar fógra comhaid an chomhlachta sin a phróiseáil, nó go gcoinneofar ar fáil iad do na húdaráis atá freagrach as fógra a thabhairt agus do na húdaráis fhreagracha um fhaireachas margaidh, arna iarraidh sin dóibh.

Airteagal 46

Agóidí in aghaidh inniúlacht comhlachtaí faoina dtugtar fógra

1. Imscrúdóidh an Coimisiún gach cás ina bhfuil sé in amhras faoi, nó ina gcuirtear in iúl dó go bhfuil amhras faoi, inniúlacht comhlachta faoina dtugtar fógra chun na ceanglais agus na freagrachtaí a bhfuil sé faoina réir a chomhlíonadh nó faoi chomhlacht faoina dtugtar fógra a bheith ag leanúint de na ceanglais agus na freagrachtaí a bhfuil sé faoina réir a chomhlíonadh.

2. Déanfaidh an Ballstát a thugann fógra an fhaisnéis uile a bhaineann leis an mbonn atá le fógra a thabhairt nó a bhaineann le hinniúlacht an chomhlachta ábhartha a choinneáil ar bun a sholáthar don Choimisiún, arna iarraidh sin dó.

3. Áiritheoidh an Coimisiún go gcoinneofar faoi rún an fhaisnéis íogair uile a gheofar le linn a imscrúduithe.

4. I gcás ina bhfionnann an Coimisiún nach bhfuil comhlacht faoina dtugtar fógra ag comhlíonadh na gceanglas maidir lena fhógra nó nach bhfuil siad á gcomhlíonadh a thuilleadh ag an gcomhlacht sin, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Bhallstát a thugann fógra dá réir sin agus iarrfaidh sé air na bearta ceartaitheacha is gá a dhéanamh, lena n-áirítear an fógra a tharraingt siar más gá.

Airteagal 47

Oibleagáidí oibríochtúla na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra

1. Déanfaidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra measúnuithe comhréireachta i gcomhréir leis na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 32 agus in Iarscríbhinn VIII.

2. Déanfar measúnuithe comhréireachta ar bhealach comhréireach agus seachnófar ualaí neamhriachtanacha a leagan ar oibreoirí eacnamaíocha. Déanfaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta a ngníomhaíochtaí agus aird chuí á tabhairt acu ar mhéid na ngnóthas, go háirithe maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, an earnáil ina n-oibríonn siad, a struchtúr, a gcastacht agus leibhéal riosca cibearshlándála na dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus an teicneolaíocht atá i gceist agus mais nó cineál srathach an phróisis táirgthe.

3. Mar sin féin, urramóidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra an méid déine agus an leibhéal cosanta is gá chun go gcomhlíonfadh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha an Rialachán seo.

4. I gcás ina bhfionnann comhlacht faoina dtugtar fógra nach bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I ná sna caighdeáin chomhchuibhithe chomhfhreagracha ná i sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 27 comhlíonta ag monaróir, ceanglóidh sé ar an monaróir sin bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh agus ní eiseoidh sé deimhniú comhréireachta.

5. I gcás ina bhfionnann comhlacht faoina dtugtar fógra, le linn dó faireachán a dhéanamh ar chomhréireacht tar éis dó deimhniú a eisiúint, go bhfuil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ann nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a thuilleadh, cuirfidh sé de cheangal ar an monaróir bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh agus déanfaidh sé an deimhniú a fhionraí nó a tharraingt siar más gá.

6. I gcás nach ndéantar bearta ceartaitheacha nó nach bhfuil an éifeacht is gá leo, déanfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra aon deimhniú a shrianadh, a fhionraí nó a tharraingt siar, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 48

Achomharc in aghaidh chinntí na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil nós imeachta achomhairc in aghaidh chinntí na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra ar fáil.

Airteagal 49

An oibleagáid faisnéise atá ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra

1. Cuirfidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra an méid seo a leanas in iúl don údarás a thugann fógra:

(a) aon deimhniú a ndiúltaítear dó, a shriantar, a fhionraítear nó a tharraingítear siar;

(b) aon imthosca a dhéanann difear don raon feidhme nó do na coinníollacha maidir le fógra a thabhairt;

(c) aon iarraidh ar fhaisnéis atá faighte acu ó údaráis um fhaireachas margaidh maidir le gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta;

(d) arna iarraidh sin, gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a dhéantar laistigh de raon feidhme a bhfógra agus aon ghníomhaíocht eile a dhéantar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí trasteorann agus fochonraitheoireacht.

2. Déanfaidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra faisnéis ábhartha faoi shaincheisteanna a bhaineann le torthaí diúltacha agus, arna iarraidh sin dóibh, torthaí dearfacha i dtaca le measúnuithe comhréireachta, a sholáthar do na comhlachtaí eile faoina dtugtar fógra faoin Rialachán seo a dhéanann gníomhaíochtaí comhchosúla um measúnú comhréireachta ina gcumhdaítear na táirgí céanna ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

Airteagal 50

Malartú taithí

Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir leis an malartú taithí a eagrú idir údaráis náisiúnta na mBallstát atá freagrach as beartas maidir le fógra a thabhairt.

Airteagal 51

Comhordú na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra

1. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear comhordú agus comhar iomchuí i bhfeidhm idir comhlachtaí faoina dtugtar fógra agus go bhfeidhmeofar an comhordú agus comhar sin i gceart i bhfoirm grúpa trasearnála comhlachtaí faoina dtugtar fógra.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na comhlachtaí dá dtugann siad fógra rannpháirteach in obair an ghrúpa sin, go díreach nó trí bhíthin ionadaithe ainmnithe.

CAIBIDIL V

FAIREACHAS MARGAIDH AGUS FORFHEIDHMIÚ

Airteagal 52

Faireachas margaidh agus rialú táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha i margadh an Aontais

1. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2019/1020 i leith táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

2. Ainmneoidh gach Ballstát údarás amháin um fhaireachas margaidh nó níos mó ná sin chun cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú. Féadfaidh na Ballstáit údarás atá ann cheana nó údarás nua a ainmniú chun gníomhú mar údarás um fhaireachas margaidh i gcás an Rialacháin seo.

3. Beidh na húdaráis um fhaireachas margaidh a ainmnítear faoi mhír 2 den Airteagal seo freagrach freisin as gníomhaíochtaí faireachais margaidh a dhéanamh i ndáil leis na hoibleagáidí i gcás maoir bogearraí foinse oscailte a leagtar síos in Airteagal 24. I gcás ina bhfionnann údarás um fhaireachas margaidh nach gcomhlíonann maor bogearraí foinse oscailte na hoibleagáidí a leagtar amach san Airteagal sin, ceanglóidh sé ar an maor bogearraí foinse oscailte a áirithiú go ndéanfar gach gníomh ceartaitheach iomchuí. Áiritheoidh maoir bogearraí foinse oscailte go ndéanfar gach gníomh ceartaitheach iomchuí i leith a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo.

4. I gcás inarb ábhartha, comhoibreoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh leis na húdaráis náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála a ainmnítear de bhun Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2019/881 agus malartóidh siad faisnéis ar bhonn tráthrialta. Maidir leis an maoirseacht ar chur chun feidhme na n-oibleagáidí tuairiscithe de bhun Airteagal 14 den Rialachán seo, comhoibreoidh na húdaráis ainmnithe um fhaireachas margaidh leis na CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí agus le ENISA agus malartóidh siad faisnéis ar bhonn tráthrialta leo.

5. Féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh a iarraidh ar CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir nó ar ENISA comhairle theicniúil a sholáthar maidir le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Rialacháin seo. Agus imscrúdú á dhéanamh faoi Airteagal 54, féadfaidh údaráis um fhaireachas margaidh a iarraidh ar an CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir nó ar ENISA anailís a sholáthar chun tacú le meastóireachtaí ar chomhlíontacht na dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

6. I gcás inarb ábhartha, comhoibreoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh le húdaráis eile um fhaireachas margaidh a ainmnítear ar bhonn reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú seachas an Rialachán seo, agus malartóidh siad faisnéis ar bhonn tráthrialta.

7. Comhoibreoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh, de réir mar is iomchuí, leis na húdaráis a dhéanann maoirseacht ar dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí. Áirítear leis an gcomhar sin na húdaráis sin a chur ar an eolas faoi aon toradh atá ábhartha do chomhlíonadh a n-inniúlachtaí, lena n-áirítear nuair a bhíonn treoraíocht agus comhairle á n-eisiúint acu de bhun mhír 10 má bhaineann an treoraíocht agus an chomhairle sin le próiseáil sonraí pearsanta.

Beidh sé de chumhacht ag na húdaráis a dhéanann maoirseacht ar dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí aon doiciméadacht a chruthaítear nó a choimeádtar faoin Rialachán seo a iarraidh agus rochtain a fháil uirthi nuair is gá rochtain a fháil ar an doiciméadacht sin chun a gcúraimí a chomhlíonadh. Cuirfidh siad údaráis ainmnithe um fhaireachas margaidh an Bhallstáit lena mbaineann ar an eolas faoi aon iarraidh den sórt sin.

8. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus teicniúla ar fáil do na húdaráis ainmnithe um fhaireachas margaidh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, uirlisí uathoibrithe próiseála, chomh maith le hacmhainní daonna ag a bhfuil na scileanna cibearshlándála is gá chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

9. Déanfaidh an Coimisiún an malartú taithí idir údaráis ainmnithe um fhaireachas margaidh a spreagadh agus a éascú.

10. Féadfaidh údaráis um fhaireachas margaidh treoraíocht agus comhairle a chur ar fáil d'oibreoirí eacnamaíocha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, le tacaíocht ón gCoimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, ó CSIRTanna agus ó ENISA.

11. Cuirfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh tomhaltóirí ar an eolas maidir le cá háit chun gearáin a thíolacadh a d'fhéadfadh neamhchomhlíonadh leis an Rialachán seo a léiriú, i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/1020, agus cuirfidh siad faisnéis ar fáil do thomhaltóirí maidir le cén áit agus conas rochtain a fháil ar shásraí chun tuairisciú ar leochaileachtaí, teagmhais agus cibearbhagairtí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a éascú.

12. Éascóidh na húdaráis um fhaireachas margaidh, i gcás inarb ábhartha, an comhar le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear eagraíochtaí eolaíochta, taighde agus tomhaltóirí.

13. Tuairisceoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh don Choimisiún ar bhonn tráthrialta maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí ábhartha um fhaireachas margaidh. Tuairisceoidh údaráis ainmnithe um fhaireachas margaidh, gan mhoill, don Choimisiún agus do na húdaráis iomaíochta náisiúnta ábhartha aon fhaisnéis a shainaithnítear le linn gníomhaíochtaí faireachais margaidh a d'fhéadfadh a bheith ina hábhar spéise i ndáil le cur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais.

14. Maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a aicmítear mar chórais intleachta saorga ardriosca de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2024/1689, is iad na húdaráis um fhaireachas margaidh a ainmnítear chun críocha an Rialacháin sin na húdaráis a bheidh freagrach as na gníomhaíochtaí faireachais margaidh a cheanglaítear faoin Rialachán seo. Comhoibreoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh a ainmnítear de bhun Rialachán (AE) 2024/1689, de réir mar is iomchuí, leis na húdaráis um fhaireachas margaidh a ainmnítear de bhun an Rialacháin seo agus, maidir le maoirseacht ar chur chun feidhme na n-oibleagáidí tuairiscithe de bhun Airteagal 14 den Rialachán seo, leis na CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí agus le ENISA. Déanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh a ainmnítear de bhun Rialachán (AE) 2024/1689 na húdaráis um fhaireachas margaidh a ainmnítear de bhun an Rialacháin seo a chur ar an eolas faoi aon toradh atá ábhartha maidir le comhlíonadh a gcúraimí i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

15. Bunófar ADCO chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, de bhun Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2019/1020. Beidh ADCO comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis ainmnithe um fhaireachas margaidh agus, más iomchuí, d'ionadaithe ó na hoifigí idirchaidrimh aonair. Tabharfaidh ADCO aghaidh freisin ar ábhair shonracha a bhaineann leis na gníomhaíochtaí faireachais margaidh i ndáil leis na hoibleagáidí a chuirtear ar mhaoir bogearraí foinse oscailte

16. Déanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh faireachán ar an gcaoi ar chuir monaróirí na critéir dá dtagraítear in Airteagal 13(8) i bhfeidhm agus tréimhse thacaíochta a dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha á cinneadh acu.

Foilseoidh ADCO, i bhfoirm a bheidh inrochtana don phobal agus soláimhsithe, staidreamh ábhartha ar chatagóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear meántréimhsí tacaíochta, arna gcinneadh ag an monaróir de bhun Airteagal 13(8), chomh maith le treoraíocht a sholáthar ina n-áirítear tréimhsí tacaíochta táscacha i gcás catagóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

I gcás ina dtugann na sonraí le fios go bhfuil tréimhsí tacaíochta neamhleora ann le haghaidh catagóirí sonracha táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, féadfaidh ADCO moltaí a eisiúint d'údaráis um fhaireachas margaidh chun a ngníomhaíochtaí a dhíriú ar na catagóirí táirgí sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

Airteagal 53

Rochtain ar shonraí agus ar dhoiciméadacht

I gcás inar gá chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus ar na próisis a chuireann a monaróirí i bhfeidhm leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus ar iarraidh réasúnaithe a fháil, tabharfar rochtain do na húdaráis um fhaireachas margaidh ar na sonraí is gá, i dteanga is furasta dóibh a thuiscint, chun measúnú a dhéanamh ar dhearadh, forbairt, táirgeadh agus láimhseáil leochaileachtaí na dtáirgí sin, lena n-áirítear doiciméadacht inmheánach ghaolmhar an oibreora eacnamaíoch ábhartha.

Airteagal 54

Nós imeachta ar an leibhéal náisiúnta maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a bhfuil riosca suntasach cibearshlándála ag baint leo

1. I gcás ina bhfuil cúis leormhaith ag údarás um fhaireachas margaidh Ballstáit chun a mheas go bhfuil riosca suntasach cibearshlándála ag baint le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear láimhseáil leochaileachtaí an táirge, déanfaidh sé gan moill mhíchuí, agus, i gcás inarb iomchuí i gcomhar leis an CSIRT ábhartha, meastóireacht ar an táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha i leith na ceanglais uile a leagtar síos sa Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh aige. Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha leis an údarás um fhaireachas margaidh de réir mar is gá.

I gcás, agus an mheastóireacht sin á déanamh, ina bhfionnann an t-údarás um fhaireachas margaidh nach bhfuil na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo á gcomhlíonadh ag an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, cuirfidh sé de cheangal ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gan mhoill gach beart ceartaitheach iomchuí a dhéanamh chun an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thabhairt i gcomhréir leis na ceanglais sin, é a tharraingt siar ón margadh nó é a aisghairm laistigh de thréimhse réasúnta, i gcomhréir leis an gcineál riosca cibearshlándála, de réir mar a fhéadfaidh an t-údarás um fhaireachas margaidh a fhorordú.

Cuirfidh an t-údarás um fhaireachas margaidh an comhlacht ábhartha faoina dtugtar fógra ar an eolas dá réir sin. Beidh feidhm ag Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2019/1020 i leith na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha.

2. Agus an tábhacht a bhaineann le riosca cibearshlándála dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo á cinneadh, déanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh tosca neamhtheicniúla riosca a mheas freisin, go háirithe iad siúd a bhunaítear mar thoradh ar mheasúnuithe comhordaithe riosca slándála ar shlabhraí soláthair criticiúla ar leibhéal an Aontais arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2022/2555. I gcás ina bhfuil cúis leormhaith ag údarás um fhaireachas margaidh lena mheas go bhfuil riosca suntasach cibearshlándála ag baint le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i bhfianaise tosca neamhtheicniúla riosca, cuirfidh sé na húdaráis inniúla a ainmnítear nó a bhunaítear de bhun Airteagal 8 de Threoir (AE) 2022/2555 ar an eolas agus oibreoidh sé i gcomhar leis na húdaráis sin de réir mar is gá.

3. I gcás ina measann an t-údarás um fhaireachas margaidh nach bhfuil an neamhchomhlíonadh srianta dá chríoch náisiúnta, cuirfidh sé an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi thorthaí na meastóireachta agus faoi na gníomhaíochtaí a chuir sé de cheangal ar an oibreoir eacnamaíoch a chur i gcrích.

4. Áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch go ndéanfar gach beart ceartaitheach iomchuí i leith na dtáirgí uile lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá curtha ar fáil ar an margadh ar fud an Aontais aige.

5. I gcás nach ndéanann an t-oibreoir eacnamaíoch beart ceartaitheach leormhaith laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 1, an dara fomhír, déanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh gach beart sealadach iomchuí chun toirmeasc nó srian a chur ar an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar fáil ar a mhargadh náisiúnta, an táirge a tharraingt siar ón margadh nó é a aisghairm.

Tabharfaidh an t-údarás sin fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, gan aon mhoill mhíchuí, faoi na bearta sin.

6. San fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5, beidh na mionsonraí uile atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun táirge neamhchomhlíontach ag a bhfuil eilimintí digiteacha a shainaithint, chomh maith le háit tionscnaimh an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha, cineál an neamhchomhlíonta a líomhnaítear agus an riosca a bhaineann leis, cineál agus fad tréimhse na mbeart náisiúnta atá déanta agus na hargóintí a rinne an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha. Tabharfaidh an t-údarás um fhaireachas margaidh le fios go háirithe cé acu an ceann amháin nó níos mó na sin de na nithe seo a leanas is cúis leis an neamhchomhlíonadh nó nach ea:

(a) mainneachtain an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó na bpróiseas arna gcur i bhfeidhm ag an monaróir na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chomhlíonadh;

(b) easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe, sna scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála nó sna sonraíochtaí coiteanna, dá dtagraítear in Airteagal 27.

7. Déanfaidh údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát cé is moite d'údarás um fhaireachas margaidh an Bhallstáit atá ag tionscnamh an nós imeachta, an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas gan mhoill faoi aon bheart arna ghlacadh agus faoi aon fhaisnéis bhreise atá acu a bhaineann le neamhchomhlíontacht an táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus, i gcás easaontú leis an mbeart náisiúnta faoina dtugtar fógra, faoina n-agóidí.

8. I gcás, laistigh de 3 mhí tar éis dóibh an fógra dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo a fháil, nach bhfuil aon agóid déanta ag Ballstát ná ag an gCoimisiún i leith beart sealadach atá déanta ag Ballstát, measfar go bhfuil údar cuí leis an mbeart sin. Tá an méid sin gan dochar do chearta nós imeachta an oibreora eacnamaíoch lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2019/1020.

9. Áiritheoidh údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát uile go ndéantar bearta sriantacha iomchuí i leith an táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha, amhail an táirge sin a tharraingt siar óna margadh, gan mhoill.

Airteagal 55

Nós imeachta coimirce an Aontais

1. I gcás, laistigh de 3 mhí tar éis dóibh an fógra dá dtagraítear in Airteagal 54(5) a fháil, ina ndéanann Ballstát agóidí i gcoinne beart atá déanta ag Ballstát eile, nó i gcás ina measann an Coimisiún an beart a bheith contrártha le dlí an Aontais, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle gan mhoill leis an mBallstát ábhartha agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha agus déanfaidh sé meastóireacht ar an mbeart náisiúnta sin. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, cinnfidh an Coimisiún cé acu atá údar cuí leis an mbeart náisiúnta nó nach bhfuil laistigh de 9 mí ón bhfógra dá dtagraítear in Airteagal 54(5) a fháil agus cuirfidh sé an cinneadh sin in iúl don Bhallstát lena mbaineann.

2. Má mheastar údar cuí a bheith leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit uile na bearta is gá chun a áirithiú go dtarraingeofar siar an táirge neamhchomhlíontach ag a bhfuil eilimintí digiteacha óna margadh agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin. Má mheastar nach bhfuil údar cuí leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an beart a tharraingt siar.

3. I gcás ina meastar go bhfuil údar cuí leis an mbeart náisiúnta agus ina gcuirtear neamhchomhlíonadh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i leith easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe, cuirfidh an Coimisiún an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 i bhfeidhm.

4. I gcás ina meastar go bhfuil údar cuí leis an mbeart náisiúnta agus ina gcuirtear neamhchomhlíonadh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i leith easnaimh i scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 27, déanfaidh an Coimisiún a mheas cé acu an ceart nó nach ceart aon ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 27(9), ina sonraítear an toimhde chomhréireachta maidir leis an scéim deimhniúcháin sin, a leasú nó a aisghairm.

5. I gcás ina meastar go bhfuil údar cuí leis an mbeart náisiúnta agus ina gcuirtear neamhchomhlíonadh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i leith easnaimh sna sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 27, déanfaidh an Coimisiún a mheas cé acu an ceart nó nach ceart aon ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 27(2) ina leagtar amach na sonraíochtaí coiteanna sin a leasú nó a aisghairm.

Airteagal 56

Nós imeachta ar leibhéal an Aontais maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a bhfuil riosca suntasach cibearshlándála ag baint leo

1. I gcás ina bhfuil cúis leormhaith ag an gCoimisiún chun a mheas, lena n-áirítear bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag ENISA, nach gcomhlíonann táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena mbaineann riosca suntasach cibearshlándála na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, cuirfidh sé na húdaráis ábhartha um fhaireachas margaidh ar an eolas faoi sin. I gcás ina ndéanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh meastóireacht ar an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a d'fhéadfadh a bheith ina riosca suntasach cibearshlándála i leith chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo, beidh feidhm ag na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 54 agus 55.

2. I gcás ina bhfuil cúis leordhóthanach ag an gCoimisiún lena mheas go bhfuil riosca suntasach cibearshlándála ag baint le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i bhfianaise tosca neamhtheicniúla riosca, déanfaidh sé na húdaráis ábhartha um fhaireachas margaidh agus, i gcás inarb iomchuí, na húdaráis inniúla a ainmnítear nó a bhunaítear de bhun Airteagal 8 de Threoir (AE) 2022/2555, a chur ar an eolas agus oibreoidh sé i gcomhar leis na húdaráis sin de réir mar is gá. Déanfaidh an Coimisiún freisin ábharthacht na rioscaí sainaitheanta i gcás an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mheas i bhfianaise a chúraimí maidir le measúnuithe comhordaithe riosca slándála ar shlabhraí soláthair criticiúla ar leibhéal an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 22 de Threoir (AE) 2022/2555, agus rachaidh sé i gcomhairle, de réir mar is gá, leis an nGrúpa Comhair arna bhunú de bhun Airteagal 14 de Threoir (AE) 2022/2555 agus le ENISA.

3. In imthosca a thugann údar cuí le hidirghabháil láithreach a dhéanamh chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú agus i gcás ina bhfuil cúis leormhaith ag an gCoimisiún chun a mheas go bhfuil na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo fós gan comhlíonadh ag an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha dá dtagraítear i mír 1 agus nach bhfuil aon bheart éifeachtach déanta ag na húdaráis ábhartha um fhaireachas margaidh, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chomhlíonadh a chur i gcrích agus féadfaidh sé a iarraidh ar ENISA anailís a sholáthar chun tacú leis. Cuirfidh an Coimisiún na húdaráis ábhartha um fhaireachas margaidh ar an eolas dá réir sin. Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha le ENISA de réir mar is gá.

4. Bunaithe ar an meastóireacht dá dtagraítear i mír 3, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go bhfuil gá le beart ceartaitheach nó sriantach ar leibhéal an Aontais. Chuige sin, rachaidh sé i gcomhairle gan mhoill leis na Ballstáit lena mbaineann agus leis an oibreoir eacnamaíoch ábhartha nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

5. Ar bhonn an chomhairliúcháin dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun foráil do bhearta ceartaitheacha nó sriantacha ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear a cheangal go ndéantar na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena mbaineann a tharraingt siar ón margadh nó a aisghairm, laistigh de thréimhse réasúnta, i gcomhréir le cineál an riosca. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 62(2).

6. Cuirfidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 in iúl láithreach don oibreoir eacnamaíoch ábhartha nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha. Déanfaidh na Ballstáit na gníomhartha cur chun feidhme sin a chur chun feidhme gan mhoill agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

7. Beidh feidhm ag míreanna 3 go 6 ar feadh thréimhse na staide eisceachtúla a thug údar cuí le hidirghabháil an Choimisiúin, ar choinníoll nach dtugtar an táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 57

Táirgí comhlíontacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a bhfuil riosca suntasach cibearshlándála ag baint leo

1. Ceanglóidh údarás um fhaireachas margaidh Ballstáit ar oibreoir eacnamaíoch gach beart iomchuí a dhéanamh i gcás, tar éis dó meastóireacht a dhéanamh faoi Airteagal 54, ina bhfionnann sé, cé go bhfuil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus na próisis arna gcur i bhfeidhm ag an monaróir i gcomhréir leis an Rialachán seo, go bhfuil riosca suntasach cibearshlándála ag baint leo chomh maith le riosca don mhéid seo a leanas:

(a) sláinte nó sábháilteacht daoine;

(b) comhlíonadh oibleagáidí faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta atá beartaithe chun cearta bunúsacha a chosaint;

(c) infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht seirbhísí a thairgtear trí úsáid a bhaint as córas faisnéise leictreonach ag eintitis fhíor-riachtanacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2022/2555; nó

(d) gnéithe eile de chosaint leas an phobail.

Féadfar a áireamh ar na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír bearta chun a áirithiú nach mbeidh na rioscaí ábhartha ag baint a thuilleadh leis an táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha ná leis na próisis arna gcur i bhfeidhm ag an monaróir agus an táirge á chur ar fáil ar an margadh, agus an táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha á tharraingt siar ón margadh, nó á aisghairm, agus beidh na bearta i gcomhréir le cineál na rioscaí sin.

2. Áiritheoidh an monaróir nó na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha eile go ndéantar beart ceartaitheach i leith na dtáirgí lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuir siad ar fáil ar an margadh ar fud an Aontais, agus go ndéantar é laistigh den amlíne arna leagan síos ag údarás um fhaireachas margaidh an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 1.

3. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas láithreach faoi na bearta a ghlactar de bhun mhír 1. Áireofar san fhaisnéis sin na mionsonraí uile atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun na táirgí lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha a shainaithint, tionscnamh agus slabhra soláthair na dtáirgí sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha, an cineál riosca atá i gceist, agus cineál agus fad tréimhse na mbeart náisiúnta a ghlactar.

4. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gan mhoill agus déanfaidh sé meastóireacht ar na bearta náisiúnta a ghlactar. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, cinnfidh an Coimisiún cé acu atá údar cuí leis an mbeart nó nach bhfuil, agus i gcás inar gá, molfaidh sé bearta iomchuí.

5. Díreoidh an Coimisiún an cinneadh dá dtagraítear i mír 4 chuig na Ballstáit.

6. I gcás ina bhfuil cúis leordhóthanach ag an gCoimisiún chun a mheas, lena n-áirítear cúis atá bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag ENISA, go bhfuil na rioscaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ag baint le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, cé go gcomhlíonann an táirge an Rialachán seo, déanfaidh sé an t-údarás ábhartha um fhaireachas margaidh nó na húdaráis ábhartha um fhaireachas margaidh a chur ar an eolas agus féadfaidh sé a iarraidh ar an údarás ábhartha um fhaireachas margaidh nó ar na húdaráis ábhartha um fhaireachas margaidh meastóireacht a dhéanamh agus na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 54 agus i míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo a leanúint.

7. In imthosca a thugann údar cuí le hidirghabháil láithreach chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú agus i gcás ina bhfuil cúis leormhaith ag an gCoimisiún chun a mheas go leanann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha dá dtagraítear i mír 6 de na rioscaí dá dtagraítear i mír 1 a chruthú, agus nach bhfuil aon bhearta éifeachtacha déanta ag na húdaráis náisiúnta ábhartha um fhaireachas margaidh, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar na rioscaí a bhaineann leis an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus féadfaidh sé a iarraidh ar ENISA anailís a sholáthar chun tacú leis an meastóireacht sin agus cuirfidh sé na húdaráis ábhartha um fhaireachas margaidh ar an eolas dá réir sin. Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha le ENISA de réir mar is gá.

8. Bunaithe ar an meastóireacht dá dtagraítear i mír 7, féadfaidh an Coimisiún a shuí go bhfuil gá le beart ceartaitheach nó sriantach ar leibhéal an Aontais. Chuige sin, rachaidh sé i gcomhairle gan mhoill leis na Ballstáit lena mbaineann agus leis an oibreoir eacnamaíoch ábhartha nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

9. Ar bhonn an chomhairliúcháin dá dtagraítear i mír 8 den Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun cinneadh a dhéanamh maidir le bearta ceartaitheacha nó sriantacha ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear a cheangal go ndéantar na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena mbaineann a tharraingt siar ón margadh, nó a aisghairm, laistigh de thréimhse réasúnta, i gcomhréir le cineál an riosca. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 62(2).

10. Cuirfidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 9 in iúl láithreach don oibreoir eacnamaíoch ábhartha nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha. Déanfaidh na Ballstáit na gníomhartha cur chun feidhme sin a chur chun feidhme gan mhoill agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

11. Beidh feidhm ag míreanna 6 go 10 ar feadh thréimhse na staide eisceachtúla a thug údar cuí le hidirghabháil an Choimisiúin agus chomh fada a bheidh na rioscaí dá dtagraítear i mír 1 fós ag baint leis an táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

Airteagal 58

Neamhchomhlíonadh foirmiúil

1. I gcás ina bhfaighidh údarás um fhaireachas margaidh i mBallstát amach faoi aon cheann de na nithe seo a leanas, cuirfidh sé de cheangal ar an oibreoir ábhartha deireadh a chur leis an neamhchomhlíonadh lena mbaineann:

(a) greamaíodh an mharcáil CE de shárú ar Airteagail 29 agus 30;

(b) nár greamaíodh an mharcáil CE;

(c) nár tarraingíodh suas dearbhú comhréireachta AE;

(d) nár tarraingíodh suas i gceart dearbhú comhréireachta AE;

(e) nár greamaíodh uimhir aitheantais an chomhlachta faoina dtugtar fógra atá bainteach leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta, i gcás inarb infheidhme;

(f) nach bhfuil an doiciméadacht theicniúil ar fáil nó nach bhfuil sí iomlán.

2. I gcás inar ann fós don neamhchomhlíonadh dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann gach beart iomchuí chun toirmeasc nó srian a chur leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar fáil ar an margadh, é sin nó áiritheoidh sé go ndéanfar an táirge a aisghairm nó a tharraingt siar ón margadh.

Airteagal 59

Gníomhaíochtaí comhpháirteacha na n-údarás um fhaireachas margaidh

1. Féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh a chomhaontú le húdaráis ábhartha eile gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh atá dírithe ar an gcibearshlándáil agus ar chosaint tomhaltóirí a áirithiú i ndáil le táirgí sonracha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar an margadh nó a chuirtear ar fáil ar an margadh, go háirithe táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus ar minic rioscaí cibearshlándála a bheith ag baint leo.

2. Déanfaidh an Coimisiún nó ENISA gníomhaíochtaí comhpháirteacha a mholadh chun a sheiceáil an bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh, ar gníomhaíochtaí iad a bheidh le déanamh ag na húdaráis um fhaireachas margaidh bunaithe ar thásca nó ar fhaisnéis lena dtugtar le fios go mb'fhéidir nach bhfuil na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo á gcomhlíonadh i roinnt Ballstát trí chéile ag táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo ar fud roinnt Ballstát i ndáil leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

3. Áiritheoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh agus, i gcás inarb infheidhme, an Coimisiún, nach mbeidh iomaíocht éagórach idir oibreoirí eacnamaíocha mar gheall ar an gcomhaontú maidir le gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh agus nach ndéanfaidh sé difear d'oibiachtúlacht, do neamhspleáchas ná do neamhchlaontacht na bpáirtithe sa chomhaontú.

4. Féadfaidh údarás um fhaireachas margaidh úsáid a bhaint as aon fhaisnéis a fhaightear mar thoradh ar na gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanfar mar chuid d'aon imscrúdú a dhéanfaidh sé.

5. Déanfaidh an t-údarás um fhaireachas margaidh lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, an Coimisiún, an comhaontú maidir le gníomhaíochtaí comhpháirteacha, lena n-áirítear ainmneacha na bpáirtithe lena mbaineann, a chur ar fáil don phobal.

Airteagal 60

Scuab-imscrúduithe

1. Déanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh gníomhaíochtaí comhordaithe rialaithe go comhuaineach (scuab-imscrúduithe) ar tháirgí sonracha ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó catagóirí díobh chun comhlíonadh an Rialacháin seo a sheiceáil nó chun sáruithe ar an Rialachán seo a bhrath. Féadfar a áireamh ar na scuab-imscrúduithe sin cigireachtaí ar tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a fhaightear faoi chéannacht cheilte.

2. Murar chomhaontaigh na húdaráis um fhaireachas margaidh lena mbaineann a mhalairt, is é an Coimisiún a chomhordóidh na scuab-imscrúduithe. Déanfaidh comhordaitheoir an scuab-imscrúdaithe, i gcás inarb iomchuí, na torthaí comhiomlánaithe a chur ar fáil don phobal.

3. I gcás ina sainaithneoidh ENISA, agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige, lena n-áirítear bunaithe ar na fógraí a fuarthas de bhun Airteagal 14(1) agus (3), catagóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhféadfar scuab-imscrúduithe a eagrú ina leith, cuirfidh sé togra le haghaidh scuab-imscrúdú faoi bhráid an chomhordaitheora dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo lena bhreithniú ag na húdaráis um fhaireachas margaidh.

4. Agus scuab-imscrúduithe ar siúl acu, féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh lena mbaineann úsáid a bhaint as na cumhachtaí imscrúdúcháin a leagtar amach in Airteagail 52 go 58 agus as aon chumhacht eile a thugtar dóibh faoin dlí náisiúnta.

5. Féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh a iarraidh ar oifigigh de chuid an Choimisiúin, agus ar dhaoine eile in éineacht leo atá údaraithe ag an gCoimisiún, páirt a ghlacadh i scuab-imscrúduithe.

CAIBIDIL VI

CUMHACHTAÍ TARMLIGTHE AGUS NÓS IMEACHTA COISTE

Airteagal 61

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2(5), an dara fomhír, Airteagal 7(3), Airteagal 8(1) agus (2), Airteagal 13(8), an ceathrú fomhír, Airteagal 14(9), Airteagal 25, Airteagal 27(9), Airteagal 28(5) agus Airteagal 31(5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 10 Nollaig 2024. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil i leith tharmligean na cumhachta a tharraingt suas. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(5), an dara fomhír, Airteagal 7(3), Airteagal 8(1) agus (2), Airteagal 13(8), an ceathrú fomhír, Airteagal 14(9), Airteagal 25, Airteagal 27(9), Airteagal 28(5) agus Airteagal 31(5) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(5), an dara fomhír, Airteagal 7(3), Airteagal 8(1) nó (2), Airteagal 13(8), an ceathrú fomhír, Airteagal 14(9), Airteagal 25, Airteagal 27(9), Airteagal 28(5) nó Airteagal 31(5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 62

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina bhfuil tuairim an choiste le fáil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den tréimhse a leagtar síos chun an tuairim a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann ball den choiste amhlaidh.

CAIBIDIL VII

RÚNDACHT AGUS PIONÓIS

Airteagal 63

Rúndacht

1. Gach páirtí a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, urramóidh siad rúndacht na faisnéise agus na sonraí a gheofar agus a gcúraimí agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu sa chaoi is go gcosnófar an méid seo a leanas go háirithe:

(a) cearta maoine intleachtúla, agus faisnéis rúnda ghnó nó rúin trádála duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh, lena n-áirítear cód foinseach, seachas na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([37]);

(b) cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo, go háirithe chun críoch cigireachtaí, imscrúduithe nó iniúchtaí;

(c) leasanna an phobail agus leasanna slándála náisiúnta;

(d) sláine na n-imeachtaí coiriúla nó riaracháin.

2. Gan dochar do mhír 1, faisnéis a mhalartaítear ar bhonn rúnda idir na húdaráis um fhaireachas margaidh féin agus idir na húdaráis um fhaireachas margaidh agus an Coimisiún, ní nochtfar í gan réamhthoiliú ón údarás um fhaireachas margaidh tionscnaimh.

3. Ní dhéanfaidh míreanna 1 agus 2 difear do chearta ná d'oibleagáidí an Choimisiúin, na mBallstát agus na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra maidir le malartú faisnéise agus scaipeadh rabhadh, ná d'oibleagáidí na ndaoine lena mbaineann, faisnéis a sholáthar faoi dhlí coiriúil na mBallstát.

4. I gcás inar gá, féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit faisnéis íogair a mhalartú le húdaráis ábhartha tríú tíortha a bhfuil socruithe rúndachta déthaobhacha nó iltaobhacha tugtha i gcrích acu leo lena ráthaítear leibhéal leormhaith cosanta.

Airteagal 64

Pionóis

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. Neamhchomhlíonadh na gceanglas cibearshlándála fíor-riachtanach a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 13 agus 14, beidh sé faoi réir fíneálacha riaracháin suas le EUR 15 000 000 nó, más gnóthas é an ciontóir, faoi réir fíneáil suas le 2,5 % dá láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda don bhliain airgeadais roimhe sin, cibé acu is airde.

3. Neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 18 go 23, Airteagal 28, Airteagal 30(1) go (4), Airteagal 31(1) go (4), Airteagal 32(1), (2) agus (3), Airteagal 33(5), agus Airteagail 39, 41, 47, 49 agus 53, beidh sé faoi réir fíneálacha riaracháin suas le EUR 10 000 000 nó, más gnóthas é an ciontóir, faoi réir suas le 2 % dá láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda don bhliain airgeadais roimhe sin, cibé acu is airde.

4. Maidir le soláthar faisnéise atá mícheart, neamhiomlán nó míthreorach do chomhlachtaí faoina dtugtar fógra agus d'údaráis um fhaireachas margaidh mar fhreagra ar iarraidh, beidh sé faoi réir fíneálacha riaracháin suas le EUR 5 000 000, nó, más gnóthas é an ciontóir, faoi réir fíneáil suas le 1 % dá láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda don bhliain airgeadais roimhe sin, cibé acu is airde.

([37]) Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint faisnéise gan nochtadh agus faisnéis ghnó (rúin trádála) ar a n-éadáil, a n-úsáid agus a nochtadh neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1).

5. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le méid na fíneála riaracháin i ngach cás aonair, cuirfear na himthosca ábhartha uile a bhaineann leis an gcás sonrach san áireamh agus tabharfar aird chuí ar an méid seo a leanas:

(a) cineál, tromchúis agus fad an tsáraithe agus a iarmhairtí;

(b) an amhlaidh gur ghearr na húdaráis chéanna um fhaireachas margaidh nó údaráis eile um fhaireachas margaidh fíneálacha riaracháin cheana féin ar an oibreoir eacnamaíoch céanna as sárú comhchosúil;

(c) méid, go háirithe maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus sciar margaidh an oibreora eacnamaíoch a bhfuil an sárú á dhéanamh aige.

6. Údaráis um fhaireachas margaidh a chuireann fíneálacha riaracháin i bhfeidhm, cuirfidh siad an cur i bhfeidhm sin in iúl d'údaráis um faireachas margaidh Ballstát eile tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020.

7. Déanfaidh gach Ballstát na rialacha a leagan síos faoi cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar fíneálacha riaracháin a ghearradh ar údaráis phoiblí agus ar chomhlachtaí poiblí a bunaíodh sa Bhallstát sin agus faoina mhéid a fhéadfar iad a ghearradh.

8. Ag brath ar chóras dlí na mBallstát, féadfar na rialacha maidir le fíneálacha riaracháin a chur i bhfeidhm sa chaoi is gurb iad cúirteanna náisiúnta inniúla nó comhlachtaí eile a ghearrfaidh na fíneálacha, de réir na n-inniúlachtaí arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta sna Ballstáit sin. Beidh éifeacht choibhéiseach ag cur i bhfeidhm na rialacha sin sna Ballstáit sin.

9. Féadfar fíneálacha riaracháin a ghearradh, ag brath ar imthosca gach cáis aonair, sa bhreis ar aon bheart ceartaitheach nó sriantach eile a chuireann na húdaráis um fhaireachas margaidh i bhfeidhm maidir leis an sárú céanna.

10. De mhaolú ar mhíreanna 3 go 9, ní bheidh feidhm ag na fíneálacha riaracháin dá dtagraítear sna míreanna sin maidir leis an méid seo a leanas:

(a) monaróirí a cháilíonn mar mhicrifhiontair nó mar fhiontair bheaga maidir le haon mhainneachtain an spriocdháta dá dtagraítear in Airteagal 14(2), pointe (a), nó in Airteagal 14(4), pointe (a), a chomhlíonadh;

(b) aon sárú ar an Rialachán seo ag maoir bogearraí foinse oscailte.

Airteagal 65

Caingne ionadaíocha

Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2020/1828 maidir le caingne ionadaíocha a thugtar in aghaidh sáruithe ag oibreoirí eacnamaíocha ar fhorálacha den Rialachán seo lena ndéantar dochar, nó lena bhféadfaí dochar a dhéanamh, do chomhleasanna tomhaltóirí.

CAIBIDIL VIII

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 66

Leasú ar Rialachán (AE) 2019/1020

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1020, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

'71 . Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(*) Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht) (IO L, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2847/oj).'.

Airteagal 67

Leasú ar Threoir (AE) 2020/1828

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2020/1828, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘67. Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(*) Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht) (IO L, 2024/2847, 20.11.2024, ELI http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2847/oj).’.

Airteagal 68

Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 168/2013

I gCuid C1, sa tábla, d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([38]),cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

‘

16	18	cosaint don fheithicil in aghaidh cibirionsaithe		x	x	x	x	x	x	x	x	x	x	x	x	x	x

’.

Airteagal 69

Forálacha idirthréimhseacha

1. Maidir le deimhnithe um chineálscrúdú AE agus cinntí formheasa arna n-eisiúint maidir le ceanglais chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus atá faoi réir reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú seachas an Rialachán seo, leanfaidh siad de bheith bailí go dtí an 11 Meitheamh 2028, ach amháin má théann siad in éag roimh an dáta sin, nó mura sonraítear a mhalairt i reachtaíocht eile sin an Aontais um chomhchuibhiú, agus sa chás sin beidh siad fós bailí mar a thagraítear dó sa reachtaíocht sin.

2. Maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh roimh an 11 Nollaig 2027, ní bheidh siad faoi réir na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo ach amháin más rud é, ón dáta sin, go mbeidh na táirgí sin faoi réir modhnú substaintiúil.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 14 maidir leis na táirgí uile ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, a cuireadh ar an margadh roimh an 11 Nollaig 2027.

Airteagal 70

Meastóireacht agus athbhreithniú

1. Faoin 11 Nollaig 2030 agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar mheastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Cuirfear na tuarascálacha sin ar fáil go poiblí.

2. Faoin 11 Meán Fómhair 2028, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le ENISA agus le gréasán CSIRTanna, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéanfar measúnú ar éifeachtacht an ardáin tuairiscithe aonair a leagtar amach in Airteagal 16, chomh maith leis an tionchar a bheidh ag cur i bhfeidhm na bhforas cibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 16(2) ag na CSIRTanna atá ainmnithe mar chomhordaitheoirí ar éifeachtacht an ardáin tuairiscithe aonair a mhéid a bhaineann le scaipeadh tráthúil fógraí a fhaightear ar CSIRTanna ábhartha eile.

Airteagal 71

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([38]) Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 11 Nollaig 2027.

Beidh feidhm ag Airteagal 14, áfach, ón 11 Meán Fómhair 2026 agus ag Caibidil IV (Airteagail 35 go 51) ón 11 Meitheamh 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 23 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	ZSIGMOND B. P.

IARSCRÍBHINN I

CEANGLAIS CHIBEARSHLÁNDÁLA RIACHTANACHA

Cuid I Ceanglais chibearshlándála a bhaineann le hairíonna táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha

(1) Déanfar táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhearadh, a fhorbairt agus a tháirgeadh ar bhealach chun leibhéal iomchuí cibearshlándála a áirithiú bunaithe ar na rioscaí.

(2) Ar bhonn an mheasúnaithe riosca cibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 13(2) agus i gcás inarb infheidhme, déanfar an méid seo a leanas i gcás táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha:

(a) cuirfear ar fáil ar an margadh iad gan leochaileachtaí insaothraithe aitheanta a bheith ann;

(b) cuirfear ar fáil ar an margadh iad agus cumraíocht shlán mar réamhshocrú i bhfeidhm orthu, mura gcomhaontaítear a mhalairt idir an monaróir agus an t-úsáideoir gnó maidir le táirge saincheaptha ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear an fhéidearthacht an táirge a athshocrú chuig a riocht bunaidh;

(c) áiritheofar gur féidir aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí trí nuashonruithe slándála, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, trí nuashonruithe slándála uathoibríocha a shuiteáiltear laistigh de thréimhse ama iomchuí arna gcumasú mar shocrú réamhshocraithe, le sásra rogha an diúltaithe atá soiléir agus éasca le húsáid, trí fhógra a thabhairt d'úsáideoirí faoi nuashonruithe atá ar fáil, agus an rogha iad a chur ar athló go sealadach;

(d) áiritheofar cosaint ar rochtain neamhúdaraithe trí bhíthin sásraí iomchuí rialaithe, lena n-áirítear córais bainistíochta fíordheimhniúcháin, céannachta nó rochtana ach gan a bheith teoranta dóibh, agus tabharfar tuairisc ar rochtain neamhúdaraithe a d'fhéadfadh a bheith ann;

(e) cosnófar rúndacht sonraí a stóráiltear, a tharchuirtear nó a phróiseáiltear ar bhealach eile, idir shonraí pearsanta agus shonraí eile, amhail trí shonraí ábhartha a chriptiú agus iad ar fos nó faoi bhealach trí bhíthin sásraí úrscothacha, agus trí úsáid a bhaint as modhanna teicniúla eile;

(f) maidir le sláine sonraí a stóráiltear, a tharchuirtear nó a phróiseáiltear ar bhealach eile, idir shonraí pearsanta agus shonraí eile, mar aon le horduithe, cláir agus cumraíocht, cosnófar iad ar aon chineál ionramhála nó modhnaithe nach n-údaraíonn an t-úsáideoir agus déanfar tuairisciú ar an truailliú;

(g) ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta agus sonraí eile atá leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá i ndáil leis an gcríoch a beartaíodh don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha (íoslaghdú sonraí);

(h) cosnófar infhaighteacht feidhmeanna fíor-riachtanacha agus bunúsacha, agus tar éis teagmhais freisin, lena n-áirítear trí bhearta athléimneachta agus maolaithe in aghaidh ionsaithe diúltaithe seirbhíse;

(i) íoslaghdófar an tionchar diúltach a bhíonn ag na táirgí iad féin nó ag gléasanna nasctha ar infhaighteacht na seirbhísí a sholáthraítear le gléas nó le líonraí eile;

(j) déanfar iad a dhearadh, a fhorbairt agus a tháirgeadh chun dromchlaí ionsaithe a theorannú, lena n-áirítear comhéadain sheachtracha;

(k) déanfar iad a dhearadh, a fhorbairt agus a tháirgeadh chun an tionchar a bhíonn ag teagmhas a laghdú trí úsáid a bhaint as sásraí agus as teicnící iomchuí chun an saothrú a mhaolú;

(l) soláthrófar faisnéis faoin tslándáil trí ghníomhaíocht inmheánach ábhartha a thaifeadadh agus faireachán a dhéanamh uirthi, lena n-áirítear an rochtain ar shonraí, ar sheirbhísí agus ar fheidhmeanna agus modhnú sonraí, seirbhísí nó feidhmeanna, agus sásra rogha an diúltaithe don úsáideoir;

(m) tabharfar an deis d'úsáideoirí na sonraí agus na socruithe go léir a bhaint go slán agus go héasca ar bhonn buan agus, i gcás inar féidir na sonraí sin a aistriú chuig táirgí nó córais eile, áiritheofar go ndéanfar é sin ar bhealach slán.

Cuid II Ceanglais maidir le láimhseáil leochaileachtaí

Déanfaidh monaróirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha an méid seo a leanas:

(1) déanfar leochaileachtaí agus comhpháirteanna atá i dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a shainaithint agus a dhoiciméadú, lena n-áirítear trí liosta ábhar bogearraí a tharraingt suas i bhformáid a úsáidtear go coitianta agus atá meaisín-inléite lena gcumhdaítear spleáchais ardleibhéil na dtáirgí ar a laghad;

(2) i ndáil leis na rioscaí atá ann do na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, tabharfar aghaidh ar na leochaileachtaí agus leigheasfar iad gan mhoill, lena n-áirítear trí nuashonruithe slándála a sholáthar; i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, déanfar nuashonruithe slándála nua a sholáthar ar leithligh ó nuashonruithe feidhmiúlachta;

(3) cuirfear i bhfeidhm tástálacha agus athbhreithnithe éifeachtacha a dhéantar go tráthrialta maidir le slándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha;

(4) a luaithe a chuirfear nuashonrú slándála ar fáil, comhroinnfear faisnéis agus cuirfear ar fáil go poiblí í faoi na leochaileachtaí a leigheasadh, lena n-áirítear tuairisc ar na leochaileachtaí, faisnéis lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí an táirge lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha a shainaithint, tionchair na leochaileachtaí, a dhéine atá siad agus faisnéis shoiléir agus inrochtana lena gcabhraítear le húsáideoirí na leochaileachtaí a leigheas; i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ina measann monaróirí gur mó na rioscaí slándála a bhaineann le foilsiú ná na sochair slándála, féadfaidh siad moill a chur ar fhaisnéis phoiblí maidir le leochaileacht leigheasta a chur ar fáil go dtí go mbeidh an deis tugtha d'úsáideoirí an paiste ábhartha a chur i bhfeidhm;

(5) cuirfear beartas i bhfeidhm maidir le nochtadh comhordaithe leochaileachtaí agus forfheidhmeofar é;

(6) déanfar bearta chun comhroinnt faisnéise a éascú faoi leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ina dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus i gcomhpháirteanna tríú páirtí atá sa táirge sin, lena n-áirítear trí sheoladh teagmhála a sholáthar chun na leochaileachtaí a aimsítear sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thuairisciú;

(7) forálfar do shásraí chun nuashonruithe a dháileadh go slán do tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun a áirithiú go ndéanfar leochaileachtaí a leigheas nó a mhaolú go tráthúil agus, i gcás inarb infheidhme le haghaidh nuashonruithe slándála, ar bhealach uathoibríoch;

(8) áiritheofar, i gcás ina mbeidh nuashonruithe slándála ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna slándála sainaitheanta, go scaipfear iad gan mhoill agus, mura gcomhaontaítear a mhalairt idir monaróir agus úsáideoir gnó i ndáil le táirge saincheaptha ag a bhfuil eilimintí digiteacha, go mbeidh siad saor in aisce, agus teachtaireachtaí comhairleacha ag gabháil leo lena gcuirfear an fhaisnéis ábhartha ar fáil d'úsáideoirí, lena n-áirítear maidir leis an ngníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh.

IARSCRÍBHINN II

FAISNÉIS AGUS TREORACHA LE hAGHAIDH AN ÚSÁIDEORA

Beidh na nithe seo a leanas ar a laghad ag gabháil leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha:

1. ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe an mhonaróra, agus seoladh poist, seoladh ríomhphoist nó teagmháil dhigiteach eile chomh maith leis an suíomh gréasáin inar féidir dul i dteagmháil leis an monaróir, i gcás ina bhfuil sé ar fáil;
2. an pointe teagmhála aonair inar féidir faisnéis faoi leochaileachtaí an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thuairisciú agus a fháil, agus an áit inar féidir teacht ar bheartas an mhonaróra maidir le nochtadh comhordaithe leochaileachtaí;
3. ainm agus cineál agus aon fhaisnéis bhreise lena gcumasaítear sainaithint uathúil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha;
4. an chríoch a beartaíodh don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear an timpeallacht slándála arna soláthar ag an monaróir, mar aon le bunfheidhmiúlachtaí an táirge agus faisnéis faoi na hairíonna slándála;
5. aon imthoisc aitheanta nó intuartha, a bhaineann le húsáid an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i gcomhréir leis an gcríoch a beartaíodh dó nó faoi dhálaí mí-úsáide atá intuartha le réasún, arb imthoisc í a bhféadfadh rioscaí suntasacha cibearshlándála eascairt aisti;
6. i gcás inarb infheidhme, an seoladh idirlín ag a bhféadfar rochtain a fháil ar dhearbhú comhréireachta AE;
7. an cineál tacaíochta slándála teicniúla a thairgeann an monaróir agus dáta deiridh na tréimhse tacaíochta ar lena linn is féidir le húsáideoirí a bheith ag súil leis go láimhseálfar leochaileachtaí agus le nuashonruithe slándála a fháil;
8. treoracha mionsonraithe nó seoladh idirlín a thagraíonn do na treoracha mionsonraithe sin agus faisnéis faoin méid seo a leanas:
   (a) na bearta is gá a dhéanamh le linn choimisiúnú tosaigh an táirge agus le linn shaolré an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun a úsáid shlán a áirithiú;
   (b) an chaoi ar féidir le hathruithe ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha difear a dhéanamh don tslándáil sonraí;
   (c) an chaoi chun nuashonruithe a bhaineann leis an tslándáil a shuiteáil;
   (d) díchoimisiúnú slán an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear faisnéis faoin gcaoi ar féidir sonraí úsáideora a bhaint go slán;
   (e) an chaoi ar féidir an socrú réamhshocraithe lena gcumasaítear suiteáil uathoibríoch nuashonruithe slándála, mar a cheanglaítear le Cuid I, pointe (2)(c), d'Iarscríbhinn I, a chasadh as;
   (f) i gcás ina bhfuil sé beartaithe an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chomhtháthú i dtáirgí eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha, an fhaisnéis is gá chun go gcomhlíonfaidh an suimeálaí na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus na ceanglais doiciméadachta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.
9. Má chinneann an monaróir an liosta ábhar bogearraí a chur ar fáil don úsáideoir, faisnéis faoin áit ar féidir rochtain a fháil ar an liosta ábhar bogearraí.

IARSCRÍBHINN III

TÁIRGÍ TÁBHACHTACHA AG A BHFUIL EILIMINTÍ DIGITEACHA

Aicme I

1. Córais bainistithe céannachta agus bogearraí agus crua-earraí bainistithe rochtana pribhléidithe, lena n-áirítear fíordheimhniú agus léitheoirí rialaithe rochtana, lena n-áirítear léitheoirí bithmhéadracha
2. Brabhsálaithe neamhspleácha agus brabhsálaithe leabaithe
3. Bainisteoirí pasfhocal
4. Bogearraí lena ndéantar bogearraí mailíseacha a chuardach, a bhaint nó a chur ar coraintín
5. Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil feidhm acu mar líonra príobháideach fíorúil (VPN)
6. Córais bainistíochta líonraí
7. Córais bainistíochta faisnéise slándála agus teagmhas slándála (SIEM)
8. Bainisteoirí bútála
9. Príomhbhonneagar poiblí agus bogearraí eisiúna deimhnithe dhigitigh
10. Comhéadain fhisiceacha agus fhíorúla líonra
11. Córais oibriúcháin
12. Ródairí, móideimí atá beartaithe lena nascadh leis an idirlíon agus lasca
13. Micreaphróiseálaithe a bhfuil feidhmiúlachtaí slándála acu
14. Micririalaitheoirí a bhfuil feidhmiúlachtaí slándála acu
15. Ciorcaid chomhtháite aonfheidhmeacha (ASIC) agus eagair geataí in-ríomhchláraithe sa réimse (FPGA) a bhfuil feidhmiúlachtaí slándála acu
16. Cúntóirí fíorúla baile cliste ilfheidhmeacha
17. Táirgí baile cliste a bhfuil feidhmiúlachtaí slándála acu, lena n-áirítear glais dorais chliste, ceamaraí slándála, córais faireacháin leanaí agus córais aláraim
18. Bréagáin atá nasctha leis an idirlíon a chumhdaítear le Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] ag a bhfuil gnéithe idirghníomhacha sóisialta (e.g. labhairt nó scannánú) nó ag a bhfuil gnéithe rianaithe suímh
19. Táirgí inchaite pearsanta atá le caitheamh nó le cur ar chorp an duine ag a bhfuil críoch faireacháin sláinte (amhail rianú) agus nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2017/745 ná (AE) 2017/746 maidir leo, nó táirgí inchaite pearsanta atá beartaithe lena n-úsáid ag leanaí agus le haghaidh leanaí

Aicme II

1. Hipearmhaoirseoirí agus córais ama rite coimeádán lena dtacaítear le rith fíorúlaithe córas oibriúcháin agus timpeallachtaí comhchosúla
2. Ballaí dóiteáin, córais braite ionraidh agus córais choisc
3. Micreaphróiseálaithe nach féidir baint dóibh
4. Micririalaitheoirí nach féidir baint dóibh

[1] Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán (IO L 170, 30.6.2009, lch. 1).

IARSCRÍBHINN IV

TÁIRGÍ CRITICIÚLA AG A BHFUIL EILIMINTÍ DIGITEACHA

1. Gléasanna Crua-earraí le Boscaí Slándála
2. Geataí méadair chliste laistigh de chórais méadraithe chliste mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (23) de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] agus gléasanna eile chun críoch ardslándála, lena n-áirítear le haghaidh cripteaphróiseáil shlán
3. Cártaí cliste nó gléasanna comhchosúla, lena n-áirítear eilimintí slána

[1] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

IARSCRÍBHINN V

DEARBHÚ COMHRÉIREACHTA DE CHUID AE

Beidh an fhaisnéis seo a leanas uile i ndearbhú comhréireachta AE dá dtagraítear in Airteagal 28:

1. Ainm agus cineál agus aon fhaisnéis bhreise lena gcumasaítear sainaithint uathúil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha
2. Ainm agus seoladh an mhonaróra nó ionadaí údaraithe an mhonaróra sin
3. Ráiteas gur faoi fhreagracht aonair an tsoláthraí a eisítear dearbhú comhréireachta AE
4. Cuspóir an dearbhúcháin (aitheantas an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena gceadaítear inrianaitheacht, lena bhféadfaí grianghraf a áireamh, i gcás inarb iomchuí)
5. Ráiteas go bhfuil cuspóir an dearbhúcháin ar a dtugtar tuairisc thuas i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais um chomhchuibhiú
6. Tagairtí d'aon chaighdeán comhchuibhithe ábhartha eile a úsáidtear nó aon sonraíocht choiteann nó deimhniúchán cibearshlándála eile a ndearbhaítear comhréireacht ina leith
7. I gcás inarb infheidhme, ainm agus uimhir an chomhlachta faoina dtugtar fógra, tuairisc ar an nós imeachta um measúnú comhréireachta agus sainaithint an deimhnithe a eisíodh
8. Faisnéis bhreise:

   Arna shíniú thar ceann:

   (áit agus dáta eisiúna):

   (ainm, feidhm) (síniú):

IARSCRÍBHINN VI

LEAGAN SIMPLITHE DE DHEARBHÚ COMHRÉIREACHTA DE CHUID AE

Soláthrófar an leagan simplithe de dhearbhú comhréireachta AE dá dtagraítear in Airteagal 13(20) mar a leanas:

Leis seo, dearbhaíonn … [ainm an mhonaróra] go bhfuil an cineál táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha … [ainmniú an chineáil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha] i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/2847 ([1]).

Tá téacs iomlán dhearbhú comhréireachta AE ar fáil ag an seoladh idirlín seo a leanas: …

([1]) IO L, 2024/2847, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2847/oj.

IARSCRÍBHINN VII

ÁBHAR NA DOICIMÉADACHTA TEICNIÚLA

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 31, de réir mar is infheidhme maidir leis an táirge ábhartha ag a bhfuil eilimintí digiteacha:

1. tuairisc ghinearálta ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena gcuimsítear an méid seo a leanas:
   (a) an chríoch a beartaíodh dó;
   (b) leaganacha de bhogearraí a dhéanann difear don chomhlíontacht leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha;
   (c) i gcás inar táirge crua-earraí é an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, grianghraif nó léaráidí a léiríonn na gnéithe seachtracha, an mharcáil agus an leagan amach inmheánach;
   (d) faisnéis agus treoracha le haghaidh an úsáideora mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II;
2. tuairisc ar dhearadh, ar fhorbairt agus ar tháirgeadh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus ar phróisis láimhseála leochaileachtaí, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
   (a) faisnéis riachtanach faoi dhearadh agus faoi fhorbairt an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme, líníochtaí agus scéimeanna agus/nó tuairisc ar ollstruchtúr an chórais lena mínítear an chaoi a gcuireann na comhpháirteanna bogearraí le chéile nó an tionchar a bhíonn acu ar a chéile agus conas a chomhtháthaítear iad sa phróiseáil fhoriomlán;
   (b) faisnéis riachtanach agus sonraíochtaí maidir leis na próisis láimhseála leochaileachtaí arna gcur i bhfeidhm ag an monaróir, lena n-áirítear an liosta ábhar bogearraí, an beartas um nochtadh comhordaithe leochaileachtaí, fianaise ar sheoladh teagmhála a sholáthar chun leochaileachtaí a thuairisciú agus tuairisc ar na réitigh theicniúla a roghnaítear chun nuashonruithe a dháileadh go slán;
   (c) faisnéis riachtanach agus sonraíochtaí maidir le próisis táirgthe agus faireacháin le haghaidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus maidir le bailíochtú na bpróiseas sin.
3. measúnú ar na rioscaí cibearshlándála ar ina n-aghaidh a dhéantar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh, a chur ar fáil agus a choinneáil ar bun de bhun Airteagal 13, lena n-áirítear an chaoi a bhfuil na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn 1 infheidhme;
4. faisnéis ábhartha a cuireadh san áireamh chun an tréimhse thacaíochta de bhun Airteagal 13(8) den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chinneadh;
5. liosta de na caighdeáin chomhchuibhithe a cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine nó i bpáirt agus ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, sonraíochtaí coiteanna mar a leagtar amach in Airteagal 27 den Rialachán seo nó scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2019/881 de bhun Airteagal 27(8) den Rialachán seo, agus, i gcás nár cuireadh i bhfeidhm na caighdeáin chomhchuibhithe, na sonraíochtaí coiteanna ná na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála sin, tuairiscí ar na réitigh a glacadh chun na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCodanna I agus II d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh, lena n-áirítear liosta de na sonraíochtaí teicniúla ábhartha eile a cuireadh i bhfeidhm. I gcás caighdeáin chomhchuibhithe, sonraíochtaí coiteanna nó scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a bheith i bhfeidhm i bpáirt, sonrófar sa doiciméadacht theicniúil na codanna a cuireadh i bhfeidhm;
6. tuairiscí ar na tástálacha a rinneadh chun a fhíorú go gcomhlíonann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus na próisis láimhseála leochaileachtaí na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha is infheidhme mar leagtar amach i gCodanna I agus II d'Iarscríbhinn I;
7. cóip de dhearbhú comhréireachta AE;
8. i gcás inarb infheidhme, an liosta ábhar bogearraí, i ndiaidh iarraidh réasúnaithe ó údarás um fhaireachas margaidh ar choinníoll go bhfuil gá leis chun go mbeidh an t-údarás sin in ann comhlíontacht leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a sheiceáil.

IARSCRÍBHINN VIII

NÓSANNA IMEACHTA UM MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

Cuid I Nós imeachta um measúnú comhréireachta bunaithe ar an rialú inmheánach (bunaithe ar mhodúl A)

1. Is é atá sa rialú inmheánach an nós imeachta um measúnú comhréireachta lena gcomhlíonann an monaróir na hoibleagáidí a leagtar amach i bpointí 2, 3 agus 4 den Chuid seo, agus lena n-áirithíonn sé agus lena ndearbhaíonn sé ar a fhreagracht aonair go gcomhlíonann na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha uile a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I agus go gcomhlíonann an monaróir na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I.

2. Tarraingeoidh an monaróir suas an doiciméadacht theicniúil a shonraítear in Iarscríbhinn VII.

3. Dearadh, forbairt, táirgeadh agus láimhseáil leochaileachtaí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha

   Déanfaidh an monaróir gach beart is gá chun go n-áiritheofar leis na próisis deartha, forbartha, táirgthe agus láimhseála leochaileachtaí agus leis an bhfaireachán a dhéantar ar na próisis sin go gcomhlíonann na táirgí monaraithe nó forbartha ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus na próisis arna gcur i bhfeidhm ag an monaróir na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCodanna I agus II d'Iarscríbhinn I.

4. Marcáil chomhréireachta agus dearbhú comhréireachta

   4.1. Greamóidh an monaróir an mharcáil CE de gach táirge aonair ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a chomhlíonann na ceanglais is infheidhme a leagtar amach sa Rialachán seo.

   4.2. Tarraingeoidh an monaróir suas dearbhú comhréireachta de chuid AE i scríbhinn le haghaidh gach táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i gcomhréir le hAirteagal 28 agus coinneoidh sé in éineacht leis an doiciméadacht theicniúil é agus cuirfidh sé ar fáil do na húdaráis náisiúnta é go ceann 10 mbliana tar éis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh nó ar feadh na tréimhse tacaíochta, cibé acu is faide Le dearbhú comhréireachta AE, sainaithneofar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar tarraingíodh an dearbhú comhréireachta suas ina leith. Déanfar cóip de dhearbhú comhréireachta AE a chur ar fáil do na húdaráis ábhartha arna iarraidh sin.

5. Ionadaithe údaraithe

   Oibleagáidí an mhonaróra a leagtar amach i bpointe 4, féadfaidh a ionadaí údaraithe na hoibleagáidí a chomhlíonadh thar a cheann, agus faoina fhreagracht, ar choinníoll go sonrófar na hoibleagáidí ábhartha sa sainordú.

Cuid II Cineálscrúdú AE (bunaithe ar mhodúl B)

1. Is cuid de nós imeachta um measúnú comhréireachta é an cineálscrúdú AE lena ndéanann comhlacht faoina dtugtar fógra scrúdú ar dhearadh teicniúil agus ar fhorbairt theicniúil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus ar na próisis láimhseála leochaileachtaí arna gcur i bhfeidhm ag an monaróir, agus lena bhfianaíonn sé go gcomhlíonann táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid d'Iarscríbhinn I agus go gcomhlíonann an monaróir na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I.

2. Déanfar cineálscrúdú AE trí mheasúnú a dhéanamh ar leormhaitheas dhearadh teicniúil an táirge agus fhorbairt theicniúil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha tríd an scrúdú ar an doiciméadacht theicniúil agus ar an bhfianaise thacaíochta dá dtagraítear i bpointe 3, agus an scrúdú ar eiseamail de chuid chriticiúil amháin den táirge nó níos mó ná sin (meascán den chineál táirge agus den chineál deartha).

3. Cuirfidh an monaróir iarratas ar chineálscrúdú AE faoi bhráid comhlacht amháin dá rogha féin faoina dtugtar fógra.

   Beidh na nithe seo a leanas san iarratas:

   3.1. ainm agus seoladh an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a chuireann an t-iarratas isteach, ainm agus seoladh an ionadaí údaraithe sin freisin;

   3.2. dearbhú i scríbhinn nár cuireadh an t-iarratas céanna faoi bhráid aon chomhlachta eile faoina dtugtar fógra;

   3.3. an doiciméadacht theicniúil, lena mbeifear in ann measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha is infheidhme mar a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I agus ar phróisis láimhseála leochaileachtaí an mhonaróra a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I, agus cuimseofar sa doiciméadacht theicniúil freisin anailís agus measúnú leormhaith ar na rioscaí. Sonrófar sa doiciméadacht theicniúil na ceanglais is infheidhme agus cumhdófar inti, a mhéid is ábhartha don mheasúnú, dearadh, monarú agus oibriú an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Beidh sa doiciméadacht theicniúil, i gcás inarb infheidhme, na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII ar a laghad;

3.4. an fhianaise thacaíochta le haghaidh leorgacht na réiteach deartha theicniúil agus forbartha teicniúla agus na bpróiseas láimhseála leochaileachtaí. Luafar san fhianaise thacaíochta sin aon doiciméad a úsáideadh, go háirithe i gcás nár cuireadh na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha agus na sonraíochtaí teicniúla i bhfeidhm ina n-iomláine. Áireofar san fhianaise thacaíochta, i gcás inar gá, torthaí na dtástálacha a rinne saotharlann iomchuí an mhonaróra nó a rinne saotharlann tástála eile thar a cheann agus faoina fhreagracht.

4. Déanfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra an méid seo a leanas:

4.1. déanfaidh sé scrúdú ar an doiciméadacht theicniúil agus ar an bhfianaise thacaíochta chun measúnú a dhéanamh ar leorgacht dhearadh teicniúil agus fhorbairt theicniúil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i ndáil leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I agus ar leorgacht na bpróiseas láimhseála leochaileachtaí arna gcur i bhfeidhm ag an monaróir i ndáil leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I;

4.2. fíoróidh sé gur forbraíodh nó gur monaraíodh eiseamail i gcomhréir leis an doiciméadacht theicniúil, agus sainaithneoidh sé na heilimintí a dearadh agus a forbraíodh i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme de na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó de na sonraíochtaí teicniúla, mar aon leis na heilimintí a dearadh agus a forbraíodh gan forálacha ábhartha na gcaighdeán sin a chur i bhfeidhm;

4.3. déanfaidh sé scrúduithe agus tástálacha iomchuí nó cuirfidh sé á ndéanamh iad, chun a sheiceáil, i gcás inar roghnaigh an monaróir na réitigh atá sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó sna sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chur i bhfeidhm, ar cuireadh i bhfeidhm i gceart iad;

4.4. déanfaidh sé scrúduithe agus tástálacha iomchuí nó cuirfidh sé á ndéanamh iad, chun a sheiceáil, i gcás nár cuireadh i bhfeidhm na réitigh atá sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó sna sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn I, an gcomhlíonann na réitigh a ghlac an monaróir na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha;

4.5. comhaontóidh sé leis an monaróir an suíomh ar a ndéanfar na scrúduithe agus na tástálacha.

5. An comhlacht faoina dtugtar fógra, tarraingeoidh sé suas tuarascáil mheastóireachta ina gclárófar na gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le pointe 4 maille lena dtoradh. Gan dochar dá oibleagáidí i leith na n-údarás a thugann fógra, ní scaoilfidh an comhlacht faoina dtugtar fógra ábhar na tuarascála sin, ina iomláine nó i bpáirt, ach tar éis comhaontú a fháil ón monaróir.

6. I gcás ina gcomhlíonfaidh an cineál agus na próisis láimhseála leochaileachtaí na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, eiseoidh an comhlacht faoina dtugtar fógra deimhniú ar chineálscrúdú AE chuig an monaróir. Ar an deimhniú sin beidh ainm agus seoladh an mhonaróra, conclúidí an scrúdaithe, na coinníollacha bailíochta (más ann dóibh) agus na sonraí is gá chun an cineál formheasta agus na próisis láimhseála leochaileachtaí a shainaithint. Féadfaidh iarscríbhinn amháin nó níos mó ná sin a bheith ag gabháil leis an deimhniú.

Sa deimhniú agus sna hiarscríbhinní a ghabhann leis, beidh an fhaisnéis ábhartha uile chun gur féidir meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na dtáirgí monaraithe nó forbartha ag a bhfuil eilimintí digiteacha leis an gcineál a scrúdaíodh agus ar na próisis láimhseála leochaileachtaí agus chun gur féidir rialú inseirbhíse a dhéanamh.

I gcás nach gcomhlíonann an cineál ná na próisis láimhseála leochaileachtaí na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn I, diúltóidh an comhlacht faoina dtugtar fógra deimhniú ar chineálscrúdú AE a eisiúint agus cuirfidh sé é sin in iúl don iarratasóir, agus tabharfaidh sé cúiseanna mionsonraithe lena dhiúltú.

7. Coinneoidh an comhlacht faoina dtugtar fógra é féin ar an eolas faoi aon athrú ar staid na teicníochta lena nglactar go ginearálta, athruithe a chiallaíonn go bhféadfadh sé nach gcomhlíonann an cineál formheasta ná na próisis láimhseála leochaileachtaí na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha is infheidhme a leagtar amach in Iarscríbhinn I a thuilleadh, agus cinnfidh sé an gá imscrúdú breise a dhéanamh de bharr na n-athruithe sin. Más gá, cuirfidh an comhlacht faoina dtugtar fógra an monaróir ar an eolas dá réir.

Na modhnuithe uile ar an gcineál formheasta agus ar na próisis láimhseála leochaileachtaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chomhréireacht leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó do choinníollacha bailíochta an deimhnithe, cuirfidh an monaróir na modhnuithe sin in iúl don chomhlacht faoina dtugtar fógra ag a bhfuil an doiciméadacht theicniúil a bhaineann leis an deimhniú ar chineálscrúdú AE. Leis na modhnuithe sin, éileofar formheas breise i riocht breise a chuirtear leis an mbundeimhniú ar chineálscrúdú AE.

8. Déanfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra iniúchtaí tréimhsiúla chun a áirithiú go ndéanfar na próisis láimhseála leochaileachtaí a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I a chur chun feidhme go leormhaith.

9. Gach comhlacht faoina dtugtar fógra, déanfaidh sé na húdaráis a thugann fógra dó a chur ar an eolas maidir le deimhnithe ar chineálscrúdú AE agus maidir le breiseanna a ghabhann leo a d'eisigh sé nó a tharraing sé siar, agus cuirfidh sé an liosta de dheimhnithe agus d'aon bhreis a diúltaíodh, a cuireadh ar fionraí nó a teorannaíodh ar bhealach eile ar fáil do na húdaráis a thugann fógra dó ar bhonn tréimhsiúil nó arna iarraidh sin dóibh.

   Gach comhlacht faoina dtugtar fógra, cuirfidh sé na comhlachtaí eile faoina dtugtar fógra ar an eolas maidir le deimhnithe ar chineálscrúdú AE agus maidir le haon bhreis a dhiúltaigh sé nó a tharraing sé siar, a chuir sé ar fionraí nó a theorannaigh sé ar bhealach eile agus, arna iarraidh sin air, maidir le deimhnithe agus/nó breiseanna a d'eisigh sé.

   Féadfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus na comhlachtaí eile faoina dtugtar fógra cóip a fháil de na deimhnithe ar chineálscrúdú AE agus d'aon bhreiseanna a ghabhann leo arna iarraidh sin dóibh. Arna iarraidh sin, féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit cóip a fháil den doiciméadacht theicniúil agus de thorthaí na scrúduithe a rinne an comhlacht faoina dtugtar fógra. An comhlacht faoina dtugtar fógra, coinneoidh sé cóip den deimhniú ar chineálscrúdú AE, de na hiarscríbhinní agus de na breiseanna a ghabhann leis, agus den chomhad teicniúil lena n-áirítear an doiciméadacht a chuir an monaróir isteach, go dtí go rachaidh bailíocht an deimhnithe sin in éag.

10. Maidir le deimhniú ar chineálscrúdú AE, na hiarscríbhinní agus na breiseanna a ghabhann leis, chomh maith leis an doiciméadacht theicniúil, cuirfidh an monaróir cóip díobh ar fáil do na húdaráis náisiúnta go ceann 10 mbliana tar éis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh nó ar feadh na tréimhse tacaíochta, cibé acu is faide.

11. Féadfaidh ionadaí údaraithe an mhonaróra an t-iarratas dá dtagraítear i bpointe 3 a chur isteach agus na hoibleagáidí a leagtar amach i bpointe 7 agus i bpointe 10 a chomhlíonadh, ar choinníoll go sonrófar na hoibleagáidí ábhartha sa sainordú.

Cuid III Cineálchomhréireacht bunaithe ar an rialú inmheánach ar an táirgeadh (bunaithe ar mhodúl C)

1. Is éard atá sa chineálchomhréireacht bunaithe ar an rialú inmheánach ar an táirgeadh an chuid de nós imeachta um measúnú comhréireachta lena gcomhlíonann an monaróir na hoibleagáidí a leagtar amach i bpointí 2 agus 3 den Chuid seo, agus lena n-áirithíonn sé agus lena ndearbhaíonn sé go bhfuil na táirgí lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha i gcomhréir leis an gcineál a dtugtar tuairisc air sa deimhniú ar chineálscrúdú AE agus go gcomhlíonann siad na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I agus go gcomhlíonann an monaróir na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I.

2. Táirgeadh

   Déanfaidh an monaróir na bearta uile is gá chun go n-áiritheofar leis an táirgeadh agus leis an bhfaireachán a dhéantar ar an táirgeadh go bhfuil na táirgí monaraithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha i gcomhréir leis an gcineál formheasta a dtugtar tuairisc air sa deimhniú ar chineálscrúdú AE agus leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I agus go n-áiritheofar leo go gcomhlíonann an monaróir na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I.

3. Marcáil chomhréireachta agus dearbhú comhréireachta

   3.1. Greamóidh an monaróir an mharcáil CE de gach táirge aonair ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá i gcomhréir leis an gcineál a dtugtar tuairisc air sa deimhniú ar chineálscrúdú AE agus a chomhlíonann na ceanglais is infheidhme a leagtar amach sa Rialachán seo.

   3.2. Tarraingeoidh an monaróir suas dearbhú comhréireachta i scríbhinn do mhúnla táirge agus cuirfidh sé ar fáil do na húdaráis náisiúnta é go ceann 10 mbliana tar éis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh nó ar feadh na tréimhse tacaíochta, cibé acu is faide. Leis an dearbhú comhréireachta, sainaithneofar an múnla táirge ar tarraingíodh suas an dearbhú ina leith. Cuirfear cóip den dearbhú comhréireachta ar fáil do na húdaráis ábhartha arna iarraidh sin.

4. Ionadaí údaraithe

   Oibleagáidí an mhonaróra a leagtar amach i bpointe 3, féadfaidh a ionadaí údaraithe na hoibleagáidí a chomhlíonadh thar a cheann, agus faoina fhreagracht, ar choinníoll go sonrófar na hoibleagáidí ábhartha sa sainordú.

Cuid IV Comhréireacht bunaithe ar dhearbhú iomlán cáilíochta (bunaithe ar mhodúl H)

1. Is é atá sa chomhlíontacht bunaithe ar dhearbhú iomlán cáilíochta an nós imeachta um measúnú comhréireachta lena gcomhlíonann an monaróir na hoibleagáidí a leagtar amach i bpointí 2 agus 5 den Chuid seo, agus lena n-áirithíonn sé agus lena ndearbhaíonn sé ar a fhreagracht aonair go gcomhlíonann na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó na catagóirí táirgí lena mbaineann na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I agus go gcomhlíonann na próisis láimhseála leochaileachtaí arna gcur i bhfeidhm ag an monaróir na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I.

2. Dearadh, forbairt, táirgeadh agus láimhseáil leochaileachtaí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha

Oibreoidh an monaróir córas cáilíochta formheasta mar a shonraítear i bpointe 3 chun na táirgí lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhearadh, a fhorbairt agus chun cigireacht agus tástáil a dhéanamh ar an táirge deiridh agus chun leochaileachtaí a láimhseáil, coinneoidh sé a éifeachtacht ar feadh na tréimhse tacaíochta, agus beidh sé faoi réir faireachais de réir mar a shonraítear i bpointe 4.

3. Córas cáilíochta

3.1. Taiscfidh an monaróir iarratas ar mheasúnú ar a chóras cáilíochta leis an gcomhlacht faoina dtugtar fógra dá rogha féin, le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

Beidh na nithe seo a leanas san iarratas:

(a) ainm agus seoladh an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, ainm agus seoladh an ionadaí údaraithe sin;

(b) an doiciméadacht theicniúil maidir le múnla amháin de gach catagóir táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil sé beartaithe iad a mhonarú nó a fhorbairt. Beidh sa doiciméadacht theicniúil, i gcás inarb infheidhme, na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII ar a laghad;

(c) an doiciméadacht a bhaineann leis an gcóras cáilíochta; agus

(d) dearbhú i scríbhinn nár cuireadh an t-iarratas céanna faoi bhráid aon chomhlachta eile faoina dtugtar fógra.

3.2. Leis an gcóras cáilíochta, áiritheofar go gcomhlíonann na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I agus go gcomhlíonann na próisis láimhseála leochaileachtaí arna gcur i bhfeidhm ag an monaróir na ceanglais a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I.

Déanfar na heilimintí, na ceanglais agus na forálacha uile a ghlacann an monaróir a dhoiciméadú ar bhealach córasach eagraithe i bhfoirm beartas, nósanna imeachta agus treoracha i scríbhinn. Leis an doiciméadacht sin maidir leis an gcóras cáilíochta, beifear in ann léirléamh comhsheasmhach a dhéanamh ar na cláir, na pleananna, na lámhleabhair agus na taifid cháilíochta.

Sa doiciméadacht sin, beidh tuairisc leormhaith ar na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) na cuspóirí cáilíochta agus an struchtúr eagraíochtúil, freagrachtaí agus cumhachtaí na bainistíochta ó thaobh deartha, forbartha agus cháilíocht an táirge de agus ó thaobh na láimhseála leochaileachtaí de;

(b) na sonraíochtaí maidir leis an dearadh teicniúil agus leis an bhforbairt theicniúil, lena n-áirítear na caighdeáin, a chuirfear i bhfeidhm agus, i gcás nach gcuirfear na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha ná na sonraíochtaí teicniúla i bhfeidhm ina n-iomláine, an modh a úsáidfear chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I a bhfuil feidhm acu maidir leis na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha;

(c) na sonraíochtaí nós imeachta, lena n-áirítear na caighdeáin, a chuirfear i bhfeidhm agus, i gcás nach gcuirfear na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha ná na sonraíochtaí teicniúla i bhfeidhm ina n-iomláine, an modh a úsáidfear chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I a bhfuil feidhm acu maidir leis an monaróir;

(d) an rialú deartha agus forbartha, mar aon leis na teicnící fíorúcháin, na próisis agus na gníomhaíochtaí córasacha deartha agus forbartha a úsáidfear nuair a bheidh na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhaineann leis an gcatagóir a chumhdaítear á ndearadh agus á bhforbairt;

(e) na teicnící, na próisis agus na gníomhaíochtaí córasacha comhfhreagracha a úsáidfear maidir leis an táirgeadh, an rialú cáilíochta agus an dearbhú cáilíochta;

(f) na scrúduithe agus na tástálacha a dhéanfar roimh an táirgeadh, lena linn agus ina dhiaidh, agus tuairisc ar a mhinice a dhéanfar iad;

(g) na taifid ar cháilíocht, mar shampla tuarascálacha cigireachta agus sonraí tástála, sonraí calabraithe agus tuarascálacha ar cháilíocht an phearsanra lena mbaineann;

(h) na modhanna chun faireachán a dhéanamh ar ghnóthú na cáilíochta deartha agus táirge is gá agus ar oibriú éifeachtach an chórais cáilíochta.

3.3. Déanfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra measúnú ar an gcóras cáilíochta chun a chinneadh an gcomhlíonann sé na ceanglais dá dtagraítear i bpointe 3.2.

Toimhdeoidh sé comhréireacht leis na ceanglais sin i leith na n-eilimintí den chóras cáilíochta a chomhlíonann sonraíochtaí comhfhreagracha an chaighdeáin náisiúnta lena gcuirtear an caighdeán comhchuibhithe ábhartha nó an tsonraíocht theicniúil i bhfeidhm.

Chomh maith leis an taithí ar chórais bainistíochta cáilíochta, beidh ar an bhfoireann iniúchóireachta ball amháin ar a laghad ag a bhfuil taithí mar mheasúnóir i réimse an táirge ábhartha agus i dteicneolaíocht an táirge lena mbaineann, agus beidh eolas aige nó aici ar na ceanglais is infheidhme a leagtar amach sa Rialachán seo. Mar chuid den iniúchadh, tabharfar cuairt ar áitreabh an mhonaróra chun measúnú a dhéanamh, i gcás inar ann don áitreabh sin. Athbhreithneoidh an fhoireann iniúchóireachta an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear i bpointe 3.1 (b),, chun cumas an mhonaróra a fhíorú i dtaca leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach sa Rialachán seo a shainaithint, agus na scrúduithe is gá a dhéanamh d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha na ceanglais sin.

Tabharfar fógra don mhonaróir nó dá ionadaí údaraithe faoin gcinneadh sin.

Beidh conclúidí an iniúchta agus an cinneadh réasúnaithe maidir leis an measúnú san fhógra.

3.4. Geallfaidh an monaróir go gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí a eascróidh ón gcóras cáilíochta mar atá formheasta agus go gcoinneoidh sé ar bun é ionas go mbeidh sé leormhaith agus éifeachtúil i gcónaí.

3.5. An comhlacht faoina dtugtar fógra, comhlacht a rinne an córas cáilíochta a fhormheas, coinneoidh an monaróir ar an eolas é maidir le haon athrú atá beartaithe ar an gcóras cáilíochta.

Déanfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra meastóireacht ar aon athrú atá beartaithe agus cinnfidh sé an leanfaidh an córas cáilíochta modhnaithe de na ceanglais dá dtagraítear i bpointe 3.2 a chomhlíonadh nó an gá athmheasúnú a dhéanamh.

Tabharfaidh sé fógra don mhonaróir faoina chinneadh. Beidh conclúidí an scrúdaithe agus an cinneadh réasúnaithe maidir leis an measúnú san fhógra sin.

4. Faireachas faoi chúram an chomhlachta faoina dtugtar fógra

4.1. Is é is aidhm don fhaireachas a áirithiú go gcomhlíonann an monaróir go cuí na hoibleagáidí a eascraíonn ón gcóras cáilíochta formheasta.

4.2. Chun críoch measúnaithe, tabharfaidh an monaróir rochtain ar na láithreáin deartha, forbartha, táirgthe, chigireachta, tástála agus stórála don chomhlacht faoina dtugtar fógra agus tabharfaidh sé an fhaisnéis uile is gá dó, go háirithe an méid seo a leanas:

(a) an doiciméadacht a bhaineann leis an gcóras cáilíochta;

(b) na taifid cháilíochta dá bhforáiltear sa chuid den chóras cáilíochta a bhaineann le dearadh, amhail torthaí anailísí, ríomhanna agus tástálacha;

(c) na taifid cháilíochta dá bhforáiltear sa chuid den chóras cáilíochta a bhaineann le monaraíocht, amhail tuarascálacha cigireachta agus sonraí tástála, sonraí calabrúcháin agus tuarascálacha ar cháilíocht an phearsanra lena mbaineann.

4.3. Déanfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra iniúchtaí tréimhsiúla chun a áirithiú go gcoinneoidh an monaróir an córas cáilíochta ar bun agus go gcuirfidh sé i bhfeidhm é agus tabharfaidh sé tuarascáil ar an iniúchadh don mhonaróir.

5. Marcáil chomhréireachta agus dearbhú comhréireachta

5.1. Greamóidh an monaróir an mharcáil CE agus, faoi fhreagracht an chomhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear i mír 3.1, uimhir aitheantais an chomhlachta faoina dtugtar fógra, de gach táirge aonair ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I

5.2. Tarraingeoidh an monaróir suas dearbhú comhréireachta i scríbhinn le haghaidh gach múnla táirge agus cuirfidh sé ar fáil do na húdaráis náisiúnta é go ceann 10 mbliana tar éis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh nó ar feadh na tréimhse tacaíochta, cibé acu is faide Leis an dearbhú comhréireachta, sainaithneofar an múnla táirge ar tarraingíodh suas an dearbhú ina leith.

Cuirfear cóip den dearbhú comhréireachta ar fáil do na húdaráis ábhartha arna iarraidh sin.

6. Ar feadh tréimhse dar críoch 10 mbliana ar a laghad tar éis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh nó ar feadh na tréimhse tacaíochta, cibé acu is faide, coinneoidh an monaróir na nithe seo a leanas ar fáil do na húdaráis náisiúnta:

(a) an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear i bpointe 3.1;

(b) an doiciméadacht a bhaineann leis an gcóras cáilíochta dá dtagraítear i bpointe 3.1;

(c) an t-athrú dá dtagraítear i bpointe 3.5, mar a formheasadh;

(d) cinntí agus tuarascálacha an chomhlachta faoina dtugtar fógra dá dtagraítear i bpointí 3.5 agus 4.3.

7. Gach comhlacht faoina dtugtar fógra, cuirfidh sé na húdaráis a thugann fógra dó ar an eolas faoi fhormheasanna córais cáilíochta a eisíodh nó a tarraingíodh siar, agus cuirfidh sé ar fáil do na húdaráis a thugann fógra dó, ar bhonn tréimhsiúil nó arna iarraidh sin, liosta de na formheasanna córais cáilíochta a diúltaíodh, a cuireadh ar fionraí nó a teorannaíodh ar bhealach eile.

Gach comhlacht faoina dtugtar fógra, déanfaidh sé na comhlachtaí eile faoina dtugtar fógra a chur ar an eolas faoi fhormheasanna córais cáilíochta a dhiúltaigh sé, a chuir sé ar fionraí nó a tharraing sé siar agus, arna iarraidh sin dó, cuirfidh sé ar an eolas iad faoi fhormheasanna córais cáilíochta a d'eisigh sé.

8. Ionadaí údaraithe

Oibleagáidí an mhonaróra a leagtar amach i bpointí 3.1, 3.5, 5 agus 6, féadfaidh ionadaí údaraithe an mhonaróra na hoibleagáidí a chomhlíonadh thar a cheann agus faoina fhreagracht, ar choinníoll go sonrófar sa sainordú iad.

Rinneadh ráiteas maidir leis an ngníomh seo agus is féidir teacht air in OJ C, 2024/6786, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6786/oj.